

STRAITÉIS NÁISIÚNTA: LITEARTHACHT AGUS UIMHEARTHACHT DON FHOGHLAIM AGUS DON SAOL, 2011-2020

Athbhreithniú Eatramhach: 2011-2016

TUISMITHEOIRÍ AGUS POBAIL

TEAGASC

CEANNAIREACHT

CURACLAM

DUL I NGLEIC LE MÍBHUNTAÍSTE

OIDEACHASÚIL

MEASÚNÚ AGUS MEASTÓIREACHT



AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS

Márta 2017

TUISMITHEOIRÍ AGUS POBAIL

TEAGASC

CEANNAIREACHT

CURACLAM

DUL I NGLEIC LE MÍBHUNTAÍSTE

OIDEACHASÚIL

MEASÚNÚ AGUS MEASTÓIREACHT

STRAITÉIS NÁISIÚNTA:
LITEARTHACHT AGUS UIMHEARTHACHT DON
FHOGHLAIM AGUS DON SAOL, 2011-2020
Athbhreithniú Eatramhach: 2011-2016



BROLLACH

IS PRÍOMHSCILEANNA IAD A BHEITH LITEARTHA AGUS A BHEITH UIMHEARTHA A CHUIREANN AR CHUMAS ÁR NDAOINE ÓGA, MAR SHAORÁNAIGH SA TODHCHAÍ, FOGHLAIM, TAITNEAMH A FHÁIL AGUS PÁIRT A GHLACADH GO MUINÍNEACH SNA HEALAÍONA, SNA HEOLAÍOCHTAÍ AGUS I NGACH GNÉ DEN GHNÁTHSHAOL Ó LÁ GO LÁ.

Is í fíis an Rialtais seo ár ndul chun cinn eacnamaíochta a choinneáil agus é a úsáid chun sochaí chothrom agus bháil a thógáil. Is chuige sin a d'fhoilsíomar agus a thosaíomar ar an *bPlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019* a chur i bhfeidhm, plean a bhfuil sé mar aidhm aige go mbeidh córas oideachais agus oiliúna na hÉireann ar an gceann is fearr san Eoraip thar na 9 mbliana atá romhainn.

Sa bhliain 2011, foilsíodh an *Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020*. Leagtar amach ann fíis chun caighdeán a ardú inár suíomhanna luathbhlianta agus scoileanna, i bhfianaise na himní suntasaí (go háirithe, i ndiaidh PISA 2009) maidir le gnóthachtáil sna bunscoileanna seo.

Ba chóir do chách a bheith bródúil as a bhfuil bainte amach go dtí seo. Tá cuid mhór den rath seo ann mar thoradh ar thiomantas na gcleachtóirí i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ), na múinteoirí agus na gceannairí scoile, na dtuismitheoirí agus na mbainisteoirí scoile, na foirne sna seirbhísí tacaíochta éagsúla, oideachasóirí múinteoirí agus raon de chomhlachtaí, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile, agus go háirithe na ndaoine óga a d'oibrigh chomh dian sin chun feabhas a chur ar a scileanna litearthachta agus uimhearthachta. Chuir tacaíocht agus acmhainní ó mo Roinnse bonn le tiomantais den sórt sin.

Is iomaí gné atá leis na gealltanais a cuireadh i gcrích le sé bliana anuas. Baineann siad le leasuithe san Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM) agus sa tacaíocht thiomanta do cheannairí scoile agus d'fhoghlaim ghairmiúil na múinteoirí. Thug leasú curaclaim, go háirithe sa bhunscoil agus sa tsraith shóisearach, tús áite don fheabhsú ar scileanna litearthacht agus uimhearthachta na bhfoghlaiméoirí. Mar thoradh ar obair lasmuigh d'earnáil na scoileanna ag gníomhaireachtaí ar nós SOLAS, ag Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna), leabharlanna agus eagraíochtaí amhail

Aontas agus an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA), cuirtear ar chumas daoine fásta an inniúlacht a fháil chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna litearthachta agus uimhearthachta féin agus ar an gcaoi sin cuidiú leo obair go muiníneach lena leanáil agus lena ngarchlann.

Bhreithnigh an Tuarascáil seo ar an Athbhreithniú Eatramhach an dul chun cinn idir 2011 agus 2016, á threorú ag comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus fianaise ó staidéir náisiúnta agus idirnáisiúnta. Admhaíonn na torthaí seo ár n-éachtaí suntasacha sa litearthacht ach aibhsíonn siad freisin an gá rithabhachtach le díriú ar fheabhas a chur ar ár n-éachtaí, go háirithe san uimhearthacht. Maireann bearna sa ghnóthachtáil idir na foghlaiméoirí sin i scoileanna leis an tiúchan is airde míbhuntáiste (DEIS Banda 1 go háirithe), agus scoileanna eile, agus ní mór aghaidh a thabhairt uirthi sin.

Leanfar de chur i bhfeidhm na *Straitéise 2011* suas le 2020. Ní mór tús áite a thabhairt d'fheabhsúcháin sa ghnóthachtáil uimhearthachta sa dara leath se shaolré na *Straitéise*. Tá an dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais, i gcomhar leis an bPlean DEIS 2017, rithabhachtach freisin. Ní mór dúinn díriú freisin ar chuidiú níos fearr leis na daoine sin a bhfuil dul chun cinn níos mó á dhéanamh acu barr a gcumais a bhaint amach. Mar chríoch, ní mór dúinn éachtaí sa litearthacht a dhaingniú, lena n-áirítear litearthacht don Ghaeilge agus tríd an nGaeilge agus feabhas a chur ar scileanna litearthachta digití ár bhfoghlaiméoirí uile.

Creidim go gcuirfidh na spriocanna a shocraítear agus na gníomhartha a shainithnítear sa Tuarascáil seo ar ár gcumas díriú ar na torthaí is fearr a fháil d'ár bhfoghlaiméoirí. Ag obair lena chéile, is féidir linn ár gcuspóirí a bhaint amach.

Richard Bruton T.D.

Aire Oideachais agus Scileanna
Márta 2017

© 2017 An Roinn Oideachais agus Scileanna

Foilsithe ag
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Is féidir an foilseachán seo a rochtain ag
www.education.ie

CLÁR NA NÁBHAR

Brollach		5
Achoimre Feidhmeach		7
Cuid I	Réamhrá	12
1.1.	Cúlra an athbhreithnithe a thabhairt - Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020	12
1.2.	Éachtaí toraidh go dtí seo: ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta	12
1.3.	Athbhreithniú Eatramhach ar an <i>Straitéis</i> - Modheolaíocht	13
1.4.	Struchtúr na Tuarascála seo	14
Cuid II	Spriocanna náisiúnta feabhsaithe um litearthacht agus uimhearthacht – Achoimre 2011-2016: Spriocanna a Leagan Síos 2017-2020	15
2.1	Spriocanna náisiúnta feabhsaithe um litearthacht agus uimhearthacht sa <i>Straitéis</i> – <i>Achoimre ar Dhul chun Cinn 2011-2016</i>	15
2.2	Spriocanna náisiúnta feabhsaithe don litearthacht agus uimhearthacht sa <i>Straitéis</i> – <i>Spriocanna</i>	16
2.3	Athbhreithniú Eatramhach – Cad ba chóir do na daoine óga a bhaint amach – Súil chun cinn i dtreo 2020	20
Cuid III –	Forbairtí sna sé Cholún agus na gníomhartha atá ag teastáil	23
<i>Colún 1</i>	<i>Tuismitheoirí agus pobail a chumasú chun tacú le litearthacht agus uimhearthacht leanaí a fhorbairt</i>	23
<i>Colún 2</i>	<i>Feabhas a chur ar chleachtas gairmiúil múinteoirí agus cleachtóirí i gCúram agus Oideachas na Luathóige (COLÓ¹)</i>	28
<i>Colún 3</i>	<i>Cumas lucht ceannaireachta na scoile a neartú</i>	33
<i>Colún 4</i>	<i>Feabhas a chur ar an gcuraclam agus ar an eispéireas foghlama</i>	35
<i>Colún 5</i>	<i>Cabhrú le scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu chun barr a gcumais a bhaint amach</i>	40
<i>Colún 6</i>	<i>Feabhas a chur ar an measúnú agus ar an meastóireacht chun tacú le foghlaim níos fearr sa litearthacht agus san uimhearthacht</i>	46
Cuid IV	Plean Feidhmithe – Gníomhartha mionsonracha breise chun cur leosan atá sa <i>Straitéis</i>	51
Aguisín 1 -	Giorrúcháin	63
Aguisín 2 –	Eagraíochtaí a chuir aighneachtaí isteach mar chuid den Athbhreithniú Eatramhach	65
Aguisín 3 –	Ballraíocht an Ghrúpa Chomhairligh um Fhorfheidhmiú Litearthachta agus Uimhearthachta	66

ACHOIMRE FEIDHMEACH

Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol (2011-2020)

I mí Iúil 2011, sheol an Roinn Oideachais agus Scileanna (an Roinn) an *Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020* (an *Straitéis*). Sa *Straitéis*, leagtar amach fíis shoiléir chun caighdeán sa litearthacht agus san uimhearthacht a ardú i suíomhanna luathbhlianta, bunscoile agus iar-bhunscoile faoin 2020. Aithnítear gníomhartha sa *Straitéis* faoi shé Cholún den chóras oideachais:

Colún 1: Tuismitheoirí agus pobail a chumasú chun tacú le forbairt litearthachta agus uimhearthachta na leanaí

Colún 2: Feabhas a chur ar chleachtas gairmiúil múinteoirí agus cleachtóirí i gCúram agus Oideachas na Luathóige (COLÓ¹)

Colún 3: Cumas lucht ceannaireachta na scoile a neartú

Colún 4: Feabhas a chur ar an gcuraclam agus ar an eispéireas foghlama

Colún 5: Cabhrú le scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu barr a gcumais a bhaint amach

Colún 6: Feabhas a chur ar an measúnú agus ar an meastóireacht chun tacú le foghlaim níos fearr sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Leanfar den *Straitéis* a chur i bhfeidhm go dtí 2020, ag cur torthaí na Tuarascála seo ar an Athbhreithniú Eatramhach san áireamh.

Athbhreithniú Eatramhach – Modheolaíocht

Cuireadh tús le hAthbhreithniú Eatramhach ar an *Straitéis* in 2015, chun an rath agus na dúshlán ar thángthas orthu agus an *straitéis* á cur i bhfeidhm go dtí seo a thógáil san áireamh. Chuimsigh an t-Athbhreithniú Eatramhach seo breithniú ar thorthaí taighde, náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, agus próiseas comhairliúcháin le raon leathan de pháirtithe leasmhara. Chríochnaigh sé ag druidim le deireadh 2016 le foilsiú na dtuarascálacha PISA² (2015) agus TIMSS³ (2015).

Príomhthosaíochtaí

Léirigh an t-Athbhreithniú Eatramhach an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an lárphointe sa *Straitéis*. Rud an-taibhseach ar fad is ea an dul chun cinn atá déanta ag Éirinn chun leibhéal ard litearthachta a chur chun cinn do chách. Bhí scoláirí na hÉireann sa 3ú háit as 35 tír ECFE sa léitheoireacht i PISA 2015. Tá réimsí sainaitheanta aige freisin ina bhfuil gá le tuilleadh fócas más mian linn ár n-uaimhian a bhaint amach, mar atá leagtha amach sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019*, go mbeidh an córas oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip againn sna naoi mbliana seo atá romhainn.

Tugann an t-aiseolas i dtaca le cur i bhfeidhm na *Straitéise* go dtí seo go mb'fhéidir go raibh fócas níos mó ar an litearthacht ná ar an uimhearthacht. Tá gá le fócas níos láidre ar an uimhearthacht, d'fhonn an 'mórathrú' a thabhairt chun cinn a chuideoidh linn bheith i measc na ndaoine is fearr a chruthaíonn san Eoraip.

¹ Tá liosta de na giorrúcháin a úsáidtear sa tuarascáil seo le fáil in Aguisín 1

² Programme for International Student Assessment

³ Trends in International Mathematics and Science Study

Is í an phríomhthosaíocht a bheidh againn ná na páirtithe leasmhara oideachais uile a spreagadh le gabháil don **uimhearthacht** don fhoghlaim agus don saol.

Chomh maith le díriú ar an uimhearthacht, ní mór aird suas le 2020 a dhíriú freisin ar:

- Dul i ngleic leis an **míbhuntáiste oideachais** – le spriocanna a nascaidh an clár oibre litearthachta agus uimhearthachta leis an bPlean DEIS 2017.
- Cur ar chumas **daltaí a bhfuil dul chun cinn níos mó déanta acu** barr a gcumais a bhaint amach, i bhfianaise na dteachtaireachtaí láidre a thagann ó shraith measúnachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, a thugann le tuiscint go bhfuil gnóthachtáil na bhfoghlaiméirí Éireannacha a bhfuil dul chun cinn níos mó á dhéanamh acu chun deiridh ar a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta.
- Éachtaí sa litearthacht a dhaingniú – is gá níos mó béime a chur ar fheabhsúcháin a bhaint amach sa **litearthacht don Ghaeilge agus tríd an nGaeilge**, agus ar **scileanna litearthachta digití** ár bhfoghlaiméirí a fheabhsú.

Cuireann an Tuarascáil seo chun cinn gníomhartha agus spriocanna tosaíochta a leagann síos an chonaire atá de dhíth ar fud an chórais oideachais chun feabhas a chur go rathúil ar éachtaí ár bhfoghlaiméirí, go háirithe san uimhearthacht, ach freisin sna príomhthosaíochtaí eile a shainnítear thuas.

Go criticiúil, tá na tosaíochtaí faoin *Straitéis* nasctha le gníomhartha d’fhorbairtí polasaí gaolmhara sa Roinn, lena n-áirítear:

- Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016 – 2019
- Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015 – 2020
- Plean DEIS 2017
- Straitéis Breisoideachais agus Oilíuna 2014 – 2019
- Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022
- Féinmheastóireacht Scoile agus Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna / Iar-bhunscoileanna
- Ráiteas Polasaí don Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM) – ag súil leis in 2017.

Áiríonn samplaí de ghníomhartha sonracha:

- Fóram Bliantúil Litearthachta agus Uimhearthachta
- Taighde ar bhealaí cruthaitheacha agus núálacha chun tacú le ról tuismitheoirí mar oideachasóirí
- Tús áite a thabhairt don fhorbairt ar churaclaim Matamaitice ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile
- SFGM ag leanúint de thús áite a thabhairt agus beachtú a dhéanamh ar a tacaí litearthachta agus uimhearthachta do mhúinteoirí
- Tuilleadh tacaíocht a fhorbairt do na haistrithe idir suíomhanna oideachais, m.sh. luathbhlianta agus bunscoil.

Spriocanna

Aibhsíonn na torthaí ó staidéir amhail na Measúnachtaí Náisiúnta ar an Matamaitic agus Léitheoireacht an Bhéarla (NAERM) 2014 agus an Clár um Measúnacht Idirnáisiúnta ar Scoláirí (PISA) 2015 an dul chun cinn atá déanta sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic. Tá neart de na spriocanna a leagadh síos do ghnóthachtáil sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic, a leagadh amach sa *Straitéis* in 2011, sroichte i mbeagán níos mó ná leath de shaolré na *Straitéise*.

D’fhonn fócas a choinneáil go dtí 2020, tá spriocanna leasaithe, go háirithe sa chás ina bhfuil éachtaí ag an tagarmharc a leagadh síos in 2011, nó ag druidim leis. Shainnítear an t-Athbhreithniú Eatramhach freisin bearna sa ghnóthachtáil idir scoileanna leis an tiúchan is airde de mhíbhuntáiste (DEIS Banda uirbeach 1 ag leibhéal na bunscoile) agus scoileanna eile. D’fhonn fócas a choinneáil ar an gcohort seo, tá sraith de spriocanna ar leith sainaitheanta sa litearthacht agus san uimhearthacht do scoileanna DEIS, nasctha leis an bPlean DEIS 2017. Ar deireadh, tá sprioc sa bhreis curtha san áireamh, atá dírithe ar an ngrúpa príomhthosaíochta de scoláirí a bhfuil an-dul chun cinn á dhéanamh acu. Leagtar amach na spriocanna sin anseo:

1. Tógáil ar fheabhsuithe sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic do na bunscoileanna uile.
2. Díriú ar an mbearna a laghdú idir an ghnóthachtáil sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic ag daltaí i scoileanna DEIS Banda 1 agus daltaí sna bunscoileanna uile.

Measúnachtaí Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic - Gach Bunscoil

		Sprioc do 2020 socraithe sa Straitéis 2011 ⁴	Staid Reatha (NAERM 2014)	Sprioc Nua go 2020
Léitheoireacht: Ar Leibhéal 3 nó os a chionn	Rang a dó	40%	46%	50%
	Rang a sé	40%	44%	50%
Léitheoireacht: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun	Rang a dó	30%	22%	20%
	Rang a sé	30%	25%	20%
Matamaitic: Ar Leibhéal 3 nó os a chionn	Rang a dó	40%	47%	53%
	Rang a sé	40%	42%	50%
Matamaitic: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun	Rang a dó	30%	26%	20%
	Rang a sé	30%	27%	20%

3. Tógáil ar fheabhsuithe sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic do na hiar-bhunscoileanna uile. Beidh fócas ar leith ann freisin ar riachtanais na scoláirí is mó a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu.

Measúnachtaí Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic - Bunscoileanna DEIS Banda 1

		Sprioc do 2020 socraithe sa Straitéis 2011	Staid Reatha (NAERM 2014)	Sprioc Nua go 2020
Léitheoireacht: Ar Leibhéal 3 nó os a chionn	Rang a dó	Níl aon sprioc chomhfhreagrach i <i>Straitéis</i> 2011	18%	25%
	Rang a sé		21%	27%
Léitheoireacht: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun	Rang a dó	Níl aon sprioc chomhfhreagrach i <i>Straitéis</i> 2011	44%	40%
	Rang a sé		47%	40%
Matamaitic: Ar Leibhéal 3 nó os a chionn	Rang a dó	Níl aon sprioc chomhfhreagrach i <i>Straitéis</i> 2011	21%	30%
	Rang a sé		19%	27%
Matamaitic: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun	Rang a dó	Níl aon sprioc chomhfhreagrach i <i>Straitéis</i> 2011	52%	45%
	Rang a sé		50%	42%

⁴Ag an am sin is iad na torthaí is déanaí a bhí ar fáil ná torthaí NAERM 2009

4. Díriú ar an mbearna a laghdú idir an ghnóthachtáil sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic ag

An Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí – Gach Iar-Bhunscoil

		Spríoc do 2020 socraithe sa Straitéis 2011 ⁵	Staid Reatha (PISA 2015)	Spríoc Nua go 2020 ⁶
Lítearthacht Léitheoireachta: Ar Leibhéal 4 nó os a chionn	Daltaí 15 bliana d’aois	34%	37%	40%
Lítearthacht Léitheoireachta: Ar Leibhéal 5 nó os a chionn (daltaí is mó a bhfuil dul chun cinn déanta acu)	Daltaí 15 bliana d’aois	Níl aon spríoc chomhfhreagrach i <i>Straitéis</i> 2011	11%	12%
Lítearthacht Léitheoireachta: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun	Daltaí 15 bliana d’aois	8.5%	10%	8.5%
Matamaitic: Ar Leibhéal 4 nó os a chionn	Daltaí 15 bliana d’aois	31%	31%	36%
Matamaitic: Ar Leibhéal 5 nó os a chionn (daltaí is mó a bhfuil dul chun cinn déanta acu)	Daltaí 15 bliana d’aois	Níl aon spríoc chomhfhreagrach i <i>Straitéis</i> 2011	10%	13%
Matamaitic: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun	Daltaí 15 bliana d’aois	10.5%	15%	10.5%

scoláirí in iar-bhunscoileanna DEIS agus scoláirí sna hiar-bhunscoileanna uile

5. Líon na ndaltaí a ghabhann don Mhatamaitic Ardleibhéil sa tSraith Shóisearach agus i scrúduithe

An Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) – DEIS in Iar-Bhunscoileanna

		Spríoc do 2020 socraithe sa Straitéis 2011	Staid Reatha (PISA 2015)	Spríoc Nua go 2020
Lítearthacht Léitheoireachta: Ar Leibhéal 4 nó os a chionn	Daltaí 15 bliana d’aois	Níl aon spríoc chomhfhreagrach i <i>Straitéis</i> 2011	28%	33%
Lítearthacht Léitheoireachta: Ar Leibhéal 5 nó os a chionn (daltaí is mó a bhfuil dul chun cinn déanta acu)	Daltaí 15 bliana d’aois		7%	10%
	Daltaí 15 bliana d’aois		16%	12%
Lítearthacht Léitheoireachta: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun	Daltaí 15 bliana d’aois	Níl aon spríoc chomhfhreagrach i <i>Straitéis</i> 2011	23%	29%
Matamaitic: Ar Leibhéal 4 nó os a chionn	Daltaí 15 bliana d’aois		6%	10%
Matamaitic: Ar Leibhéal 5 nó os a chionn	Daltaí 15 bliana d’aois		22%	16%

⁵ Ag an am sin is iad na torthaí is déanaí a bhí ar fáil ná torthaí PISA 2009

⁶ Tá spríocanna nua socraithe sna réimsí uile ina bhfuil spríocanna ó Straitéis 2011 sroichte cheana féin

na hArdteistiméireachta a dhaingniú agus a mhéadú tuilleadh chun na spriocanna a leagadh amach in 2011 a bhaint amach, diaidh ar ndiaidh, faoi 2020.

An líon daltaí a roghnaíonn Matamaitic Ardleibhéil don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht

	Staid in 2011	Staid Reatha (2016)	Spríoc 2020
Matamaitic don tSraith Shóisearach: Iarrthóirí Ardleibhéil	45%	55%	60%
Matamaitic don Ardteistiméireacht: Iarrthóirí Ardleibhéil	17%	28%	30%

Tuarascáil an Athbhreithnithe Eatramhaigh

I *Straitéis* na bliana 2011, leag Caibidil 2 amach spriocanna soiléire feabhsúcháin náisiúnta don litearthacht agus don uimhearthacht (“Cad ba chóir do na daoine óga a bhaint amach”), agus d’fhéach Caibidil 3-8 níos doimhne thar na sé Cholún a shainítear sa *Straitéis*. Leanann an Tuarascáil seo (2017) cur chuige na bliana 2011 go dlúth.

Tugann Cuid II den Tuarascáil seo achoimre ar an dul chun cinn faoin *Straitéis* go dtí seo. Leagann sé amach roinnt spriocanna nua agus leasaithe, sa chás ina bhfuil spriocanna a leagadh síos in 2011 sroichte cheana féin, agus saináithnítear ann, bunaithe ar thorthaí an Athbhreithnithe Eatramhaigh, príomhthosaíochtaí, go háirithe an uimhearthacht, le fócas thar fhuilleach na *Straitéise*, go 2020.

Scrúdaíonn Cuid III an dul chun cinn thar na sé Cholún, ag leagan amach éachtaí agus dúshláin a bhaineann leo seo, agus molann roinnt gníomhartha breise a bhfuil aird a thabhairt orthu idir 2017 agus 2020. Leagann Cuid IV amach Plean Feidhmithe, le gníomhartha níos mionsonraithe, bunaithe ar thorthaí an Athbhreithnithe Eatramhaigh. Cuireann na gníomhartha mionsonraithe seo leis na cinn i *Straitéis* na bliana 2011, ach ní thagann siad san ionad orthu, agus leanfar díobh siúd a chur i bhfeidhm.

Conclúid

Mar atá le gach aistear, is maith an t-am an pointe leath bealaigh chun machnamh agus athbhreithniú a dhéanamh. Ní thagann an Tuarascáil seo ar an Athbhreithniú Eatramhach san ionad ar an *Straitéis* (2011-2020). Is í an *Straitéis* an pointe fócais, agus is mar sin a bheidh, laistigh d’ár gcóras oideachais, chun feabhas a chur ar thorthaí litearthachta agus uimhearthachta go 2020. Ach, bunaithe ar an bhfianaise, déanann an Tuarascáil seo soláthar do spriocanna nua agus tosaíochtaí ath-dhírthe, á dtacú le gníomhartha breise go dtí 2020. Feidhmeoidh na torthaí ó staidéir bhreise náisiúnta agus idirnáisiúnta, suas le PISA 2021, mar tháscairí ar an dul chun cinn a dhéanfaimid i bhfuilleach shaolré na *Straitéise*. Mar sin, leagann an Tuarascáil seo ar an Athbhreithniú Eatramhach amach conaire atá dearfach agus uailmhianach, ach réalaióch – a chinntiú go mbainfidh an *Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020*, a cuspóirí amach go hiomlán agus go gcuirfear ar ár gcumas an fhís uailmhianach a leagtar amach sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019* a bhaint amach.

1.1 Cúlra an athbheithnithe a thabhairt - Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020

I mí Iúil 2011, sheol an Roinn Oideachais agus Scileanna (an Roinn) an *Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020* (an *Straitéis*). Is í aidhm na *Straitéise* ná caighdeáin sa litearthacht agus san uimhearthacht a ardú do dhaoine óga i suíomhanna luathbhlianta, bunscoile agus iar-bhunscoile. Saináithnítear gníomhartha sa *Straitéis* thar sé Cholún den chóras oideachais:

Colún 1:	Tuismitheoirí agus pobail a chumasú chun tacú le forbairt litearthachta agus uimhearthachta na leanaí
Colún 2:	Feabhas a chur ar chleachtas gairmiúil múinteoirí agus cleachtóirí i gCúram agus Oideachas na Luathóige (COLÓ ⁷)
Colún 3:	Cumas lucht ceannaireachta na scoile a neartú
Colún 4:	Feabhas a chur ar an gcúraclam agus ar an eispéireas foghlama
Colún 5:	Cabhrú le scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu barr a gcumais a bhaint amach
Colún 6:	Feabhas a chur ar an measúnú agus ar an meastóireacht chun tacú le foghlaim níos fearr sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Cad atá i gceist le litearthacht agus uimhearthacht?

Litearthacht	Is é atá i gceist le litearthacht ná an cumas le bheith in ann na cineálacha éagsúla den chumarsáid a léamh agus a thuiscint, agus léirtheiscint chriticiúil a bheith againn orthu, lena n-áirítear an teanga labhartha, téacs clóite, na meáin chraolta agus na meáin dhigiteacha.
Uimhearthacht	Clúdaíonn an uimhearthacht an cumas chun tuiscint agus scileanna matamaitice a úsáid chun fadhbanna a réiteach agus na héilimh laethúla a bhaineann le maireachtáil i suíomhanna sóisialta casta a chomhlíonadh. Is é atá i gceist léi ná bheith in ann na rudaí seo a leanas a dhéanamh: <ul style="list-style-type: none"> ■ nithe a mheas, a thuar agus a ríomh ■ patrúin, treochtaí agus gaoil a aithint ■ sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú ■ smaointe a chur in iúl go matamaiticiúil ■ fadhbanna a réiteach agus úsáid á baint as scileanna fiosraithe agus réasúnaíochta ■ teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun scileanna uimhearthachta agus tuiscint a fhorbairt.

1.2 Éachtaí toraidh go dtí seo: ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta

The 2011 *Strategy* places a focus on clearly defined outcomes, both quantitative and qualitative. As will be seen in Part II of this Report, many of its targets have already been reached, in little over half of the *Strategy's* ten-year lifespan (2011-2020).

⁷ Tá liosta de na giorrúcháin a úsáidtear sa tuarascáil seo le fáil in Aguisín 1

Léiríonn na tuarascálacha ar thástálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta araon ón mbliain 2011 ar aghaidh go bhfuil ag éirí go maith lenár gcuid daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile, sa léitheoireacht go háirithe, ach gur féidir feabhas a dhéanamh i réimse na Matamaitice.

Léiríonn na Measúnachtaí Náisiúnta ar an Matamaitic agus ar an Léitheoireacht (NAERM) a rinneadh ar an leibhéal bunscoile in 2014 na chéad fheabhsuithe suntasacha ar fheidhmíocht daltaí bunscoile sa léitheoireacht Bhéarla agus sa Mhatamaitic i rang a dó agus i rang a sé le breis is tríocha bliain anuas. Tá bearna shuntasach ann fós, áfach, idir scoileanna DEIS Banda 1 agus scoileanna eile⁸. Tá go leor dul chun cinn déanta maidir le baint amach na spriocanna atá leagtha síos sa *Straitéis* agus atá dírithe ar níos mó daltaí ardleibhéil a lorg i scrúduithe Matamaitice an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta.

I gClár Idirnáisiúnta an ECFE um Measúnú Daltaí (PISA) tugtar le fios go bhfuil Éire thar an meán ó thaobh feidhmíochta foriomláine de agus go bhfuil ag éirí go maith leis na daltaí ó thaobh léitheoireachta de. Taispeánadh sna meánscóir ó PISA 2015 gur bhain Éire an 3ú háit amach as gach tír ECFE ó thaobh léitheoireachta de, agus ní raibh ach aon tír amháin ann, Singeapór, a raibh meánscór i bhfad níos airde aici. Cé go bhfuil sí thar an meán, níl Éire i measc na dtíortha is airde feidhmíochta i gcás na Matamaitice. Taispeánadh sna meánscóir ó PISA 2015 gur bhain Éire an 13ú háit amach as gach tír ECFE ó thaobh Matamaitice de.

Cé go bhfuil an dul chun cinn suntasach sin bainte amach ó seoladh an *Straitéis* i 2011, is léir gur féidir feabhas níos mó a dhéanamh fós. Ina theannta sin, tugann na torthaí ó PISA 2015 agus TIMSS 2015 le fios nach bhfuil na daltaí níos fearr in Éirinn ag feidhmiú chomh maith céanna lena gcuid piaraí sna tástálacha sin. Níor léirigh TIMSS 2015 aon difríocht mhór ó thaobh staitistice de idir feidhmíocht buachaillí agus cailíní sa Mhatamaitic i rang a ceathair ná sa dara bliain. Fuarthas amach i PISA 2015, áfach, go bhfeidhmíonn cailíní níos fearr ná buachaillí sa léitheoireacht agus gur mór an difríocht eatarthu (cé go bhfuil an difríocht níos lú ná meán an ECFE), agus go raibh buachaillí ag feidhmiú níos fearr ná cailíní sa Mhatamaitic (agus an difríocht sin níos mó ná meán an ECFE). Ní mór aird a dhíriú ar na bearnaí inscne sin d'fhonn iad a laghdú. Tugtar le tuiscint i PISA 2015 go mbeadh sé tábhachtach, chun dul i ngleic leis an mbearna inscne sin, muinín agus inniúlacht cailíní a mhéadú maidir leis an úsáid a bhaineann siad as an Teicneolaíocht Faisméise agus Cumarsáide (TFC), chomh maith lena muinín sa Mhatamaitic a mhéadú i gcomhthéacs fadhbanna Matamaitice casta fíorshaoil a réiteach.

Sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019* (Meán Fómhair 2016) tugann Éire gealltanas go laghdófar go mór an bhearna atá ann idir gnóthachtáil na hÉireann san uimhearthacht agus gnóthachtáil na dtíortha is fearr san Eoraip.

1.3 Struchtúr na Tuarascála seo

I *Straitéis* 2011, leagadh síos spriocanna soiléire i gCaibidil 2 maidir le feabhas náisiúnta ó thaobh litearthachta agus uimhearthachta de (“Cad ba chóir do na daoine óga a bhaint amach”), agus i gCaibidil 3-8 rinneadh scrúdú níos doimhne thar shé Cholún an chórais oideachais. Cuireadh tús le hAthbheithniú Eatramhach ar an *Straitéis* in 2015, chun an rath agus na dúshláin ar thángthas orthu agus an straitéis á cur i bhfeidhm go dtí seo a thógáil san áireamh.

⁸ Sna háiteanna is mó atá faoi mhíbhuntáiste, rangáitear go bhfuil bunscoileanna uirbeacha/baile rannpháirteach i mBanda 1 de DEIS.

Don Athbhreithniú Eatramhach seo, d'iarr an Roinn tuairimí gach eagraíochta agus rannóg roinne atá ainmnithe sa *Straitéis*, trí mheán ceistneora spriocdhírthe. Iarradh agus fuarthas ionchur freisin trí cheistneoirí a seoladh chuig eagraíochtaí agus comhlachtaí nach bhfuil ainmnithe sa *Straitéis* ach a mbaineann a gcuid oibre leis an *Straitéis*, m.sh. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS). Reáchtáil oifigigh cruinnithe le páirtithe leasmhara tar éis a gcuid tuairimí a fháil chun go bhféadfaí plé níos doimhne a dhéanamh. Tá liosta d'eagraíochtaí a thug aighneachtaí mar chuid den Athbhreithniú Eatramhach liostaithe in Aguisín 2. Eagraíodh cruinnithe spriocdhírthe freisin le grúpaí príomhoidí, múinteoirí agus scoláirí. I bhFeabhra 2016, chríochnaigh agus d'fhoilsigh Cigireacht na Roinne an *Athbhreithniú ar Thuairiscí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta ar an Litearthacht agus ar an Uimhearthacht* (2016), tuarascáil ina ndéantar anailís ar thorthaí ó shuirbhéanna náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ina theannta sin, reáchtáladh fóram i mí Eanáir 2016, inar cuireadh achoimre ar na torthaí agus ar na tosaíochtaí beartaithe, bunaithe ar an bpróiseas comhairliúcháin, os comhair páirtithe leasmhara le go bhféadfaidís í a mheas. Rinne an Grúpa Comhairleach ar Chur i bhFeidhm na Litearthachta agus na hUimhearthachta na torthaí a mheas chomh maith. Tá liosta de bhaill an Ghrúpa sin curtha san áireamh freisin in Aguisín 3. Tógadh san áireamh freisin san Athbhreithniú Eatramhach na spriocanna atá leagtha síos sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019*. Sa deireadh, sula bhféadfaí an Tuarascáil seo a fhoilsiú, bhíodhas ag feitheamh ar fhoilsiú dhá thuarascáil thábhachtacha ar shuirbhéanna idirnáisiúnta: PISA 2015 agus TIMSS 2015. Ba í an fhianaise ó na foinsí sin go léir a chuir bonn eolais faoi ábhar agus faoi mholtaí an Athbhreithnithe Eatramhaigh seo.

Mar is amhlaidh i gcás turais ar bith, deis iontach is ea an pointe leath bealaigh chun machnamh a dhéanamh. Ní théann an Tuarascáil seo in ionad na *Straitéise*. Is í an *Straitéis* atá ag croílár na hiarrachta chun torthaí litearthachta agus uimhearthachta a fheabhsú go dtí 2020 agus beidh i gcónaí. Nuair is cuí, áfach, déantar soláthar ann, ar bhonn fianaise, do spriocanna nua, do thosaíochtaí spriocdhírthe agus do roinnt gníomhartha breise i dtreo 2020.

Úsáidfeadh torthaí staidéar náisiúnta agus idirnáisiúnta eile, suas go dtí PISA 2021, mar tháscairí ar an dul chun cinn a dhéanfar go deireadh na *Straitéise*.

1.4 Struchtúr na Tuarascála seo

I *Straitéis* 2011, leagadh síos spriocanna soiléire i gCaibidil 2 maidir le feabhas náisiúnta ó thaobh litearthachta agus uimhearthachta de (“Cad ba chóir do na daoine óga a bhaint amach”), agus i gCaibidil 3-8 rinneadh scrúdú níos doimhne thar shé Cholún an chórais oideachais. Cloíonn an Tuarascáil seo (2017) go dlúth le cur chuige 2011.

I gCuid II den Tuarascáil seo tugtar achoimre ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo faoin *Straitéis*. Leagtar síos inti roinnt spriocanna nua agus athbhreithnithe, sa chás go bhfuil na spriocanna a leagadh síos in 2011 bainte amach cheana féin, agus saináithnítear inti, bunaithe ar thorthaí an Athbhreithnithe Eatramhaigh, príomhthosaíochtaí le díriú orthu i gcaitheamh na tréimhse atá fágtha den *Straitéis*, go dtí 2020. I gCuid III scrúdaítear dul chun cinn sna sé Cholún, leagtar amach éachtaí agus dúshláin maidir leo siúd, agus moltar roinnt gníomhartha breise a ndíreofar aird orthu ó 2017-2020.

Plean Forfheidhmithe atá i gCuid IV, ina bhfuil gníomhartha níos mionsonraithe atá bunaithe ar thorthaí an Athbhreithnithe Eatramhaigh. Cuireann na gníomhartha sonracha sin leo siúd atá le feiceáil i *Straitéis* 2011 seachas dul ina n-ionad.

CUID II – SPRIOCANNA NÁISIÚNTA FEABHSAITHE UM LITEARTHACHT AGUS UIMHEARTHACHT – ACHOIMRE 2011-2016: SPRIOCANNA A LEAGAN SÍOS 2017-2020

Sa chuid seo den Tuarascáil tugtar léargas ar an dul chun cinn atá déanta ó 2011 i leith i dtaobh na spriocanna náisiúnta feabhsaithe atá sa *Straitéis*. Leagtar amach freisin forbairtí maidir leis na spriocanna atá sa *Straitéis* agus aithnítear spriocanna nua agus athbhreithnithe i roinnt réimsí. Sa deireadh, aithnítear príomhréimsí is eol a gcaithfeadh díriú orthu as seo go dtí 2020 de réir thorthaí an Athbhreithnithe Eatramhaigh.

2.1 Spriocanna náisiúnta feabhsaithe um litearthacht agus uimhearthacht sa *Straitéis* – Achoimre ar Dhul chun Cinn 2011-2016

Is é atá i gCaibidil 2 den *Straitéis*, ‘Cad ba chóir do na Daoine Óga a bhaint amach’ ná caibidil ghairid spriocdhírthe, ina dtugtar achoimre ar spriocanna agus ar chuspóirí lárnacha náisiúnta don litearthacht agus don uimhearthacht. Seo a leanas achoimre ghairid ar fhorbairtí tábhachtacha i dtreo na spriocanna agus na gculpóirí lárnacha náisiúnta.

Feabhas a chur ar na dearccháil atá againn i leith na litearthachta agus na huimhearthachta

- D'oibrigh an Roinn as lámha a chéile le NALA (an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh) ar fheachtas náisiúnta chun freastal ar thuismitheoirí agus ar phobail.
- Tá acmhainní nua cruthaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM) agus comhlachtaí eile chun cabhrú le spéis tuismitheoirí i bhfoghlaim leanaí a chothú.
- Méadaíodh an comhoibriú idir comhlachtaí agus gníomhaireachtaí a bhfuil lámh acu sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Feabhas a chur ar na torthaí ar an leibhéal luathóige

- Tá athrú nach beag tagtha ar an earnáil luathóige. Tá méadú suntasach tagtha ar an leas a bhaineadh as an gclár COLÓ, atá maoinithe ag an Stát, idir 2011 agus 2016.
- Leis na dreasachtaí cistithe agus na dreasachtaí rialála atá ar na bacáin, tá méadú mór tagtha ar scileanna agus leibhéal cáilíochtaí an fhórsa oibre, áit a bhfuil cáilíocht QQI Leibhéal 5 ar a laghad i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige ag beagnach gach cleachtóir anois, agus áit ar céimithe iad thart ar 18% de chleachtóirí.
- Seoladh an tSeirbhís Náisiúnta um Fhorbairt Cáilíochta, Better Start, ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige in 2015, agus tá an tionscnamh seo agus tionscnaimh ardchaighdeán eile, a bhfuil *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* ina measc, ag cur le húsáid *Síolta* agus *Aistear* a dhaingniú san earnáil.
- Ón mbliain 2015 ar aghaidh, thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach cigireachtaí seachtracha dírithe ar an oideachas i suíomhanna luathbhlianta

Feabhas a chur ar na torthaí ar an leibhéal bunscoile

- Tá soláthar déanta chun níos mó ama a chaitheamh ar litearthacht agus uimhearthacht i mbunscoileanna.
- Cuireadh tús le Curaclam Teanga Nua na Bunscoile le haghaidh daltaí ó naíonáin go rang a dó i Meán Fómhair 2016, agus tá leasuithe ar an gcuraclam Matamaitice agus ar churaclam ginearálta na bunscoile á n-ullmhú le gur féidir iad a thabhairt isteach as seo go ceann cúpla bliain eile.

- Sa *Tuarascáil Feidhmíochta* ar na Measúnachtaí Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar an Matamaitic (NAERM) 2014 (Eanáir 2015), léiríodh go raibh feabhas nach beag tagtha ar léitheoireacht agus ar an Matamaitic i measc na ndaoine óga, agus tá an fheidhmíocht sin ag sárú na spriocanna atá leagtha síos sa *Straitéis* (Tábla 1 thíos).
- In TIMSS 2015 (Samhain 2016), fuarthas amach go raibh meánscór dhaltaí na hÉireann sa Mhatamaitic ar an leibhéal bunscoile i bhfad níos airde in 2015 ná mar a bhí in 2011 nó i 1995.

Feabhas a chur ar na torthaí ar an leibhéal iar-bhunscoile

- Is dhá scil iad a bheith liteartha agus uimheartha i measc na n-ocht bpríomhscil a dtugtar tosaíocht dóibh sa Chreat nua don tSraith Shóisearach (2015).
- De réir mar a fhorbrófar na sonraíochtaí ábhair agus gearrchúrsa go léir don tSraith Shóisearach agus don Ardteistiméireacht, beidh mar chuid díobh feabhas ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta daltaí.
- In PISA 2015 (mí na Nollag 2016), dearbhaíodh go raibh feabhas tagtha ar na torthaí foriomlána sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic do dhaltaí 15 bliana d’aois, rud a chonacthas roimhe sin in PISA 2012, nuair a chuirtear i gcomparáid leis na torthaí ó PISA 2009 iad (Tábla 3 thíos).
- Tá méadú nach beaga tagtha ar líon na ndaltaí a roghnaíonn an Mhatamaitic ar an Ardleibhéal don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht (féach Tábla 5). Ní hamháin gur imir bronnadh 25 pointe breise chun críche an CAO ar leibhéal na hArdteistiméireachta tionchar air sin, ach athchóiriú an churaclaim agus deiseanna foghlama gairmiúla suntasacha do mhúinteoirí chomh maith.

Ar na leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile

- Thug an Roinn isteach féinmheastóireacht scoile éigeantach in 2012 do gach bunscoil agus iar-bhunscoil. Rinne an Roinn cinneadh gur cheart do scoileanna an fhéinmheastóireacht sin a dhíriú ar ghnéithe dá dteagasc agus dá bhfoghlaim, agus go háirithe (ach gan ar an ngné sin amháin) ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta a gcuid daltaí a fheabhsú.
- Sa *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, 2015-2020* (Deireadh Fómhair 2015) leagtar amach plean uailmhianach chun Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a dhaingniú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú le linn a saolré. Tá ciste €210m ag tacú le cur i bhfeidhm na *Straitéise Digití* go ceann cúig bliana.

2.2 Spriocanna náisiúnta feabhsaithe don litearthacht agus uimhearthacht sa *Straitéis* – Spriocanna

Léiríonn torthaí meastóireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, ó 2014 ar aghaidh, go bhfuil dul chun cinn mór déanta i leith na spriocanna a bhí leagtha síos sa *Straitéis*, agus tá cuid mhór de na spriocanna bainte amach cheana féin. Sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019*, spreagtar Éire chun an córas oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip a chur ar fáil taobh isteach de naoi mbliana. Cé go dtuigtear go hiomlán nach bhfuil sna spriocanna sin ach gné amháin den fhianaise a chuirtear i láthair mar chuid den Athbhreithniú Eatramhach, tá na spriocanna cainníochtúla, mar atá leagtha amach sa *Straitéis*, ina bpointe fócais úsáideach lena chinntiú go

leanfar d’aird a dhíriú ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht a fheabhsú. Chun gur féidir leanúint ar aghaidh ag díriú aird orthu go dtí 2020, is cuí féachaint ar na spriocanna sin arís sa chás go bhfuil an méid atá bainte amach cothrom leis an tagarmharc a socraíodh in 2011 nó beagnach ann.

Sainaitníodh freisin go raibh bearna ghnóthachtála idir na scoileanna is mó atá faoi mhíbhuntáiste (bunscoileanna uirbeacha i mBanda 1 DEIS) agus scoileanna eile. Le leanúint de dhíriú ar an ngrúpa seo, tá spriocanna litearthachta agus uimhearthachta ar leith sainaitheanta do scoileanna DEIS, ar spriocanna iad atá nasctha leis an *bPlean DEIS 2017*. Is tábhachtach an rud é a aibhsiú go bhfuil Banda 1 DEIS ar an bhfothacar is mó atá faoi mhíbhuntáiste as na scoileanna DEIS uile, a chuimsíonn Banda 2 DEIS agus scoileanna tuaithe DEIS freisin. Nuair a bhreathnaítear ar Bhandá 1 DEIS go háirithe, is soiléir go bhfuil na daoine óga seo faoi fhíor-mhíbhuntáiste agus i bhfíorghnátar. Má táimid chun a dtorthaí a fheabhsú, ní mór dúinn sainaitheint a dhéanamh ar an gcuid riachtanas agus, ón bpointe sin, díriú isteach ar a ngnóthachtáil a fheabhsú agus an bhearna atá ann idir iad agus daltaí i scoileanna eile a laghdú.

Sa deireadh, tá sprioc bhreise curtha san áireamh atá dírithe ar ghrúpa príomhthosaíochta na ndaltaí is mó a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu.

Tá na spriocanna sin, de réir mar a glacadh leo sa *Straitéis* in 2011, leagtha amach sna Táblaí thíos. Léiríonn na Táblaí sin na spriocanna bunaidh agus an chaoi a raibh ag éirí linn i leith na spriocanna sin a bhaint amach ag tús 2017 (bunaithe ar na staidéir is deireanaí). I roinnt cásanna, tá athbhreithniú déanta ar spriocanna nó tá spriocanna breise curtha leis chun a chinntiú go leanfar ar aghaidh ar an mbealach dearfach, ach réalaíoch, seo go dtí 2020.

Litearthacht agus Uimhearthacht ar an leibhéal bunscoile - faoi 2020

- Tógáil ar na méaduithe ar chéatadán na ndaltaí bunscoile atá ag feidhmiú ar Leibhéal 3 nó os a chionn sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic i rang a dó agus a sé, agus an difríocht idir daltaí i scoileanna DEIS Banda 1 agus daltaí sna scoileanna go léir a laghdú go mór – rud a thomhaisfear sna Measúnachtaí Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic, 2019.
- Tógáil ar na laghduithe ar chéatadán na ndaltaí bunscoile atá ag feidhmiú ar Leibhéal 1 nó faoina bhun sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic faoi dheireadh na bunscoile, agus an difríocht idir daltaí i scoileanna DEIS Banda 1 agus daltaí sna scoileanna go léir a laghdú go mór – rud a thomhaisfear sna Measúnachtaí Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic, 2019.
- I réimsí na léitheoireachta agus na Matamaitice ar aon, beidh sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh an dul chun cinn a bhí déanta i rang a dó fós á dhéanamh faoin am a bhaineann daltaí amach rang a sé.

⁹The most recent results at that point were from NAERM 2009

Tábla 1. Measúnachtaí Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic - Gach Bunscoil

		Spríoc do 2020 socraithe sa Straitéis 2011 ⁹	Staid Reatha (NAERM 2014)	Spríoc Nua go 2020
Léitheoireacht: Ar Leibhéal 3 nó os a chionn	Rang a dó	40%	46%	50%
	Rang a sé	40%	44%	50%
Matamaitic: Ar Leibhéal 3 nó os a chionn	Rang a dó	30%	22%	20%
	Rang a sé	30%	25%	20%
Mathematics: At or above Level 3	Rang a dó	40%	47%	53%
	Rang a sé	40%	42%	50%
Mathematics: At or below Level 1	Rang a dó	30%	26%	20%
	Rang a sé	30%	27%	20%

Tábla 2. Measúnachtaí Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic - Bunscoileanna DEIS Banda 1

		Spríoc do 2020 socraithe sa Straitéis 2011	Staid Reatha (NAERM 2014)	Spríoc Nua go 2020
Léitheoireacht: Ar Leibhéal 3 nó os a chionn	Rang a dó	Níl aon spríoc chomhfhreagrach i Straitéis 2011	18%	25%
	Rang a sé		21%	27%
Matamaitic: Ar Leibhéal 3 nó os a chionn	Rang a dó	Níl aon spríoc chomhfhreagrach i Straitéis 2011	44%	40%
	Rang a sé		47%	40%
Mathematics: At or above Level 3	Rang a dó	Níl aon spríoc chomhfhreagrach i Straitéis 2011	21%	30%
	Rang a sé		19%	27%
Mathematics: At or below Level 1	Rang a dó	Níl aon spríoc chomhfhreagrach i Straitéis 2011	52%	45%
	Rang a sé		50%	42%

Lítearthacht agus Uimhearthacht ar an leibhéal iar-bhunscoile - faoi 2020

- Tógáil ar na méaduithe ar chéatadán na ndaltaí 15 bliana d’aois atá ag feidhmiú ar Leibhéal 4 nó os a chionn sa mheasúnacht PISA ar léitheoireacht agus ar Mhatamaitic agus an difríocht idir daltaí i scoileanna DEIS agus daltaí sna scoileanna go léir a laghdú go mór.
- Tógáil ar na laghduithe ar chéatadán na ndaltaí 15 bliana d’aois atá ag feidhmiú ar Leibhéal 1 nó faoina bhun sa mheasúnacht PISA ar léitheoireacht agus ar Mhatamaitic agus an difríocht idir daltaí i scoileanna DEIS agus daltaí sna scoileanna go léir a laghdú go mór.
- An céatadán de dhailtá 15 bliana d’aois a mhéadú atá ag feidhmiú ar Leibhéal 5 nó os a chionn sa mheasúnacht PISA ar léitheoireacht agus ar Mhatamaitic. Is spríoc nua í seo chun aird a dhíriú ar na daltaí is mó atá ag déanamh dul chun cinn, agus an difríocht idir daltaí i scoileanna DEIS agus daltaí sna scoileanna go léir á laghdú ag an am céanna.

- Líon na ndaltaí a roghnaíonn Matamaitic Ardleibhéil sa tSraith Shóisearach agus i scrúdú na hArdteistiméireachta a chomhdhlúthú agus a mhéadú tuilleadh chun na spriocanna a leagadh amach in 2011 a bhaint amach diaidh ar ndiaidh faoi 2020.

Tábla 3. An Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí – Gach Iar-Bhunscoil

		Spríocanna do 2020 a socraíodh i Straitéis 2011 ¹⁰	Staid Reatha (PISA 2015)	Spríoc nua go 2020 ¹¹
Lítearthacht Léitheoireachta: Ar Leibhéal 4 nó os a chionn	Daltaí 15 bliana d’aois	34%	37%	40%
Lítearthacht Léitheoireachta: Ar Leibhéal 5 nó os a chionn (daltaí is mó a bhfuil dul chun cinn déanta acu)	Daltaí 15 bliana d’aois	Níl aon spríoc chomhfhreagrach i Straitéis 2011	11%	12%
Lítearthacht Léitheoireachta: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun	Daltaí 15 bliana d’aois	8.5%	10%	8.5%
Matamaitic: Ar Leibhéal 4 nó os a chionn	Daltaí 15 bliana d’aois	31%	31%	36%
Matamaitic: Ar Leibhéal 5 nó os a chionn (daltaí is mó a bhfuil dul chun cinn déanta acu)	Daltaí 15 bliana d’aois	Níl aon spríoc chomhfhreagrach i Straitéis 2011	10%	13%
Matamaitic: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun	Daltaí 15 bliana d’aois	10.5%	15%	10.5%

Tábla 4. An Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) – DEIS in Iar-Bhunscoileanna

		Spríocanna do 2020 a socraíodh i Straitéis 2011	Staid Reatha (PISA 2015)	Spríoc nua go 2020
Lítearthacht Léitheoireachta: Ar Leibhéal 4 nó os a chionn	Daltaí 15 bliana d’aois	Níl aon spríoc chomhfhreagrach i Straitéis 2011	28%	33%
Lítearthacht Léitheoireachta: Ar Leibhéal 5 nó os a chionn (daltaí is mó a bhfuil dul chun cinn déanta acu)	Daltaí 15 bliana d’aois		7%	10%
Lítearthacht Léitheoireachta: Ar leibhéal 1 nó faoina bhun	Daltaí 15 bliana d’aois		16%	12%
Matamaitic: Ar Leibhéal 4 nó os a chionn	Daltaí 15 bliana d’aois	Níl aon spríoc chomhfhreagrach i Straitéis 2011	23%	29%
Matamaitic: Ar Leibhéal 5 nó os a chionn	Daltaí 15 bliana d’aois		6%	10%
(daltaí is mó a bhfuil dul chun cinn déanta acu)	Daltaí 15 bliana d’aois		22%	16%

¹⁰ Ag an am sin is iad na torthaí is déanaí a bhí ar fáil ná torthaí PISA 2009

¹¹ Tá spriocanna nua socraithe sna réimsí uile ina bhfuil spriocanna ó Straitéis 2011 sroichte cheana féin

Tábla 5. An líon daltaí a roghnaíonn Matamaitic Ardleibhéil don Teastas Sóisearach agus don Ardeistiméireacht

	Staid in 2011	Staid Reatha (2016)	Sprioc 2020
Matamaitic don tSraith Shóisearach: Iarrthóirí Ardleibhéil	45%	55%	60%
Matamaitic don Ardeistiméireacht: Iarrthóirí Ardleibhéil	17%	28%	30%

2.3 Athbhreithniú Eatramhach – Cad ba chóir do na daoine óga a bhaint amach – Súil chun cinn i dtreo 2020

I dtorthaí an Athbhreithnithe Eatramhaigh, a bhfuil ina measc measúnachtaí idirnáisiúnta a foilsíodh le déanaí, leagtar béim ar go leor réimsí ina bhfuil dul chun cinn déanta. Díol suntais go háirithe is ea an dul chun cinn atá déanta ag Éirinn maidir le leibhéal ard litearthachta a chur chun cinn do chách (féach na Táblaí thuas). Leagann siad béim freisin ar réimsí ina bhfuil níos mó airde ag teastáil go dtí deireadh na *Straitéise*, má táimid ag iarraidh ár n-uailmhian a bhaint amach mar atá leagtha amach sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas, 2016-2019*, is é sin an córas oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip a bheith againn laistigh de naoi mbliana.

Tugann an t-aiseolas maidir le cur i bhfeidhm na *Straitéise* go dtí seo le tuiscint go mb'fhéidir gur leagadh níos mó béime ar litearthacht ná uimhearthacht i mblianta tosaigh na *Straitéise* seo. Cé nach bhfuil aon amhras ann gur chuir an bhéim sin leis an dul chun cinn an-mhaith a rinneadh sa litearthacht, beidh béim níos láidre ag teastáil ar an uimhearthacht sa chéad chéim eile de chur i bhfeidhm na *Straitéise*. Cé go raibh an mheánfheidhmíocht sa Mhatamaitic in Éirinn i bhfad os cionn mheán an ECFE in 2012 agus in 2015, níor fheidhmigh Éire chomh maith le roinnt tíortha Eorpacha, a raibh ina measc an Eastóin, an Ísiltír, an Danmhairg agus an Fhionlainn. Agus an toradh sin á choimeád i gcuimhne, sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019* leagtar síos sprioc shoiléir i ndáil leis an uimhearthacht: an bhearna atá ann idir Éire agus na tíortha Eorpacha is fearr ó thaobh feidhmíochta de a laghdú go suntasach.

Le linn an chuid eile de shaolré na *Straitéise*, 2017-2020, is í an phríomhthosaíocht a bheidh i gceist ná ról a thabhairt do gach páirtí leasmhar san oideachas in “uimhearthacht don fhoghlaim agus don saol”, ar an gcaoi chéanna a ndearnadh plé leis an litearthacht idir 2011 agus 2016.

Mar aon le díriú ar an uimhearthacht, is gá díriú ar na gnéithe seo a leanas as seo go dtí 2020 chomh maith:

- Dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil – trí spriocanna a dhéanfaidh dlúthnasc idir an clár oibre Litearthachta agus Uimhearthachta agus *Plean DEIS 2017*
- Cur ar chumas daltaí a bhfuil an dul chun cinn is mó á dhéanamh acu barr a gcumais a bhaint amach, i bhfianaise na dteachtairachtaí soiléire a thagann ó shraith measúnachtaí idirnáisiúnta a thugann le tuiscint go bhfuil gnóthachtáil na ndaltaí Éireannacha a bhfuil an dul chun cinn is mó á dhéanamh acu chun deiridh ar a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta
- Éachtaí sa litearthacht a dhaingniú – is gá níos mó béime a chur ar fheabhsúcháin a bhaint amach sa litearthacht don Ghaeilge agus tríd an nGaeilge, agus ar scileanna litearthachta digití ar bhfoghlaimoirí a fheabhsú freisin.

Chun dul chun cinn ceart a dhéanamh i dtaobh na bpríomhthosaíochtaí sin, beidh ar pháirtithe leasmhara ar fud an chórais oideachais raon gníomhartha a dhéanamh. Déantar plé níos mionsonraithe orthu siúd i gCuid III agus i gCuid IV ach tá na príomhghníomhartha tosaíochta is tábhachtaí liostaithe anseo:

1. ‘Mórathrú’ san uimhearthacht - príomhghníomhartha tosaíochta

- Tacú le cleachtóirí i suíomhanna COLÓ agus le múinteoirí in ionaid Tús Luath teacht ar thuiscint níos doimhne ar choincheapa uimhearthachta, ar an ord ina bhfoghlaimíonn leanaí luathsmainte matamaitice, agus ar ábhair agus gníomhaíochtaí a aithint agus a chur ar fáil a chothaíonn foghlaim sa réimse sin tuilleadh, tríd an gcreachuraclaim náisiúnta *Aistear* agus trí Chigireachtaí na Roinne Oideachais agus Scileanna dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta a chur i ngníomh.
- Athfhorbairt a dhéanamh ar churaclam Matamaitice na bunscoile le go n-áireofar códú agus TFC ann, ag tosú leis an gcuraclam do na ranganna sóisearacha agus é a chur i ngníomh i scoileanna, arna thacú ag forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí.
- Athbhreithniú ar an leithdháileadh ama do Mhatamaitic ar an leibhéal bunscoile, mar chuid d’athbhreithniú an CNCM ar struchtúr agus leithdháileadh ama i gcuraclam na bunscoile, d’fhonn a chinntiú go ndéantar freastal ar riachtanais an fhoghlaimora laistigh den mhéid ama a leithdháiltear
- Athbhreithniú ar fheidhmiú na gcuraclam iar-bhunscoile athbhreithnithe don Mhatamaitic (ar a dtugtaí “Tionscadal Mata”) agus é sin a úsáid le bonn eolais a chur faoin athbhreithniú ar an gcuraclam do Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí faoi mhí Mheán Fómhair 2018.
- Tacaí i réimsí tosaíochta a chur i bhfeidhm ag an bhfoireann lánaimseartha um uimhearthacht bhunscoile sa tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), lena n-áirítear cnuaschruinnithe le haghaidh scoileanna atá á bhforbairt mar phobail foghlama ghairmiúla agus seimineáir ar *Theagasc Foirne san Uimhearthacht*, ina ndírítear freisin ar thacaíocht foghlama agus teagasc cuimsitheach.
- Scrúdú ag an SFGM ar bhealaí chun níos mó deiseanna a chur ar fáil le tacú le huimhearthacht in ábhair iar-bhunscoile.
- Tionscadail agus tionscnaimh a spreagadh agus a chur chun cinn a chothaíonn spéis agus barrfheabhas sa Mhatamaitic, i scoileanna DEIS go háirithe, m.sh. Aonaigh Eolaíochta, BTYSTE, SciFest, CoderDojo, Intel MiniScientist, Smart Futures, Seachtain na hEolaíochta agus Discover Maths and Science.
- Acmhainní a cheapadh le haghaidh múinteoirí agus scoileanna chun tacú le raon leathan modheolaíochtaí teagasc agus foghlama, a bhfuil ina measc foghlaim ar bhonn fiosrú agus fadhbréiteach.
- Sa *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, 2015-2020*, leagtar amach plean uailmhianach le TFC a dhaingniú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheastóireacht le linn a saolré, atá comhuaineach leis an gcuid atá fágtha de shaolré na *Straitéise* seo.
- Glacfar le *Ráiteas Beartais Náisiúnta ar Oideachas STEM*, a bheidh bunaithe ar thorthaí *Thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Oideachas STEM 2016* (Samhain 2016), agus le plean forfheidhmithe mionsonraithe, in 2017. Sa *Ráiteas Beartais* seo, coimeádfar i gcuimhne tábhacht na Matamaitice mar ghné bhunúsach den oideachas STEM uile.

2. Dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil

Cabhróidh glacadh le spriocanna atá sonracha do DEIS le haird a choimeád ar an mbearna litearthachta agus uimhearthachta a laghdú atá ann idir scoileanna DEIS agus iad siúd nach scoileanna DEIS iad. Is céim mhór é foilsiú an *Phlean DEIS 2017* agus beidh a chur i bhfeidhm ina bhealach le dul chun cinn a stiúradh. I measc na gníomhartha atá sa *Phlean DEIS 2017*, beidh soláthar tacaíochta forbartha spriocdhírthe ag an SFGM do mhúinteoirí i scoileanna DEIS d'fhonn tacú leis na spriocanna sonracha dul chun cinn atá leagtha síos do scoileanna sa *Straitéis* seo.

3. Cur ar chumas daltaí a bhfuil an-dul chun cinn á dhéanamh acu a n-acmhainn iomlán a chomhlíonadh.

Is gá deiseanna foghlama gairmiúla atá spriocdhírthe do mhúinteoirí agus treoirilinte suas le dáta a chur ar fáil chun cabhrú le daltaí a bhfuil an-dul chun cinn á dhéanamh acu a n-acmhainn iomlán a chomhlíonadh, agus iad tacaíthe ag forbairt acmhainní.

4. Éachtaí sa litearthacht a dhaingniú – agus béim ar fheabhsúcháin a bhaint amach sa litearthacht **don Ghaeilge agus tríd an nGaeilge**, agus ar scileanna **litearthachta digití** ár bhfoghlaimoirí a fheabhsú.

Gné rithábachtach de chaighdeán teagaisc agus foghlama na Gaeilge ar fud na scoile a fheabhsú ná curaclaim nua sa Ghaeilge a chur i bhfeidhm ar na leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile araon, agus é mar aidhm acu Gaeilge a fheabhsú mar Theanga 1 i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus Gaeilge a fheabhsú mar Theanga 2 i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Le cur i bhfeidhm an *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* de chuid na Roinne (Deireadh Fómhair 2016) déileálfar freisin le saincheisteanna maidir le soláthar don Ghaeilge i gceantair Ghaeltachta.

Tríd an *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020* a chur i bhfeidhm, leanfar ar aghaidh ag feabhsú rannpháirtíochta sa litearthacht dhigiteach ar fud an chontanaim oideachais.

Beidh comhoibriú fairsing ag teastáil laistigh den chóras oideachais agus leis an bpobal i gcoitinne chun na gníomhartha uile seo a dhéanamh d'fhonn iompraíocht a mhéadú is eol is cúis le torthaí dearfacha.

CUID III – FORBAIRTÍ SNA SÉ CHOLÚN AGUS NA GNÍOMHARTHA ATÁ AG TEASTÁIL

Sa chuid seo den Athbhreithniú Eatramhach, pléitear forbairtí ó 2011 i leith faoi gach ceann de na sé Cholún sa *Straitéis*.

Colún 1:	Tuismitheoirí agus pobail a chumasú chun tacú le forbairt litearthachta agus uimhearthachta na leanaí
Colún 2:	Feabhas a chur ar chleachtas gairmiúil múinteoirí agus cleachtóirí i gCúram agus Oideachas na Luathóige (COLÓ)
Colún 3:	Cumas lucht ceannaireachta na scoile a neartú
Colún 4:	Feabhas a chur ar an gcuraclam agus ar an eispéireas foghlama
Colún 5:	Cabhrú le scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu barr a gcumais a bhaint amach
Colún 6:	Feabhas a chur ar an measúnú agus ar an meastóireacht chun tacú le foghlaim níos fearr sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Sonraítear ann réimsí ina bhfuil níos mó airde ag teastáil go dtí deireadh na *Straitéise*. Tá líon beag gníomhartha, de bhreis ar na cinn atá sa *Straitéis* cheana féin nó leaganacha athraithe de na gníomhartha atá sa *Straitéis*, liostaithe ag deireadh gach Colúin.

Beidh na gníomhartha bunaidh ó 2011 fós ina bpríomhfachtóirí maidir leis an *Straitéis* a chur i bhfeidhm.

COLÚN 01 TUISMITHEOIRÍ AGUS POBAIL A CHUMASÚ CHUN TACÚ LE LITEARTHACHT AGUS UIMHEARTHACHT LEANAÍ A FHORBAIRT

Forbairtí

Sa *Straitéis*, in 2011, féachadh le **feachtas eolais náisiúnta** a spreagadh chun feachtas a ardú faoin ról tábhachtach a bhíonn ag tuismitheoirí agus pobail sa tacú le scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt. Tá go leor bainte amach sa réimse sin, an méid seo a leanas san áireamh:

- An láithreán gréasáin “www.helpmykidlearn.ie” agus an tsraith teilifíse “Family Project” de chuid na hÁisíneachta Náisiúnta Liteartha d’Aosaigh (NALA), rudaí ar bhreathnaigh 190,000 duine orthu ar an meán
- An feachtas “Right to Read” de chuid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPCLG), á mhaoirsiú ag na leabharlanna poiblí
- Obair ‘Aontas’ a leanann ar aghaidh ar scileanna litearthachta agus bunúsacha a fhorbairt i measc aosach.

I mbeartais náisiúnta ar nós *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: an Creat-Pholasáí Náisiúnta do Leanáí agus Daoine Óga, 2014-2020* (Aibreán 2014), aithníodh gur gné bhunúsach í forbairt deascileanna litearthachta agus uimhearthachta, an litearthacht dhigiteach san áireamh, de dheiseanna saoil gach duine agus go bhfuil sí rithábachtach do cháilíocht agus do chomhionannas na sochaí freisin. Sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* de chuid an Rialtais,

tugtar tosaíocht do neartú na Gaeilge, agus tá an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 2017-2022* de chuid an Rialtais mar bhonn agus mar thaca eile ag an sprioc sin.

Chun é a rá i bhfocail NALA “is é atá déanta ag an *Straitéis* ná comhthéacs beartais lárnach a chur ar fáil chun leanaí, daoine óga agus aosaigh a nascadh le chéile sa phlé ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht.” Ní mór an cineál ratha sin a chothú agus tógáil air as seo go ceann dheireadh na *Straitéise*. Tá sé sin tábhachtach do theaghlaigh agus do phobail go háirithe sa chás:

- Nach bhfuil Béarla ná Gaeilge ar an bpríomhtheanga cumarsáide nó
- Go bhfuil easpa scileanna ag na tuismitheoirí féin sna réimsí sin, lena n-áirítear easpa scileanna TFC.

Cuirtear faoi chaibidil sa *Straitéis* freisin **comhairle agus eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí** maidir le cén chaoi ar féidir leo tacú le forbairt teanga, litearthachta agus uimhearthachta a gcuid leanaí. Tá sé níos éasca teacht ar chomhairle agus ar thacaíocht den sórt sin maidir leis an litearthacht ná leis an uimhearthacht go dtí seo. Is measc na dtionscnamh atá á gcur i bhfeidhm tá:

- Foilsíonn an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ábhair, atá dírithe ar thuismitheoirí nó is féidir le tuismitheoirí a úsáid, chun tacú le foghlaim teanga agus matamaitice a gcuid leanaí, m.sh. *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* (www.aistearsiolta.ie) i ndáil leis na luathbhlianta agus an fhoireann ábhar tacaíochta i ndáil le Curaclam Teanga nua na Bunscoile (www.curriculumonline.ie)
- Ábhar bolscaireachta a scaipeadh i ndáil le www.helpmykidlearn.ie i suíomhanna luathbhlianta, chuig gach crèche, naíonra, tuismitheoir agus grúpa lapadán
- Leabhráin eolais de chuid na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) ar mhaithe le tuismitheoirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu maidir leis an aistriú idir suíomhanna oideachais <http://ncse.ie/information-booklets-pamphlets-2>.

I rith na chéad chéime de phróiseas féinmheastóireachta na scoileanna (2012-2016), bhíothas ag súil go dtabharfadh scoileanna tosaíocht don litearthacht agus don uimhearthacht. Sa dara céim suas go dtí 2020, ceanglaítear ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar an dul chun cinn atá déanta acu i leith na spriocanna a bhaint amach atá leagtha síos acu chun litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú. I gcás na féinmheastóireachta scoile bíonn ar scoileanna tuarascálacha gairide Féinmheastóireachta Scoile (FMS) a chomhlánú, chomh maith le Pleananna Feabhsúcháin Scoile (PFSanna). Bítear ag súil go gcuirfidh na scoileanna achoimrí orthu ar fáil dá bpobal scoile, na tuismitheoirí uile san áireamh. Is bealach an-úsáideach é sin le cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí faoi na gníomhartha a rinneadh go dtí seo i scoileanna chun litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú agus faoi na spriocanna atá ann. Tá roinnt scoileanna ann a bhfuil sé de nós acu le fada an lá gníomhartha a dhéanamh d’fhonn ról na dtuismitheoirí i bhfoghlaim a gcuid leanaí a chur chun cinn (cibé acu a dhéantar amhlaidh trí chruinnithe tuismitheora/múinteora nó de bhreis ar a leithéid de chruinnithe) agus/nó a bhfuil tacaíochtaí breise acu chun é sin a éascú. Mar shampla, faoin tionscnamh Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS), bíonn ról rithábachtach ag Comhordaitheoirí Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (TBSP) le tacú le

forbairt, cur i bhfeidhm, measúnú agus athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta DEIS na scoile, go háirithe maidir le rannpháirtíocht tuismitheoirí a chur chun cinn. Is éard is Comhordaitheoirí TSBP ann, a leithdháileann an Roinn Oideachais agus Scileanna iad, ná múinteoirí a scaoiltear ó dhualgais teagaisc chun dul i mbun oibre idirchaidrimh lánaimseartha idir an baile, an scoile, agus an pobal.

Tugann an fhianaise a chuireann scoileanna ar fáil le tuiscint, áfach, gur féidir an sreabhadh eolais ó scoileanna chuig tuismitheoirí a fheabhsú fós.

Léiríonn an taighde nach mór gníomhaíochtaí a bhaineann le hardfheidhmíocht sa litearthacht agus san uimhearthacht, cosúil leo siúd atá leagtha amach i moltaí an *Context Report* ó NAERM 2014 (Meán Fómhair 2016), a chur in iúl go forleathan, chomh maith leis na hacmhainní atá ar fáil, mar shampla na hacmhainní digiteacha i leabharlanna poiblí.

Ba cheart go gcuimseodh tacaíocht do thuismitheoirí na nithe seo a leanas:

- Níos mó béime a chur ar ról na dtuismitheoirí i bhforbairt scileanna uimhearthachta sna réimsí uile, mar shampla, suimeanna simplí, fadhbréiteach agus tuiscint cheart ar théarmaí matamaitice agus a n-úsáid cheart a chothú
- Feasacht tuismitheoirí a mhéadú ar an nasc atá ann idir scileanna teanga leanaí i mBéarla agus i nGaeilge, agus forbairt scileanna eile, amhail uimhearthacht
- Feasacht a mhéadú ar na féidearthachtaí atá ann do scoláirí maidir le slí ghairme STEM, rud a bhfuil Matamaitic riachtanach dó
- Tacú le foghlaim na Gaeilge ag leanaí
- Scileanna digiteacha a chur chun cinn mar ghné bhunúsach den litearthacht agus den uimhearthacht sa lá atá inniu ann
- Leanúint dá chinntiú go dtuigtear go soiléir luach na léitheoireachta agus na cainte struchtúrtha, i.e. i gcás cainte ina gcuireann tuismitheoirí ceisteanna agus ina míníonn siad rudaí, cuirtear focail nua i láthair agus tacaítear le smaointeoireacht an linbh, cumas réasúnaíochta briathartha, cumas déanta abairtí, nascadh abairtí le comhrá, srl. agus úsáid á baint as gnáthaimh agus tairbhí fíorshaoil chun é sin a dhéanamh.

Tá ról lárnach ag leabharlanna le tacú le litearthacht teaghlaigh, agus áit á cur ar fáil inar féidir le tuismitheoirí agus leanaí rochtain a fháil ar acmhainní litearthachta agus uimhearthachta saor in aisce, agus acmhainní digiteacha fairsinge san áireamh. Tá an bunú de chur chuige comhoibríoch i dtaca le hábhair tacaíochta oideachais agus ábhair léitheoireachta mar chaitheamh aimsire a chur ar fáil idir scoileanna agus leabharlanna poiblí, ar cheann de na cuspóirí atá i *Straitéis na Leabharlann Poiblí 2013-2017 Deiseanna do Chách*, ina dtreisiítear spriocanna na *Straitéise* seo.

Teastaíonn tacaíocht ó thromlach nach beag de dhaoine fásta chun a gcuid litearthachta agus uimhearthachta féin a fheabhsú. I gcás níos mó ná 17% de dhaoine fásta Éireannacha a ndearnadh sampláil orthu fuair siad scór ag Leibhéal 1 nó faoina bhun sa litearthacht agus fuair 25% díobh scór ag leibhéal a haon nó faoina bhun san uimhearthacht i dTuarascáil an Chláir um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach (PIAAC) in 2013.

Sa *Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna (FET) 2014 – 2019* (Aibreán 2014), cuimsítear straitéis ar leith i leith na litearthachta agus na huimhearthachta don earnáil aosach. Tá 12 ghné ann chun soláthar litearthachta d’aoisigh a chur chun cinn agus a chomhordú, atá le mionléiriú le linn shaolré na *Straitéise FET*, lena n-áirítear méadú ar chur chun cinn agus feasacht, méadú ar rannpháirtíocht, críochnú agus baint amach leibhéal 1-3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL), Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL), measúnú agus scagadh tosaigh, feabhas ar bhailiú sonraí, tosaíocht don uimhearthacht agus gnéithe eile nach iad.

Reáchtáladh feachtas feasachta náisiúnta “*Take the First Step*” i Meán Fómhair 2016 agus bhí sé bainistithe ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d’Aosaigh (NALA) thar ceann SOLAS. San fheachtas seo, a eagraíodh mar chuid den *Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014–2019*, díriodh ar chabhrú le tuismitheoirí a bhfuil riachtanais scile acu rochtain a fháil ar thacaíochtaí chun a gcuid scileanna litearthachta agus uimhearthachta féin a fheabhsú. Cuirfidh an obair a rinneadh chun freastal ar riachtanais litearthachta agus uimhearthachta aosach, tríd an *Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019* a chur i bhfeidhm, leis na hiarrachtaí i scoileanna, agus vice versa, ós rud é gur tuismitheoirí nó garthuismitheoirí daltaí scoile iad cuid mhór d’fhoghlaiméoirí aosta.

Cuirtear in iúl sa *Straitéis* go bhfuil gá le **tionscnaimh éifeachtacha a aithint agus foghlaim uathu** chun tacú le folláine agus foghlaim leanaí. Is féidir cleachtas éifeachtach a fheiceáil sna réimsí seo a leanas:

- Eagraíochtaí náisiúnta seanbhunaithe (NALA agus AONTAS san áireamh)
- Tionscnaimh scoile, ar nós DEIS
- Tionscadail fíor-chomhtháite, áitiúla
- Tháinig roinnt comhpháirtíochtaí den scoth chun cinn idir institiúidí tríú leibhéal nó suíomhanna breisoideachais, agus scoileanna agus pobail atá i gceantair uirbeacha faoi mhíbhuntáiste.

Léiríonn na tionscnaimh sin agus tionscnaimh eile nach iad an bealach ar féidir le foghlaim sa phobal agus sa teaghlach a bheith mar dhroichead idir oideachas sa bhaile agus oideachas foirmiúil. Is é an dúshlán atá ann anois ná bealaí a aimsiú le haird an phobail a tharraingt ar an méid a foghlaimíodh ó tionscnaimh den chineál sin chun tacú leis an iarracht náisiúnta chun tuilleadh feabhais a chur ar an litearthacht, ach ar an uimhearthacht go háirithe.

Sa *Straitéis*, pléitear leis an ngá le **díriú ar naisc idir suíomhanna baile agus oideachais agus iad a chomhordú agus a neartú**, agus **samhlacha dea-chleachtas** a fhorbairt agus a chur chun cinn chun tacú le sealbhú litearthachta agus uimhearthachta. Is gá go gcuideodh tionscnaimh lena chéile, agus chuige sin, aithnítear go bhfuil gá le cur chuige náisiúnta atá comhtháite agus comhordaithe. Meastar gur deashamplaí de chuir chuige chomhordaithe iad na cuir chuige seo a leanas:

- An Grúpa Stiúrtha Náisiúnta “Right to Read”
- An tSeirbhís Náisiúnta um Fhorbairt Cáilíochta, Better Start
- Na comhpháirtíochtaí láidre atá ag teacht chun cinn idir leabharlanna Údaráis Áitiúil agus scoileanna, trí phróiseas nasctha foirmiúil ar leith
- An Coiste Stiúrtha Náisiúnta, a ndéanann SOLAS cathaoirleacht air, agus atá ag obair chun feasacht a mhéadú ar dheiseanna do dhaoine fásta chun a gcuid scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fheabhsú faoin *Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019*.

Gníomhartha breise - go dtí 2020

Gníomhartha chun feasacht a mhéadú

- Fóram bliantúil litearthachta agus uimhearthachta a eagrú chun dul chun cinn a stiúradh agus níos mó deiseanna a chur ar fáil chun dea-chleachtas a chur chun cinn.

Gníomhartha le tacú le tuismitheoirí

- Spreagfar agus cuirfear chun cinn tionscadail a chothaíonn spéis agus feabhas sa Mhatamaitic, i scoileanna DEIS go háirithe.
- Treoir bhreise a chur ar fáil chun tacú le tuismitheoirí agus iad ag forbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta a leanaí mar chuid dá saol laethúil. Is é an toradh ba cheart a bhaint amach ná méadú ar iompraíocht i measc tuismitheoirí atá cruthaithe is cúis le torthaí dearfacha. Is iad na príomhtháscairí a bheidh i gceist leis sin ná:
 - An céatadán de thuismitheoirí a aontaíonn go láidir go gcuireann siad am i leataobh dá leanbh beagnach gach lá chun léamh ar chúiseanna spraoi nó taitnimh a mhéadú go 45% in 2020, ó 37% i NAERM 2014.
 - An céatadán de dhaltáí 15 bliana d’aois a deir go labhraíonn a dtuismitheoirí leo faoin gcaoi a bhfuil ag éirí leo ar scoil cúpla uair sa tseachtain a mhéadú go 60%, ó 56% in PISA 2012.
- Tuairisciú idir suíomhanna oideachais agus tuismitheoirí a neartú tuilleadh, chun rannpháirtíocht i bhfoghlaim leanaí a chur chun cinn, agus béim faoi leith curtha ar phointí aistrithe idir COLÓ agus an bhunscoil agus idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil chomh maith.

Comhoibriú a neartú i gcomhair litearthachta agus uimhearthachta

- Úsáid leabharlann a chur chun cinn chun tacú le litearthacht teaghlach agus gach leanbh agus teaghlach a spreagadh chun leas a bhaint as ballraíocht saor in aisce ina leabharlann áitiúil. Is iad na príomhtháscairí a bheidh i gceist leis sin ná:
 - An céatadán de dhaltáí i rang a sé a thógann leabhair ar iasacht ó leabharlann phoiblí uair amháin sa mhí ar a laghad a mhéadú go 60% faoi 2020, ó 47% de dhaltáí in NAERM 2014.
 - An cion de bhuaicillí a léann gach lá a mhéadú go 60% ar a laghad agus an cion de chailíní a mhéadú go 70% ar a laghad faoi 2020, ó 52% (buaicillí) agus 64% (cailíní) in PISA 2012.
- Comhoibriú idirghníomhaireachta agus idir-ranna a neartú maidir le forbairt acmhainní agus treorach i gcomhair litearthachta agus uimhearthachta.
- Ról na síceolaíochta oideachais i ngníomhartha litearthachta agus uimhearthachta a neartú, tríd an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais go háirithe.
- Ba cheart do scoileanna smaoinemh faoin gcaoi is fearr le ról a thabhairt do dhaltáí, mar phríomhpháirtithe sa phróiseas foghlama. Tá sé beartaithe reachtaíocht a thabhairt isteach i ndáil le Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí, rud a mbeidh mar aidhm aige feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanann scoileanna cumarsáid le tuismitheoirí agus daltaí.



FEABHAS A CHUR AR CHLEACHTAS GAIRMIÚIL MÚINTEOIRÍ AGUS CLEACHTÓIRÍ I GCÚRAM AGUS OIDEACHAS NA LUATHÓIGE (COLÓ)

Forbairtí

Sa *Straitéis*, díritear ar scileanna nua a theagasc do chleachtóirí COLÓ. Tá go leor bainte amach ó 2011 i leith:

- Faoin gClár COLÓ, atá maoinithe ag an Stát agus a seoladh í mí Eanáir 2010, cuirtear aon bhliain amháin de réamhscoil ar fáil saor in aisce do gach leanbh. Ó Mheán Fómhair 2016, rinneadh an clár a leathnú ionas go mbeadh leanaí in ann tosú i réamhscoil saor in aisce nuair atá siad 3 bliana d’aois agus fanacht sa réamhscoil gan táille go dtí go mbogfaidís chuig an mbunscoil (ar choinníoll nach bhfuil siad níos sine ná 5½ bliain ag deireadh na bliana réamhscoile). Le leathnú an chlár seo cuirtear níos mó deiseanna ar fáil chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta ár gcuid foghlaimeoirí an-óga a fheabhsú.
- In *Aistear* – Creatchuraclam na Luath-Óige, tugtar treoir shoiléir do chleachtóirí faoi thacú le litearthacht agus uimhearthacht leanaí ina suíomh luathbhlianta. In 2015, d’fhoilsigh an CNCM *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* ar líne agus is léir anois gur acmhainn fhíorluachmhar ar líne í do chleachtóirí luathbhlianta ar fud na hearnála atá ag cur *Aistear* i bhfeidhm. Cuimsíonn an treoir a chuirtear ar fáil cúnamh do chleachtóirí le tuiscint agus sealbhú príomhthéarmaí litearthachta leanaí a spreagadh agus a leathnú ach teanga mhatamaitice chuig a úsáid agus a shamhaltú go rialta. Ina theannta sin, cothaítear smaointeoireacht mhatamaitice trí thimpeallacht foghlama a chur ar fáil ina ndéantar soláthar d’acmhainní, ábhair agus cluichí oscailte, a mbíonn baint acu leis na himeachtaí i saol laethúil leanaí.
- I gcás na gcigireachtaí nua COLÓ dírithe ar an oideachas a dhéanann Cigireacht na Roinne, cuirfeadh feabhsúcháin eile ar oideachas luathbhlianta chun cinn agus tabharfar tacaíocht dóibh. Díritear sna cigireachtaí ar fhorbairt scileanna, coincheap agus eolais leanaí, lena n-áirítear réimsí na litearthachta agus na huimhearthachta chomh maith lena meon i leith na foghlama. Tá na tuarascálacha cigireachta ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.education.ie). I réimse na huimhearthachta, déanann foireann na Cigireachta meastóireacht ar an soláthar reatha don uimhearthacht i suíomhanna luathbhlianta ach úsáid a bhaint as an uirlis Chigireachta luathbhlianta. Cuireann an fhoireann treoir agus comhairle ar fáil do chleachtóirí freisin chun a chinntiú go dtagann leanaí i dteagmháil le príomh-choincheapa, taithí agus ábhair na luathuimhearthachta gach lá. Cuimsíonn na coincheapa sin focail agus siombailí uimhreacha, cruthanna, patrúin chomhairimh, feasacht ar spásúlacht, tomhas agus anailís ar shonraí a chur faoi chaibidil ag leanaí agus iad go léir foghlamtha trí mheán na súgartha seachas trí chleachtais teagascacha.
- Seoladh an tSeirbhís Náisiúnta um Fhorbairt Cáilíochta, Better Start, ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) in 2015. Tugann a chuid meantóirí tacaíocht do chleachtóirí agus iad ag baint úsáid as an gcreatchuraclam *Aistear* chun taithí fhairsing agus chuig a chur ar fáil do leanaí.
- Tá méadú mór tagtha ar leibhéal na gcáilíochtaí atá bainte amach ag cleachtóirí i gcomhthéacsanna COLÓ, go háirithe ar Leibhéal 5 den CNC, mar gheall ar an spreagadh córasach a thugann an *Straitéis*, ar athrú rialála agus dreasachtaí conartha, agus ar rochtain cleachtóirí ar cháilíochtaí arna maoiniú ag an DCYA. Díritear anois ar scileanna breise a theagasc ionas go mbeadh an oiread cleachtóirí agus is féidir cáilithe ar Leibhéal 6 agus go mbeadh níos mó seirbhísí faoi cheannas céimithe ar fáil ar fud na hearnála.

Beidh sé tábhachtach, de réir mar a tharlóidh na forbairtí seo agus a fhoghlaiméofar ceachtanna, a chinntiú go leanfar ar aghaidh ag déanamh an dea-chleachtas ó thaobh luathlitearthachta agus luathuimhearthachta de a dhaingniú ar fud na hearnála luathbhlianta agus i ranganna naíonán sóisearach ar scoil, agus go neartófar é.

Cuirtear béim láidir sa *Straitéis* ar chaighdeán agus ar ábhar na gclár um oiliúint tosaigh múinteoirí (OTM) chun gur féidir na spriocanna atá leagtha amach a bhaint amach. Rinne painéal idirnáisiúnta saineolaithe agus an tOllamh Pasi Sahlberg mar chathaoirleach orthu, athbhreithniú in 2012 ar na socruithe eagraíochta chun oiliúint tosaigh múinteoirí a chur ar fáil. Mar thoradh ar an Athbhreithniú, moladh athrú ó bhonn agus laghdú ar líon na n-institiúidí ó 19 go dtí sé “ionad nua d’oideachas múinteoirí” d’fhonn cuidiú le níos mó clár taighde-bhunaithe, mar aon le sainchúram níos leithne a chuimseodh an luath-óige, an bhunscolaíocht, an iar-bhunscolaíocht agus an breisoideachas. Ghlac an Roinn leis na torthaí agus thug an Rialtas faoi deara iad. Measadh go gcuirfeadh na hathruithe le hathchumrú ar ábhar an chlár. Tá cur chuige dearfach agus cuiditheach glactha ag na hinstiúidí i leith na leasuithe a chur i bhfeidhm, le tacaíocht ón Údarás um Ard-Oideachas. D’aontaigh na hinstiúidí a bhfuil ceangal acu le trí cinn de na hionaid mholta go gcumascaí iad, agus tá na cinn eile tar éis dul i mbun socruithe níos leithne atá dírithe ar chomhordú agus comhoibriú níos fearr.

Ó 2011 i leith, tá fad a gcuid clár OTM méadaithe ag **na hearnálacha OTM bunscoile agus iar-bhunscoile** araon, agus is réimsí éigeantacha staidéir sna cláir sin iad an litearthacht agus an uimhearthacht. Tugadh faoi deara ón gcomhairliúcháin, áfach, go bhfuil dúshlán ag baint leis an socrúchán scoile fadaithe don chóras scoile agus do sholáthraithe OTM araon i leith an bhrú ar acmhainní maoirseachta agus na ról éagsúla sa phróiseas a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sna *Treoirlínte ar Shocrúchán Scoile* de chuid na Comhairle Múinteoireachta, mar shampla:

- an t-ualach breise do theagascóirí Socrúcháin in Institiúidí Ardoideachais (IAO) agus ar na scoileanna, mar gheall ar an am breise atá á chaitheamh ag mic léinn i mbun socrúcháin scoile
- teastaíonn oiliúint ó mhúinteoirí comhoibríthe sna scoileanna comhpháirtí chun tacú lena gcuid múinteoirí faoi oiliúint, go háirithe nuair atá níos mó múinteoirí faoi oiliúint sna scoileanna

Cé gur cuireadh maoiniú breise ar fáil do IAOnna ó 2015 ar aghaidh, is gá féachaint ar roghanna eile chun déileáil leis na hábhair imní sin. I measc na réimsí féideartha forbartha tá: comhoibriú méadaithe idir IAOnna, Meabhráin Tuisceana (MTanna) a aontú idir IAOnna agus scoileanna comhpháirtí agus cothromaíocht a bhaint amach idir glacadh isteach múinteoirí faoi oiliúint agus acmhainneacht sa chóras scoile. Beidh sé tábhachtach don phróiseas cur chuige comhpháirtíochta a ghlacadh i leith socrúcháin scoile, rud a bheidh bunaithe ar chumarsáid agus ar chomhoibriú, agus ar luach gach comhpháirtí (scoil, múinteoir faoi oiliúint agus IAO) a aithint.

Fuarthas amach go bhfuil obair chasta ag baint le comhairle a chur ar fáil maidir leis na **riachtanais iontrála do chlár OTM bunscoile agus iar-bhunscoile**. Chuir páirtithe leasmhara imní in iúl maidir leis an gceist cibé acu arb iad torthaí na hArdteistiméireachta (tiontaithe ina bpointí CAO) an treoir/an tomhas is fearr i ndáil le hiontráil chuig OTM agus, ina theannta sin, na himpleachtaí a bheadh ann d’éagsúlacht phróifíl na n-iarratasóirí dá n-ardófaí na riachtanais acadúla i mBéarla, i nGaeilge agus sa Mhatamaitic. D’iarr an Chomhairle Mhúinteoireachta go ndéanadh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) machnamh ar na ceisteanna a ardaíodh. Tá an Roinn ag machnamh ar thuarascáil an ESRI agus ar chomhairle na Comhairle Múinteoireachta faoi láthair.

Tagraítear sa *Straitéis* don ghá le **cúrsaí iarchéime chun múinteoirí a ullmhú do shuíomhanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge** a chur chun cinn. Thug an Chomhairle Mhúinteoireachta faoi deara go bhfuil caighdeán ard Gaeilge ag teastáil, ar na leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile araon, chun Gaeilge a mhúineadh mar ábhar agus chun Gaeilge a úsáid mar mhodh cumarsáide agus mar mheán teagaisc chomh maith. Le linn an athbhreithnithe, tharraing páirtithe leasmhara aird ar roinnt dúshlán maidir leis an sprioc sin a bhaint amach:

- cuirtear mic léinn OTM (san earnáil iar-bhunscoile) ó staidéar a dhéanamh trí Ghaeilge, ar bhunús na tuisceana go bhfuil sé níos éasca do mhúinteoirí faoi oiliúint feidhmiú níos fearr ina gcuid measúnachtaí trí staidéar a dhéanamh trí Bhéarla seachas trí Ghaeilge
- níl aon soláthar OTM ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair don bhunoideachas.

Sa *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* de chuid an Rialtais, pléifear le cuid de na saincheisteanna sin de réir mar a bhaineann siad le OTM agus le teagasc, ní hamháin teagasc na Gaeilge ach teagasc trí mheán na Gaeilge freisin.

Leagtar béim sa *Straitéis* freisin ar an ngá le **tacaíocht leanúnach a thabhairt do chleachtadh litearthachta agus uimhearthachta múinteoirí**. I measc na mbeart tábhachtach atá curtha i bhfeidhm sa réimse sin tá:

- Tacaíocht do mhúinteoirí nuacháilithe tríd an gClár Ionductaithe Náisiúnta do Mhúinteoirí (CINM).
- Béim faoi leith a leagan ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht i samhail *Droichead*, a bhunaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta le meantóireacht agus ionductúchán a dhéanamh ar Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCanna)
- Admháil gur iomaí bealach a bhfoghlaímíonn múinteoirí in *Cosán*, creat náisiúnta nuafhorbartha de chuid na Comhairle Múinteoireachta ar dheiseanna foghlama gairmiúla do mhúinteoirí. In *Cosán*, cuirtear creat soiléir agus inrochtana ar fáil chun go n-aithneofaí forbairt ghairmiúil leanúnach i gcomhthéacs stádas múinteoirí mar ghairmithe cláraithe
- Cuid mhór tacaíochta tiomanta a chur ar fáil don litearthacht agus don uimhearthacht i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) chun nuáil sa teagasc agus san fhoghlaim a spreagadh, lena n-áirítear foirne tiomnaithe Litearthachta (Béarla agus Gaeilge), Uimhearthachta agus Teanga. Tugann Seirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) de chuid na Roinne tosaíocht do FMS mar ghné sholáthair i ngach foireann agus seirbhís tacaíochta dá cuid
- FGL a sheachadadh le tacú le cur an Chreata don tSraith Shóisearach (2015) i ngníomh, lena n-áirítear litearthacht agus uimhearthacht mar ghnéithe leabaithe dá chuid oibre. Tá sé sin ag teacht leis an dea-chleachtas maidir leis an gcaoi ar chóir do scoláirí teacht i dteagmháil leis an litearthacht agus leis an uimhearthacht, agus aithníonn go bhfuil “Bheith Liteartha” agus “Bheith Uimheartha” ar Phríomhscileanna den Chreat don tSraith Shóisearach (2015)
- FGL a sholáthar le tacú le cur na sonraíochtaí Matamaitice iar-bhunscoile athchóirithe i ngníomh. Tá an FGL seo dírithe ar an múinteoir mar chleachtóir athmhachnamhach. Cuireann na cleachtais ranga a dtacaíonn an cur chuige seo leo cur príomhscileanna den litearthacht agus den uimhearthacht i ngníomh chun cinn.
- Clár Matamaitice iarchéime na Roinne a chur ar bun, le hoiliúint a chur ar mhúinteoirí Matamaitice nach í an Mhatamaitic a ngnáthréimse ar an leibhéal iar-bhunscoile – arna threorú ag EPI-STEM, an Lárionad Náisiúnta d’Oideachas STEM (ar a nglaoití tráth an Lárionad Náisiúnta um Fheabhas i Múineadh agus Foghlaim sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht) in Ollscoil Luimnigh. Is iomaí deis forbartha gairmiúla a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí iar-bhunscoile faoin gclár seo agus éiríonn le

- thart ar 1,000 múinteoir Matamaitice cáilíocht iarchéime a bhaint amach dá bharr
- Tosaíocht a thabhairt do scoileanna DEIS ó thaobh tacaíocht litearthachta agus uimhearthachta de
- Riachtanas a thabhairt isteach go gcuirfeadh gach cúrsa samhraidh ar líne scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha san áireamh ina gcláir
- Leanúint de réimse múnlaí foghlama gairmiúla do mhúinteoirí a fhorbairt, lena n-áirítear cuir chuige foghlama cumaisc, a bhfuil i gceist leo meascadh d’fhoghlaim scoil-bhunaithe agus foirne iomláine, agus de mhúnlaí a éascaítear ar líne agus go seachtrach
- COGG a choimisiúnú, i gcomhar leis an CNCM, le hábhair acmhainne a ullmhú do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, a fheabhsóidh teagasc na Gaeilge
- Glacadh leis an *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, 2015-2020*, ina bhfuil creat leagtha amach maidir le teicneolaíocht dhigiteach a chur i bhfeidhm ar an gcontanam d’oideachas múinteoirí agus ar chláir oideachais múinteoirí eile a dtacaíonn an Roinn leo.

D’fhorbair SOLAS *Straitéis Forbartha Gairmiúla Breisoideachais agus Oiliúna* i gcomhairle leis an earnáil. Sainithníodh litearthacht agus uimhearthacht mar riachtanas forbartha cleachtóirí ó thaobh oibriú leis an bhfoghlaim FET de. Cuirfidh sé sin bonn eolais faoin soláthar forbartha gairmiúla do chleachtóirí BOO, lena n-áirítear foireann Ógtheagmhála. Caithfear leanúint d’iarrachtaí a dhéanamh lena chinntiú go mbíonn feasacht agus tuiscint múinteoirí ar oideolaíochtaí litearthachta agus uimhearthachta, agus an chaoi a gcleachtann siad iad, ag teacht leis an dea-chleachtas. Tugadh faoi deara i *dTuarascáil an Phríomhchigire 2010-12* (arna foilsiú in 2013) nach raibh teagasc sa Ghaeilge ná sa Mhatamaitic sásúil i mionlach de bhunscoileanna agus d’iar-bhunscoileanna. Leagadh béim i dteachtaireachtaí ó staidéir náisiúnta agus idirnáisiúnta, TIMSS 2015 agus PISA 2015 ina measc, ar roinnt réimsí eile ar gá díriú orthu freisin. I gcás na Matamaitice go háirithe, is gá go ndíreofar níos mó ar Chruth agus Spás, ar Thomhas agus ar Scil na Réasúnaíochta ar an leibhéal bunscoile, agus ar Gheoiméadracht agus Ailgéabar agus ar Scil an Chur chun Feidhme ar an leibhéal iar-bhunscoile. Ar an iomlán, ní mór dúinn a chinntiú go gcuirtear brú ar na scoláirí siúd atá ag feidhmiú go han-mhaith a lánacmhainneacht a chomhlíonadh agus go leagtar béim ar scileanna fadhbréitigh agus scileanna smaointeoireachta ardleibhéil. Leagadh béim air sin i dtorthaí NAERM 2014, PISA 2015 agus TIMSS 2015. Cuireadh in iúl in PISA 2015 chomh maith gur gá suim cailíní sa Mhatamaitic a mhéadú agus a bhfeidhmíocht a fheabhsú.

Gníomhartha breise - go dtí 2020

Cúram agus Oideachas na Luath-Óige

- An t-athbhreithniú ar chláir bhreisoideachais, ardoideachais agus oiliúna i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ) a chur i gcrích
- An fócas a mhéadú ar theanga labhartha, luathlitearthacht agus luath-Mhatamaitic i gcéimeanna leibhéal 7 agus 8 do chleachtóirí COLÓ.
- Tacú le cleachtóirí i suíomhanna COLÓ agus le múinteoirí in ionaid Tús Luath an creatchuraclam náisiúnta Aistear a chur i bhfeidhm agus an t-eispéireas foghlama a fheabhsú trí FGL a rolladh amach in Aistear agus in Síolta trí thionscnamh Síolta/Aistear, chomh maith le Cigireachtaí Luathbhlianta na Roinne Oideachais agus Scileanna a thabhairt isteach. Mar chuid díobh sin, tabharfar cúnamh do chleachtóirí tuiscint níos doimhne a fháil ar choincheapa uimhearthachta, ar an ord ina bhfoghlaímíonn leanaí luathsmaointe matamaitice, agus ar ábhair agus gníomhaíochtaí a aithint agus a chur ar fáil a chothaíonn foghlaim sa réimse sin. Beidh ar chleachtóirí a chinntiú go malartaítear faisnéis agus smaointe le tuismitheoirí go rialta chun cur le foghlaim mhatamaiticiúil agus scileanna fadhbréitigh leanaí óga idir an baile agus an timpeallacht luathbhlianta.

Cúram agus Oideachas na Luath-Óige

- Tacú le cleachtóirí COLÓ chun féin-athbhreithniú struchtúrtha a dhéanamh mar chuid de chleachtas COLÓ, agus béim á cur ar fhorbairt litearthachta agus uimhearthachta bunaithe ar chreat *Aistear*. Spreagfaidh Cigireacht Luathbhlianta na Roinne Oideachais agus Scileanna na cleachtóirí chun a bpróisis féinmheastóireachta a fhorbairt laistigh den suíomh chun leibhéal reatha soláthair uimhearthachta a mheas, agus pleanáil a dhéanamh le haghaidh tuilleadh deiseanna foghlama. Tá sé tábhachtach a chinntiú go dtagann idir bhuachaillí agus chailíní i dteagmháil leis an uimhearthacht ina luath-óige mar chuid de seo.

Oideachas Tosaigh Múinteoirí

- An t-athbhreithniú ar na riachtanais iontrála i ndáil leis an Oideachas Tosaigh Múinteoirí a chur i gcrích, lena n-áirítear, i gcás an teagaisc bhunscoile, cibé acu an bhféadfaí na híosghráid a ardú a éilítear i Matamaitic, Béarla agus Gaeilge na hArdteistiméireachta.
- Breisoiliúint a chur ar fáil le tacú le múinteoirí comhoibreacha i scoileanna comhpháirtíochta do OTM, faoi réir ag acmhainní.
- Múnlaí comhpháirtíochta nua a fhorbairt agus a chur chun cinn idir soláthraithe OTM, scoileanna, múinteoirí faoi oiliúint agus teagascóirí Socrúcháin IAO.
- A iarraidh, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an “Oiliúint Tosaigh Múinteoirí: critéir agus treoirlínte do sholáthraithe cláir” atá á dhéanamh ag an gComhairle Mhúinteoireachta, go gcuirfear san áireamh in aon chritéir agus treoirlínte athbhreithnithe aidhmeanna agus cuspóirí na *Straitéise* seo, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an uimhearthacht, leis an nGaeilge agus leis an litearthacht dhigiteach.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm mholtaí an Phainéil Athbhreithnithe Idirnáisiúnta (a bhfuil an tOllamh Pasi Sahlberg i gceannas air) um Sholáthar Oiliúna Tosaigh Múinteoirí.

Deiseanna Foghlama Gairmiúla do Mhúinteoirí

- A chinntiú go leanfar de rochtain ar dheiseanna foghlama litearthachta agus uimhearthachta san oideolaíocht, in eolas ábhair agus sa mheasúnú do mhúinteoirí agus do sholáthraithe i gcomhthéacsanna speisialta, bunscoile, iar-bhunscoile agus Ógtheagmhála, agus leanúint de chreata dearbhaite cáilíochta a fhorbairt.
- Tacaí i réimsí tosaíochta a chur i bhfeidhm ag an bhfoireann lánaimseartha um uimhearthacht bhunscoile sa tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), lena n-áirítear cnuaschruinnithe le haghaidh scoileanna atá á bhforbairt mar phobail foghlama ghairmiúla agus seimineáir ar Theagasc Foirne san Uimhearthacht, ina ndírítear freisin ar thacaíocht foghlama agus teagasc cuimsitheach.
- Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí chun teacht ar dheiseanna eile chun tacú le huimhearthacht i réimsí ábhair iar-bhunscoile d’fhonn dul i ngleic le réimsí ar leagadh béim orthu sa taighde, amhail difríochtaí ó thaobh inscne de i ngnóthachtáil sa Mhatamaitic (PISA 2015).
- Acmhainní a dhearadh do mhúinteoirí agus scoileanna chun tacú le raon leathan modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama, lena n-áirítear foghlaim agus réiteach fadhbanna ar bhonn fiosrú.
- Deiseanna foghlama gairmiúla a chur ar fáil do mhúinteoirí le tacú le curaclam nua na Matamaitice i mbunscoileanna, mar a chuirfear i bhfeidhm é sin.
- *Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 2017-2022* de chuid na Roinne a chur i bhfeidhm.
- Deiseanna iarchéime a chur ar fáil do mhúinteoirí Matamaitice bunscoile agus do mhúinteoirí Gaeilge bunscoile agus iar-bhunscoile, faoi réir ag acmhainní.
- Tosaíocht a thabhairt don litearthacht dhigiteach sa chontanam uile d’oideachas múinteoirí, i.e. in OTM, in Ionduchtú agus foghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí, agus béim a leagan ar a comhtháthú agus ar a húsáid ag scoláirí i bhfoghlaim sa churaclam ar fad, mar atá leagtha amach sa *Straitéis Digiteach do Scoileanna, 2015-2020*.



CUMAS LUCHT CEANNAIREACHTA NA SCOILE A NEARTÚ

Forbairtí

Ní dhearnadh aon tagairt sa *Straitéis* don ról atá ag ceannairí i suíomhanna COLÓ de bharr nach raibh maoiniú an Stáit do COLÓ ach ina thús an tráth sin. I bhfianaise na bhforbairtí leathana atá tite amach san earnáil le déanaí, ba chóir go dtabharfaí tuilleadh airde ar cheannairí sna suíomhanna seo de réir mar a théann an *Straitéis* ar aghaidh.

Tá sé mar aidhm ag an *Straitéis tuiscint a fheabhsú i measc príomhoidí agus príomhoidí tánaisteacha ar na cuir chuige is éifeachtaí dá bhfuil ann le teagasc litearthachta agus uimhearthachta a fheabhsú, lena n-áirítear i gcomhthéacs na féinmheastóireachta scoile (FMS). Bhí sé beartaithe riamh go gcuirfí príomhoidí agus príomhoidí tánaisteacha nua agus uailmhianacha san áireamh freisin. Tá dul chun cinn suntasach déanta:*

- Thacaigh Líonra na nIonad Oideachais go láidir le foghlaim ghairmiúil príomhoidí agus príomhoidí tánaisteacha
- Tacóidh an tIonad um Cheannaireacht Scoile leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach, ar ionad é a bunaíodh in 2015 agus atá freagrach as forbairt ceannaireachta ó thús deiridh an chontanaim, ó oiliúint reamhcheapacháin go dtí ionduchtú ceannairí scoile nuacheaptha
- Lean IPPN agus NAPD de bheith ina bpríomhpháirtithe i leith éascaíocht a dhéanamh ar FGL dá gcuid ball.

Tá féinmheastóireacht scoile (FMS) á leabú i gcleachtas scoile, rud a dtacaíonn cuairteanna comhairleacha ón gCigireacht leis. Tá ag éirí go maith le FMS go dtí seo a bhuíochas le roinnt mhaith daoine, ach de bharr go raibh lucht ceannaireachta scoileanna sásta dul i ngleic leis an bpróiseas go háirithe. Is dócha go bhféadfaí a bheith ag súil leis go ndíreodh an chuid is mó de scoileanna ar thionscnaimh litearthachta ar an gcéad dul síos, agus ar thionscnaimh uimhearthachta ar an dara dul síos, rud a fhágann go dtugann an t-athbhreithniú le fios ar an iomlán go gcaithfear béim níos láidre a leagan ar an uimhearthacht anois. I gCéim 2 de FMS, 2016-2020, glactar leis go leanfaidh scoileanna d’fhócasú go bríoch ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht, i gcomhthéacs fócasú ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim.

Tugadh faoi deara sa phróiseas comhairliúcháin freisin go bhfuil na nithe seo a leanas á lorg ag ceannairí scoile le forbairt a dhéanamh ar an méid a baineadh amach go dtí seo:

- Tuilleadh sealbhóirí poist le tacú le réimsí tosaíochta na scoileanna agus le hiad a chur chun cinn, m.sh. litearthacht agus uimhearthacht laistigh de FMS
- Rannpháirtíocht níos fiúntaí le linn an ama foghlama gairmiúla chun tionscnaimh reatha a leabú agus a ailíniú, ach freisin le sineirgí a thógáil agus an caidreamh atá ann idir na tionscnaimh éagsúla a chothromú agus a thuiscint.

Is ann do réimsí eile a aibhsíodh i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Eatramhaigh ar an *Straitéis*. Baineann ceann de na réimsí sin le cé chomh tábhachtach is atá sé aitheantas a thabhairt don ról a imríonn na ceannairí foghlama siúd a bhfuil a ról sonraithe ar bhealach níos leithne, ar daoine iad ar féidir leo tacú leis an litearthacht agus leis an uimhearthacht i bpobal na scoile. Tarraingíodh aird freisin ar úsáid measúnachtaí i scoileanna agus gur gá a leithéid de mheasúnachtaí agus de thástáil a úsáid ar bhealach cuí.

Gníomhartha breise - go dtí 2020

- Tacú le ceannairí i suíomhanna COLÓ an creatchuraclam náisiúnta *Aistear* a chur i bhfeidhm agus an t-eispéireas foghlama a fheabhsú trí FGL a rolladh amach in *Aistear* agus *Síolta* trí thionscnamh *Síolta/Aistear*.
- Tacú le ceannairí in COLÓ chun an féin-athbhreithniú struchtúrtha a dhéanamh ina chuid de chleachtas COLÓ, agus béim á cur ar fhorbairt lithearthachta agus uimhearthachta bunaithe ar chreat *Aistear*.
- Leanúint de dheiseanna foghlama gairmiúla a chur ar fáil do phríomhoidí agus do phríomhoidí tánaisteacha chun a gcuid scileanna a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh i leith tacú leis an uimhearthacht agus leis an litearthacht Ghaeilge agus dhigiteach ina scoileanna, agus measúnacht a úsáid chun tacú leo.



FEABHAS A CHUR AR AN GCURACLAM AGUS AR AN EISPÉIREAS FOGHLAMA

Forbairtí

Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbaineann leanaí taitneamh as an bhfoghlaim, go spreagann sí iad agus go mbíonn siad rannpháirteach inti mar go n-imríonn na tosca sin tionchar mór ar a bhfoghlaim ar an gcuraclam ar fad, pé acu i réamhscoil nó i rang Ardteistiméireachta.

Sa *Straitéis* leagtar béim ar an **gcuraclam i suíomhanna COLÓ**. Anois agus síneadh curtha leis an gClár COLÓ suas le dhá bhliain, maoinithe ag an Stát, tá deiseanna suntasacha breise anois ann:

- *Aistear* a chur i bhfeidhm go hiomchuí agus go cuimsitheach
- *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* a úsáid chun tacú leis an bhféinmheastóireacht mar chuid de chleachtas COLÓ
- Athspreagadh a thabhairt don litearthacht agus uimhearthacht sa churaclam agus san oideolaíocht laethúil i suíomhanna COLÓ.

Tacóidh na cigireachtaí nua dírithe ar an oideachas do shuíomhanna COLÓ leis an gclár oibre cáilíochta agus feabhsóidh siad é, mar a dhéanfaidh Tús Níos Fearr, Seirbhís Náisiúnta Forbartha na Cáilíochta.

Ós rud é go n-éascaíonn na forbairtí seo teanga éiritheach agus scileanna litearthachta agus uimhearthachta a chur chun cinn, ba cheart an poitéinseal atá ann chun forbairt na bpríomhthosaíochtaí a fheabhsú a thuilleadh a iniúchadh, go háirithe scileanna uimhearthachta agus rannpháirtíocht chomhionann cailíní leis an uimhearthacht a chinntiú, fiú ag an gcéim luath seo ina bhfoghlaim.

Maidir leis an **gcuraclam do bhunscoileanna**, is é Curaclam nua Teanga na Bunscoile an príomhthiománaí anois ar dhul chun cinn sa litearthacht. Cuireadh tús lena chur i bhfeidhm céimnithe do dhaltáí ó na naíonáin shóisearacha go rang a dó ó Mheán Fómhair 2016. Tá curaclam ar leith ann do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Tá deis iontach ann leis an gcuraclam nua, ní hamháin don fhoghlaim teanga ach d'fhorbairt na litearthachta freisin. Leis sin beifear in ann fillleadh arís ar *Aistear* chun na teachtaireachtaí i leith litearthachta agus uimhearthachta a neartú. Is príomhghné anois é an tAonad Foghlama Tosaíochta (PLU) an CNCM um Chumarsáid, Teanga agus Litearthacht do dhaltáí faoi Mhíchumas Foghlama Ginearálta Meánach, Dian agus Trom de Churaclam nua Teanga na Bunscoile. Idir 2016 agus 2020, beidh Curaclam nua Teanga na Bunscoile an CNCM dírithe ar rang a trí go dtí rang a sé.

Tá acmhainn ghréasán-bhunaithe forbartha ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS): *Cur Chuige Cothrom i leith Forbairt Litearthachta sna Luathbhlianta*. Tá sé seo ar fáil don Bhéarla (Teanga 1) agus tá an leagan Gaeilge (Teanga 1) á fhorbairt ag COGG.

Tar éis don Straitéis a bheith tugtha isteach in 2011, cuireadh béim ar leith i mbunscoileanna ar an méid ama a chaitear ar litearthacht agus ar uimhearthacht a mhéadú, agus é i gceist leis

scileanna litearthachta agus uimhearthachta a chomhtháthú i ngach réimse curaclaim. In Imlitir 56/2011 iarradh ar scoileanna an méid ama a chaitear ar litearthacht agus uimhearthacht a mhéadú ó Eanáir 2012 i leith:

- I gcás scileanna litearthachta, go háirithe i bpríomhtheanga na scoile (Béarla nó Gaeilge), méadú uair an chloig sa tseachtain
- I gcás na Matamaitice, méadú 70 nóiméad sa tseachtain.

Moladh, le linn an phróisis comhairliúcháin, go bhfuil gá le tacaíocht agus acmhainní breise a sholáthar do mhúinteoirí chun cabhrú leo an litearthacht agus an uimhearthacht a chomhtháthú i gcuraclam iomlán na mbunscoileanna, mar shampla uimhearthacht a chorprú i ranganna ealaíne, tíreolaíochta nó corpoideachais. Cabhróidh sé sin leis na leanaí féachaint ar ghnéithe den litearthacht agus uimhearthacht mar chuid dá ngnáthshaol gan aon laghdú ar an am a chaitear i réimsí curaclaim eile dá leithéid ná ar an saibhreas a ghabhann leo.

I dTuarascáil Chomhthéacs (2016) NAERM ón bhForas Taighde ar Oideachas (FTO), aithníodh go raibh gá le béim níos mó a chur ar an uimhearthacht sna bunscoileanna. B'fhéidir go gciallódh sé seo go bhfuil gá le cuir chuige éagsúla i leith na Matamaitice go ginearálta, chomh maith le cuir chuige éagsúla i leith na huimhearthachta sa churaclam trí chéile.

Táthar amhrasach freisin gur imir cur i bhfeidhm na Straitéise éifeacht dhíobhálach ar an soláthar don Ghaeilge, go háirithe nuair is í teanga 2. Níor mhinic a dáileadh breis ama uirthi i scoileanna agus i scoileanna áirithe b'fhéidir gur laghdaíodh ar an méid ama a dáileadh ar an nGaeilge. Ba cheart go réiteodh a háit, taobh leis an mBéarla, ar Churaclam Teanga na Bunscoile nua cuid de na fadhbanna seo.

Sa *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, 2015-2020*, cuirtear béim ar an tábhacht a ghabhann le foghlaim dhigiteach a leabú sa churaclam trí chéile. In 2016, thosaigh an CNCM ag obair ar churaclam nua Matamaitice bunscoile do ranganna sóisearacha a fhorbairt, ionad an chódúcháin sa Mhatamaitic san áireamh. Tá curaclam nua Matamaitice do ranganna sóisearacha le bheith críochnaithe ag an CNCM faoi fhómhar 2018.

Tá tús curtha freisin ag an CNCM ar athbhreithniú ar an struchtúr agus ar an leithdháileadh ama sa churaclam bunscoile, lena chinntiú go bhfreastalaíonn an leithdháileadh sin ar riachtanais na bhfoghlaiméoirí, agus pléifear ann ceisteanna maidir leis an leithdháileadh ama don Mhatamaitic. San athbhreithniú seo déanfaidh an CNCM measúnú ar réimsí sa churaclam bunscoile ina bhféadfadh feidhm a bheith le scileanna agus cleachtadh códúcháin.

Tabharfaidh na forbairtí seo deiseanna chun scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha a dhaingniú a thuilleadh sa churaclam bunscoile trí chéile agus do na ranganna ar fad, agus tabharfaidh sé freisin scóip chun dúshlán a chur ar na daltaí ardchaighdeán.

Tá roinnt gníomhartha a bhaineann le **forbairt curaclaim iar-bhunscoile** sa *Straitéis*. Le dul chun cinn sa Mhatamaitic ag an leibhéal iar-bhunscoile áirítear:

- Siollabais nua Matamaitice don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht, ar a nglaoitear “Tionscadal Mata”, atáthar tar éis a chur i bhfeidhm anois ina n-iomláine. Bhí na siollabais nua

don Mhatamaitic á bhforbairt roimh an *Straitéis*, ach tá dlúthcheangal idir a gcur i bhfeidhm agus a dtionchar

- Am breise a sholáthar don uimhearthacht, mar atá leagtha síos in imlitreacha na Roinne
- Tháinig méadú suntasach ar an gcéatadán d'iarrthóirí a rinne Matamaitic ardleibhéil san Ardteistiméireacht, ó 17% in 2010 go 28% in 2016 - is é 30% faoin mbliain 2020 an sprioc sa *Straitéis*
- Tháinig méadú suntasach ar an gcéatadán d'iarrthóirí a rinne Matamaitic ardleibhéil sa Teastas Sóisearach, ó 45% in 2010 go 55% in 2016 - is é 60% faoin mbliain 2020 an sprioc sa *Straitéis*

I dTuirisc an Phríomhscrúdaitheora ar an Matamaitic i scrúduithe na Ardteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh in 2015, léirítear agus aithnítear an athrú córasach ar oideachas agus foghlaim na Matamaitice a d'eascair as na siollabais nua Matamaitice a bheith tugtha isteach. Tá sé le tuiscint ó na Tuairiscí go bhfuil gá, i gcomhthéacsanna iar-bhunscoile, le béim níos mó ar réiteach fadhbanna, foghlaim fhéinriarthach agus chomhoibríoch agus daltaí a chur i gcúinsí ina mbeifí ag súil go mbeidís in ann hipitéis a thabhairt agus a réasúnaíocht a mhíniú. Sna tuairiscí seo freisin, tugtar rabhadh go gcaithfidh scoláirí atá ag iarraidh rogha a dhéanamh cé acu Gnáthleibhéal nó Ardleibhéal a dhéanamh, machnamh domhain a dhéanamh air, toisc go gcreideann an Príomhscrúdaitheoir “nach bhfuil an rogha optamach á déanamh ag gach duine a roghnaíonn Ardleibhéal”. Sa chomhthéacs seo, táthar chun na spriocanna bunaidh ó *Straitéis* 2011, a bhain le rogha an Ardleibhéil i scrúduithe Matamaitice an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta, a choinneáil.

Taispeánann torthaí PISA 2015 go bhfuil gnóthachtáil scoláirí na hÉireann sa Mhatamaitic os cionn mheán ECFE ach nach bhfuil sí ag leibhéal na dtíortha is fearr feidhmíochta. Léiríonn PISA agus TIMSS 2015 go bhfuil gá le feabhas ar fheidhmíocht na scoláirí ardchaighdeán ag an leibhéal bunscoile agus an leibhéal iar-bhunscoile freisin. Ní mór dúinn díriú ar scileanna cognaíochta na scoláirí a fhorbairt níos mó trí dhíriú ar fhorbairt scileanna mar a fhoráiltear di sna curaclaim bunscoile agus iar-bhunscoile. Tá gá le tréaniarrachtaí chun béim níos mó a chur ar fhadhbreiteach agus ar smaointeoireacht ardleibhéil sa Mhatamaitic agus, go háirithe, chun spéis sa Mhatamaitic a mhéadú i measc cailíní, agus a bhfeidhmíocht a fheabhsú.

Táthar ag coimeád súil i gcónaí ar thionchar na n-athruithe agus ar an méadú ar an líon scoláirí a roghnaíonn Matamaitic ardleibhéil. Chuir an CNCM tús in 2016 le hathbhreithniú iar-fheidhmithe ar an Matamaitic iar-bhunscoile. Deimhneofar leis an athbhreithniú seo athruithe ar bith atá de dhíth, más ann dóibh, agus beidh sé mar threoir don athbhreithniú ar Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí do Mheán Fómhair 2018.

Leagtar béim sa *Chreat don tSraith Shóisearach 2015* ar an tábhacht a ghabhann le scileanna a fhorbairt. Aithnítear an tábhacht atá le litearthacht agus le huimhearthacht mar dhá cheann de na hocht bpríomhscil. Tugadh tús áite do shonraíochtaí nua a fhorbairt **don Bhéarla agus don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach**. Mar atá luaite thuas, tugadh curaclam nua Matamaitice isteach cheana don tSraith Shóisearach.

Cuireadh sonraíocht na Sraithe Sóisearaí don Bhéarla i bhfeidhm do lucht na chéad bhliana ó Mheán Fómhair 2014 i leith. Leagtar béim ann ar an teanga labhartha, léamh agus scríobh. Tá athrú tagtha ar an mbéim mheasúnachta. Anois tá dhá Mheasúnú Rangbhunaithe (CBA): ceann amháin a dhíríonn ar chumarsáid bhéil agus ceann eile ina mbíonn cnuasach dá scríbhinní féin curtha le

chéile ag na scoláirí féin. Tá Tasc Measúnaithe sa dara CBA, a bhaineann leis an gcnuasach de scríbhinní an scoláire. Anuas air sin, beidh scrúdú deiridh arna eagrú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). Eiseofar an chéad Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (JCPA) um fhómhar 2017. Tá FGL á cur ar fáil ag foireann na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM) do cheannairí agus múinteoirí scoile. Tá obair déanta ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) chun na ráitis Bhéarla don Chlár do Scoileanna na Sraithe Sóisearaí (JCSP) a ailíniú leis an tsonraíocht nua Bhéarla.

Tá forbairt ar shonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí á cur ar aghaidh, ach go bhfuil breis ama á tabhairt chun a chinntiú go ndéanfar freastal ar shainriachtanais teanga agus litearthachta chainteoirí dúchais Gaeilge agus scoláirí i suíomhanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear a scileanna cognaíocha agus smaointeoireachta ardoird. Mar sin, tabharfar isteach na sonraíochtaí nua i Meán Fómhair 2017, ní 2016 faoi mar a bhí beartaithe ar dtús. Is toradh í an mhoill seo ar chomhairliúchán an CNCM maidir leis an nGaeilge sa tSraith Shóisearach. Go dtí seo, tá comhaontú déanta go mbeidh cur chuige débhealaigh ann a dhéanfaidh idirdhealú idir scoileanna a bhfuil an Ghaeilge mar Theanga 1 nó mar Theanga 2 iontu, cosúil leis an gcur chuige atá ann ag an leibhéal bunscoile. Díreofar go háirithe ar scileanna béil chun cur leis an mbéim atá orthu ag an leibhéal Bunscoile agus sa tSraith Shinsearach.

Tá Clár Foghlama Leibhéal 2 (L2LPs) (Cumarsáid; Litearthacht agus Uimhearthacht) forbartha ag an CNCM do na scoláirí sin a bhfuil le deacrachtaí ginearálta foghlama ísle, éadroma, meánacha (GLD) acu ag Leibhéal na Sraithe Sóisearaí.

Anuas air sin, tacaíonn na sonraíochtaí ábhair éiritheacha sa tSraith Shóisearach go sainráite anois le “bheith liteartha” agus le “bheith uimheartha” mar scileanna tábhachtacha do scoláirí na Sraithe Sóisearaí. Leis an gcur chuige ilghnéitheach seo neartófar tábhacht na scileanna in intinn na scoláirí uile.

Le cúrsaí gairide ar Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha agus ar Chódú curtha ar fáil anois ag an CNCM, tá deiseanna breise ann do scoileanna díriú isteach ar scileanna litearthachta digití na scoláirí a fhorbairt. Ba cheart féachaint ar an TFC mar acmhainn an-áisiúil ar cheart go mbeadh sí ina cuid lárnach den fhoghlaim chun a bunról i saol an scoláire taobh amuigh den seomra ranga a léiriú. Ar na hacmhainní atá ar fáil tá Census@School, acmhainn a d’fhorbair Foireann Forbartha na Matamaitice ar féidir é a úsáid sna réimsí ábhar éagsúla chun an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn.

Leanfar d’fhorbairtí na Sraithe Sóisearaí sa tSraith Shinsearach. Agus tosaíocht tugtha d’fhorbairtí ar an tsraith shóisearach, tá forbairtí ar an tsraith shinsearach ag gabháil ar aghaidh níos réidhe agus ar scála atá níos teoranta. In éineacht leis na forbairtí ar Mhatamaitic na hArdteistiméireachta tá mórán oibre déanta ar mhionathruithe ar shonraíochtaí ábhar eile, na brainsí éagsúla in Eolaíochtaí na hArdteistiméireachta, an Mhatamaitic Fheidhmeach, Corpoideachas agus Eacnamaíocht san áireamh, mionathruithe a spreagfaidh feabhas ar litearthacht agus uimhearthacht nuair a chuirfear i bhfeidhm iad. Tá an CNCM ag obair d’fhonn feabhas a chur ar an Ríomheolaíocht, códú san áireamh, mar ábhar nua Ardteistiméireachta, agus táthar ag súil go mbeidh sé ullamh lena thabhairt isteach i Meán Fómhair 2018.

In 2017 tá tús curtha ag an CNCM le hathbhreithniú ar chlár na Sraithe Sinsearaí (lena n-áirítear an Ardteistiméireacht Fheidhmeach) agus ar chonairí gairme sa tSraith Shinsearach agus é mar aidhm réimsí áirithe a mholadh lena bhforbairt, rud a bheidh chun leasa daoine óga (16-18) uile, má bhíonn na hacmhainní sin ann.

Gníomhartha breise - go dtí 2020

Oideachas sna Luathbhlianta

- Tacaíocht a thabhairt do chleachtóirí agus do mhúinteoirí COLÓ in ionaid Tús Luath trí chreachuraclam *Aistear* a chur i bhfeidhm go cuimsitheach agus cleachtas athmhachnaimh a thógáil thart ar a gcuid oibre, forbairt luathscileanna litearthachta agus uimhearthachta go háirithe.
- An caidreamh idir réamhscoileanna agus bunscoileanna a fheabhsú, forbairt na dteimpléad tuairiscithe do leanaí atá ag aistriú idir an dá shuíomh seo a chríochnú.

Bunscoil agus Iar-bhunscoil

- A chinntiú go dtugtar tosaíocht don uimhearthacht, sa chiall is leithne di, i ngach forbairt ar an gcuraclam i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna litearthachta agus uimhearthachta sna Measúnachtaí Náisiúnta ar an Matamaitic agus Léitheoireacht an Bhéarla (NAERM) agus sa Chlár um Measúnacht Idirnáisiúnta ar Scoláirí (PISA) i bhfianaise aon dul chun cinn (Féach Cuid II).
- Athfhorbairt a dhéanamh ar churaclam Matamaitice na bunscoile le go n-áireofar códú agus TFC ann, ag tosú leis an gcuraclam do na ranganna sóisearacha agus lena chur i ngníomh i scoileanna, arna thacú ag forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí.
- A chinntiú go ndíreofar níos mó ar Chruth agus Spás, ar Thomhas agus ar scileanna cognaíocha na ndaltaí a fhorbairt, scil na Réasúnaíochta ag leibhéal na bunscoile go háirithe.
- Athbhreithniú ar an leithdháileadh ama don Mhatamaitic i mbunscoileanna, mar chuid d’athbhreithniú ag an CNCM ar an struchtúr agus ar an leithdháileadh ama sa churaclam bunscoile, lena chinntiú go bhfreastalaíonn an leithdháileadh sin ar riachtanais na bhfoghlaiméirí.
- Athbhreithniú ar fheidhmiú na gcuraclam leasaithe Matamaitice iar-bhunscoile (ar a dtugtar “Tionscadal Mata”) agus é seo a úsáid mar threoir d’athbhreithniú ar churaclam Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí do Mheán Fómhair 2018.
- A chinntiú go ndíreofar níos mó ar Gheoiméadracht agus Ailgéabar agus ar scileanna cognaíocha na scoláirí a fhorbairt, scil an Chur chun Feidhme ar an leibhéal bunscoile go háirithe.
- Forbairtí nua curaclaim sa Ghaeilge ag leibhéal na bunscoile agus sa tSraith Shóisearach a sheoladh.
- Litearthacht dhigiteach a chomhtháthú i ngach gné den fhoghlaim i gcomhréir leis an *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020*
- Le gach forbairt ar an gcuraclam ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile ba cheart deiseanna a lorg chun scoláirí ardghnóthachtála a chumasú le barr a gcumais a bhaint amach.



CABHRÚ LE SCOLÁIRÍ A BHFUIL RIACHTANAIS BHREISE FOGHLAMA ACU CHUN BARR A GCUMAIS A BHAINT AMACH

Forbairtí

Cuirtear béim sa *Straitéis* ar an tábhacht a ghabhann le soláthar na litearthachta agus na huimhearthachta mar phríomhghnéithe oideachasúla chun feabhas a chur ar thorthaí oideachais do scoláirí atá **faoi cheann den iliomad cineál míbhuntáiste oideachasúil**. Cuirtear béim sa *Stratéis* ar riachtanais cheithre grúpa ar leith:

- Leanaí agus daoine óga atá ag freastal ar scoileanna a fhreastalaíonn ar phobail ina bhfuil leibhéil arda míbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear baill den Lucht Taistil
- Leanaí imirceach nach é an Béarla ná an Ghaeilge a gcéad teanga
- Leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear leanaí sárchumasacha
- Daoine óga a d’fhág scoil go luath agus a dtugann ionaid oideachais, m.sh. Ionaid Ógtheagmhála agus Oiliúna Pobail, an dara seans dóibh scileanna litearthachta agus uimhearthachta agus scileanna riachtanacha eile a shealbhú agus a fheabhsú.

Tá eolas ar an gColún seo leagtha amach i dtaca le gach ceann de na grúpaí sin thíos.

Scoileanna i limistéir ina bhfuil ardtiúchan míbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch.

Leis an gclár Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS), a seoladh in 2005, leanadh de **thacaíocht a thabhairt do riachtanais leanaí atá ag freastal ar scoileanna ina bhfuil ardtiúchan de scoláirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste sóisialta, eacnamaíoch agus oideachasúil**. Ar an gclár tá:

- Bearta chun litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú
- Rochtain tosaíochta ar chlár litearthachta agus uimhearthachta
- Tionscnaimh sa Mhatamaitic agus léitheoireacht a chuireann taitneamh chun cinn

Ghlac Tusla, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, feidhmeanna na mBord Náisiúnta Leasa Oideachais ar láimh ó Eanáir 2014 agus is príomhpháirtí leasmhar é maidir le tacaíocht a thabhairt don leas oideachais agus cabhrú le scoláirí barr a gcumais a bhaint amach. Mar chuid dá Sheirbhís Leasa Oideachais chomhtháite tá príomhthacaíochtaí DEIS, an Scéim Theagmhála Baile Scoile agus an Phobail (TBSP) agus an Clár Críochnaithe Scoile (SCP).

Sa *Tuairisc Feidhmíochta* ó NAERM 2014, cuireadh béim ar an mbearna atá ann idir scoileanna DEIS Banda 1 agus daltaí i scoileanna eile i léamh agus Matamaitic (féach Tábla 6). Tarraingíonn na húdair aird áfach ar roinnt srianta ar a n-anailís ar ghnóthachtáil scoileanna a bhfuil stádas DEIS/SSP acu. Mar shampla, tá na hearráidí caighdeánacha mór, rud a chiallaíonn go bhfuil na torthaí a tuairiscítear,

ar an gcuid is fearr de, táscach. Tugann torthaí na meastóireachta ar chlár DEIS le fios go bhfuil, in ainneoin go bhfuil an bhearna idir scoileanna sa chlár DEIS agus scoileanna nach bhfuil á laghdú, an ghnóthachtáil fhoriomlán sa léamh agus sa Mhatamaitic, go háirithe i scoileanna DEIS Banda 1, fós faoi bhun scoileanna eile. Cé nach bhfreastalaíonn an clár DEIS ar ghrúpa aonchineálach scoileanna, agus dá réir sin gur deacair spriocanna uilíocha dóibh a shonrú, fós is cuí bearta a thabhairt isteach chun aird a dhíriú ar an mbearna idir scoileanna DEIS agus scoileanna eile a laghdú.

Beidh cur i bhfeidhm an *Phlean DEIS 2017* de chuid na Roinne thar a bheith tábhachtach chun dul i ngleic le fadhbanna litearthachta agus uimhearthachta a bhíonn ag daltaí i bpobail faoi mhíbhuntáiste. Aithnítear sa Phlean gur gá dul i ngleic le téamaí sonracha DEIS ar a bhfuil laigí i gcónaí, an litearthacht agus an uimhearthacht san áireamh. Tabharfar tacaíocht do phiólótú ar nuálaíocht trí chuir chuige nua fianaise-bhunaithe a ghlacadh chun dul i ngleic le tearcfheidhmíocht i scoileanna DEIS, i réimsí amhail litearthacht agus uimhearthacht, le Ciste um Fheabhas Scoile chun forbairt agus cur i bhfeidhm dea-chleachtais a spreagadh atá oiriúnach lena chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne. Beidh tábhacht freisin le tacaíocht forbartha dhírith do mhúinteoirí i scoileanna DEIS Banda 1 chun straitéisí a dhréachtú agus chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní chun na spriocanna sonracha dul chun cinn a bhaint amach do na scoileanna seo sa *Straitéis*. Aithnítear sa Phlean freisin go bhfuil gá le feabhas a chur ar an obair idirghníomhaireachta chun go mbeidh soláthar níos éifeachtaí ar an raon tacaíochtaí a bhfuil tábhacht leo do scoileanna DEIS. Dá réir sin, áirítear ann gníomhartha atá dírithe ar fheabhas a chur ar ullmhacht scoile leanaí réamhscoile, éifeachtacht na dtacaíochtaí iompraíochta agus teiripeacha a ardú agus seirbhísí a thacaíonn le freastal, coinneáil agus dul chun cinn scoile a chomhtháthú.

Tá tábhacht freisin leis na gníomhartha a sainaitníodh faoi Cholúin eile, amhail iadsan a thacaíonn le tuismitheoirí a bhfuil easnaimh scileanna orthu. Tugann ‘fuinneoga forbartha’ sa luath-óige deiseanna tábhachtacha freisin d’fhoghlaim teanga agus Matamaitice leanaí, rud a thugann le fios go bhféadfadh COLÓ cabhrú chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil.

Tábla 6. Feidhmíocht scoileanna DEIS Banda 1 i Measúnachtaí Náisiúnta ar an Matamaitic agus Léitheoireacht an Bhéarla 2014	
DEIS Banda 1 Litearthacht Léitheoireachta	Rang a Dó: D’fheidhmigh 18% de leanaí i scoileanna DEIS Banda 1 ag Leibhéal 3 nó níos airde (i.e. ag na leibhéil is airde) i gcomparáid le 46% go náisiúnta.
	Rang a Sé: D’fheidhmigh 21% de leanaí i scoileanna DEIS Banda 1 ag Leibhéal 3 nó níos airde i gcomparáid le 44% go náisiúnta
	Rang a Dó: D’fheidhmigh 44% de leanaí i scoileanna DEIS Banda 1 ag Leibhéal 1 nó níos ísle (i.e. ag na leibhéil is ísle) i gcomparáid le 22% go náisiúnta.
	Rang a Sé: D’fheidhmigh 47% de leanaí i scoileanna DEIS Banda 1 ag Leibhéal 1 nó níos ísle i gcomparáid le 25% go náisiúnta

Tábla 6. Feidhmíocht scoileanna DEIS Banda 1 i Measúnachtaí Náisiúnta ar an Matamaitic agus Léitheoireacht an Bhéarla 2014

DEIS Banda 1	Rang a Dó: D’fheidhmigh 21% de leanaí i scoileanna DEIS Banda 1 ag Leibhéal 3 nó níos airde (i.e. ag na leibhéil is airde) i gcomparáid le 47% go náisiúnta
	Matamaitic
	Rang a Sé: D’fheidhmigh 19% de leanaí i scoileanna DEIS Banda 1 ag Leibhéal 3 nó níos airde i gcomparáid le 42% go náisiúnta
	Rang a Dó: D’fheidhmigh 52% de leanaí i scoileanna DEIS Banda 1 ag Leibhéal 1 nó níos ísle (i.e. ag na leibhéil is ísle) i gcomparáid le 26% go náisiúnta.
	Rang a Sé: D’fheidhmigh 50% de leanaí i scoileanna DEIS Banda 1 ag Leibhéal 1 nó níos ísle i gcomparáid le 27% go náisiúnta

Leanaí imirceach nach é an Béarla ná an Ghaeilge a gcéad teanga

Riachtanais scoláirí ‘Béarla mar Theanga Bhreise’ (EAL) is ábhar do ghníomhartha sonrath eile sa *Straitéis*. Is cúis mhisnigh é gur réimse éigeantach é an t-oideachas ionchuimsitheach (ina gcorpraítear réimsí na riachtanas speisialta oideachais (SEN), ilchultúrthacht agus míbhuntáiste) sna cláir OTM a cheadaíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta. Aithníodh riachtanais leanaí EAL mar chuid riachtanach d’fhócas sa dara bliain saor in aisce réamhscolaíochta. Spreagann Curaclam nua Teanga na Bunscoile aitheantas ar theanga theaghlaigh na ndaltaí mar acmhainn seomra ranga.

Chruthaigh na leasuithe a tugadh isteach i scoilbhliain 2012/13 próiseas singil simplithe leithdháilte don tacaíocht foghlama agus teanga. Ag leibhéal na bunscoile, leithdháiltear uaireanta tacaíochta foghlama/teanga ar bhonn na bpostanna múinteoireachta ranga príomhshrutha sa scoil. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, leithdháiltear tacaíocht foghlama/teanga ar bhonn líon na scoláirí. Tá neamhspleáchas ag scoileanna maidir leis an acmhainn seo a lonnú idir tacaíocht foghlama agus tacaíocht teanga ag brath ar riachtanais shonracha na scoile. Leis na socruithe leasaithe seo, foráiltear do phoist bhreise mhúinteoireachta a chur ar fáil do scoileanna ina bhfuil ardtiúchan daltaí a bhfuil tacaíocht teanga de dhíth orthu. Cuirtear poist shealadacha tacaíochta teanga ar fáil ar bhonn achomharc ar na Boird Achomhairc um Sholáthar Foirne. Tá na critéir achomhairc leagtha amach sna socruithe um sholáthar foirne atá foilsithe.

Sa *Tuarascáil Chomhthéacs* ón NAERM 2014 (Meán Fómhair 2016) tugadh le fios, i gcás daltaí i rang a dó agus rang a sé a thuairiscigh nárbh é an Béarla ná an Ghaeilge a labhair siad sa bhaile, nár éirigh chomh maith céanna in aon chor leo i léitheoireacht Bhéarla is a d’éirigh le daltaí a labhair Béarla nó Gaeilge sa bhaile. Ag an dá leibhéal ranga, ba ísle feidhmíocht na ndaltaí seo sa Mhatamaitic, ach ní ag leibhéal suntasach ó thaobh staitistice de. Ag an dara leibhéal, thaispeáin torthaí PISA 2015 go raibh difear suntasach sa litearthacht léitheoireachta, idir scoláirí dúchasacha agus scoláirí ar imircigh iad a labhraíonn teanga eile seachas Béarla nó Gaeilge sa bhaile, le scoláirí dúchasacha ag scóráil 25 pointí níos airde. Ní bhfuarthas ann aon difear suntasach ina bhfeidhmíocht sa Mhatamaitic¹².

¹² Ba cheart a thabhairt faoi deara áfach, go bhféadfadh earráidí caighdeánacha móra, mar gheall ar an líon beag scoláirí atá sna grúpaí inimirceach, difríochtaí a cheilt atá idir an dá ghrúpa ar bhonn a gcúlraí inimirceach agus teanga

Tá gá nach beag fós le:

- Tosaíocht a thabhairt do riachtanais leanaí EAL ag leibhéal COLÓ agus i suíomhanna eile oideachais
- Tosaíocht a thabhairt ní hamháin don chéad ghlúin, ach don dara glúin de scoláirí EAL freisin
- Díriú isteach ar riachtanais ar leith scoláirí EAL a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu freisin.

Tá gá le hiarrachtaí móra a dhéanamh chun a chinntiú go bhféadfaidh an Straitéis borradh a chur faoin tacaíocht is gá do scoláirí EAL, iadsan atá nuathagtha nó an dara glúin díobh, ionas go mbeidh siad in ann ní hamháin líofacht sa teanga bhunúsach a bhaint amach, ach an líofacht a theastaíonn dá riachtanais acadúla freisin.

Leanaí agus daoine óga le riachtanais speisialta oideachais, lena n-áirítear leanaí sárchumasacha

In 2015, tháinig na Ranna Oideachais agus Scileanna; Leanaí agus Gnóthaí Óige; Sláinte, ar chomhaontú maidir le Múnla um Rochtain agus Cuimsitheacht (AIM) nua chun tacú le rochtain do leanaí faoi mhíchumas ar an scéim um réamhscolaíocht uilíoch (COLÓ). Bhunaigh an grúpa idir-rannach (GIR) a chonclúidí ar fhianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta, a léiríonn go ngabhann buntáistí suntasacha do leanaí faoi mhíchumas le freastal ar réamhscoil phríomhshrutha ardcháilíochta. Braitheann an múnla seo ar chomhoibriú trasearnála, a chuireann leis na tacaíochtaí san oideachas sna luathbhlianta agus sláinte atá ann cheana féin, seachas a bheith ag gníomhú go comhthreomhar leo.

Is í an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige atá ag treorú an mhúnla, a tugadh isteach i Meán Fómhair 2016, agus bunófar cultúr ionchuimsitheach sna seirbhísí luathbhlianta uile. Tá seacht leibhéal tacaíochta i seoladh an mhúnla seo, ó thacaíocht uilíoch go tacaíocht spriocdhírthe. Is gné thábhachtach de AIM é seoladh náisiúnta gradaim sainchuspóra ardoideachais chun léachtóirí a uasoiliúint le bheith ina gComhordaitheoirí Ionchuimsithe agus chun tacú le forbairt curaclaim, pleanáil agus ionchuimsiú leanaí faoi mhíchumas isteach i ngach seirbhís réamhscolaíochta.

Ag leibhéal na scoile, meastar go gcabhróidh an múnla nua atá molta le haghaidh acmhainní breise múinteoireachta a leithdháileadh ar scoileanna do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais, chun an t-idirdhealú idir acmhainní agus tacaíocht foghlama a bhriseadh, agus béim a chur ag an am céanna ar mhodheolaíochtaí múinteoireachta. Ba cheart agus caithfidh go n-éascóidh sé leithdháileadh níos cothromaí de na hacmhainní tríd an gcóras ar fad. Faoin múnla nua:

- Tabharfar treoir agus tacaíocht do scoileanna chun scoláirí a aithint a bhfuil breis tacaíochta de dhíth orthu agus chun poist bhreise mhúinteoireachta a úsáid agus a lonnú le go mbeidh an toradh is fearr dar féidir ann do na scoláirí.
- Beidh córas i bhfeidhm chun comhairle a thabhairt do scoileanna faoi conas aidhmeanna a fhorbairt dá scoláirí a fhaigheann tacaíocht bhreise agus conas na torthaí a thaifead agus a thuairisciú, (mar shampla, trí Chomhad Tacaíochta Dalta NEPS), agus an fócas a bhogadh sa tslí sin go dtí monatóireacht ar thorthaí scoláirí.

- Cuirfidh Seirbhís Tacaíochta Cuimsithe (ISS) an NCSE (an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta), nuair a bhunófar í, seirbhís chomhtháite amháin ar fáil chun feabhas a chur ar acmhainn scoileanna chun freastal ar riachtanais scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu.

Céimeanna dearfacha eile:

- Tá na contanaim dul chun cinn, i gCuraclam nua Teanga na Bunscoile, a dearadh chun tacaíocht a thabhairt do gach leanbh, de réir mar a fhoghlaimíonn siad ar a luas féin, agus chun tacú le múinteoirí eispéiris shaibhre teanga a phleanáil, curtha in oiriúint níos mó don leanbh aonair.
- Tá Clár Foghlama Leibhéal 2 NFQ nua ar fáil cheana sa tsraith shóisearach, agus tá Clár Foghlama Leibhéal 1 NFQ á bhforbairt.

Is beag fianaise a fuarthas, le linn an phróisis athbheithnithe, de bhéim náisiúnta níos mó a bheith curtha ar scoláirí sárchumasacha. Cuireann na torthaí ó TIMSS 2015, PISA 2015 agus NAERM 2014 leis an ngá le breis fócais ar an dream seo. Is mórthosaíocht iad a riachtanais siúd suas go 2020 agus níos faide anonn. Beidh an obair atá déanta cheana ag an CNCM, amhail Dréacht-treoirínite do Mhúinteoirí maidir le Daltaí Sárchumasacha agus obair an SESS, lena n-áirítear a dtionscadal píolótach ‘*Equality of Challenge Initiative - Piloting Educational Provision for Exceptionally Able and Dual Exceptional Students*’ mar threoir dó seo.

Cuirtear béim sa *Straitéis* ar thuiscint níos fearr ar **ról na teiripe urlabhra agus teanga maidir le tacaíocht a thabhairt do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais**. Tarraingíonn taighde a rinne an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (NBSS) agus Ollscoil Luimnigh aird ar:

- An tábhacht atá le riachtanais urlabhra agus teanga scoláirí a bhfuil dúshláin iompraíochta acu
- An gá le fócas na scoile uile a dhíriú ar scileanna na teanga labhartha chomh maith le scileanna na teanga scríofa
- An tábhacht a ghabhann le scoláirí a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht maidir lena bhfoghlaim féin

Sa dara leath den *Straitéis*, braitear gur cheart tacaíocht a dhíriú ar na naisc idir urlabhra, teanga, agus riachtanais chumarsáide agus ar rannpháirtíocht oideachasúil scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019*, thug an Roinn gealltanas go n-oibreodís leis na Ranna Rialtais agus leis na gníomhaireachtaí iomchuí chun seirbhís nua inscoile urlabhra agus teanga a thabhairt isteach, a chruthóidh naisc níos láidre idir tuismitheoirí, múinteoirí agus Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga. Beidh ról an-tábhachtach ag an tSeirbhís Tacaíochta Cuimsithe (ISS) nuair a bhunófar í.

Scileanna litearthachta agus uimhearthachta daoine óga a d’fhág scoil go luath agus a dtugann ionaid oideachais, m.sh. Ionaid Ógtheagmhála agus Oiliúna Pobail, an dara seans dóibh

Ní mór leanúint de thacaíocht agus tús áite a thabhairt do cháilíocht **an tsoláthair litearthachta agus uimhearthachta in ionaid Ógtheagmhála agus oiliúna pobail (IOP)**. Faigheann ionaid Ógtheagmhála agus IOP cabhair ó acmhainní amhail:

- Treoirínite NEPS (2013) maidir le dea-chleachtas i múineadh bunscoileanna litearthachta agus uimhearthachta in Ionaid Ógtheagmhála agus Oiliúna Pobail
- *Treoirínite d’Oibreoirí maidir le Clár Ógtheagmhála (2015)*
- An *Straitéis* seo agus an *Straitéis don Bhreisoideachas agus don Bhreisoiliúint 2014-2019*, inar leagadh síos luachanna agus cuspóirí coiteanna maidir le litearthacht agus uimhearthacht chun feabhas a chur ar thorthaí na bhfoghlaimoirí seo

Tá gá i gcónaí le FGL don fhoireann sna hionaid seo maidir le cuir chuige iomchuí i leith na litearthachta agus na huimhearthachta. Ba cheart deiseanna comhoibríthe sa dea-chleachtas idir sholáthraithe FGL do na seirbhísí seo agus do scoileanna iar-bhunscoile a mheas, ag cuimhneamh i gcónaí ar riachtanais éagsúla foghlaimoirí sna suíomhanna difriúla.

Gníomhartha breise - go dtí 2020

- Iniúchadh a dhéanamh ar conas dul i ngleic le míbhuntáiste socheacnamaíoch i suíomhanna COLÓ, lena n-áirítear bealaí chun teanga labhartha, litearthacht luath agus Matamaitic luath na leanaí a fheabhsú.
- *Plean DEIS 2017* a chur i bhfeidhm chun an t-eispéireas foghlama, torthaí foghlama agus dul chun cinn acu siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil a fheabhsú.
- An bhearna idir torthaí scrúdaithe scoláirí i scoileanna DEIS agus i scoileanna eile a laghdú i Measúnachtaí Náisiúnta ar an Matamaitic agus Léitheoireacht an Bhéarla, go háirithe i scoileanna DEIS Banda 1 (Tábla 2). An bhearna idir torthaí scrúdaithe scoláirí i scoileanna DEIS agus i scoileanna eile a laghdú ag an leibhéal iar-bhunscoile (Tábla 4).
- Ba cheart go leanfadh Measúnachtaí Náisiúnta ar an Matamaitic agus Léitheoireacht an Bhéarla d’anailís a dhéanamh ar ghnóthachtáil i léitheoireacht an Bhéarla agus sa Mhatamaitic i scoileanna a bhfuil stádas DEIS/SSP (Clár Tacaíochta Scoile) acu, agus ba cheart líon na scoileanna a dhéantar a shamplú a mhéadú d’fhonn iontaofacht na sonraí a fheabhsú.
- A chinntiú go bhfuil scoileanna, ina bhfuil ardtiúchan scoláirí a bhfuil tacaíocht teanga de dhíth orthu, ar an eolas maidir leis na hacmhainní atá ar fáil chun tacú le scoláirí EAL i suíomhanna bunscoile agus iar-bhunscoile.
- Tacú le leibhéal rannpháirtíochta leanaí le riachtanais speisialta oideachais i soláthar stát-mhaoinithe COLÓ, i gcomhréir le AIM leibhéal-7 (Múnla um Rochtain agus Cuimsitheacht) a d’fhoilsigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige in 2015.
- Feabhas a chur ar acmhainneacht na scoileanna faisnéis measúnaithe a úsáid a thabharfaidh treoir maidir le hidirghabhálacha chun tacú le leanaí i scoileanna agus chun tacú le cur i bhfeidhm an mhúnla nua atá beartaithe i gcomhair leithdháileadh acmhainní breise teagaisc.
- Treoirínite a chur ar fáil do mhúinteoirí maidir le torthaí foghlama a bhaint amach do scoláirí i gcomhthéacsanna éagsúla oideachais Comhoibriú agus comhroinnt dea-chleachtais i measc sholáthraithe FGL do iar-bhunscoileanna agus na soláthraithe d’Ógtheagmháil agus IOPanna, ag cuimhneamh i gcónaí ar riachtanais éagsúla na bhfoghlaimoirí.
- Treoirínite náisiúnta a chur ar fáil chun tacú le riachtanais scoláirí sárchumasacha, le béim ar leith ar a scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fheabhsú.
- Increase collaboration and sharing of good practice between CPD providers for post-primary schools and those for Youthreach and CTCs, mindful of the different needs of learners.



FEABHAS A CHUR AR AN MEASÚNÚ AGUS AR AN MEASTÓIREACHT CHUN TACÚ LE FOGHLAIM NÍOS FEARR SA LITEARTHACHT AGUS SAN UIMHEARTHACHT

Forbairtí

Is tosaíocht sa Straitéis é **feabhas a chur ar chumas mhúinteoirí agus chleachtóirí COLÓ cuir chuige agus sonraí measúnaithe a úsáid.**

Tá an measúnú agus an mheastóireacht ríthábhachtach chun eispéireas foghlama ardcháilíochta in COLÓ a sheachadadh, ach má tá sé le bheith ann, tá gá le tacaíochtaí. Tugann Clár Dearbhaithe Cáilíochta *Síolta* treoir chun cinn agus cuireann sé le *Treoir Chleachtais Aistear Síolta*. Beidh tábhacht leis na tuairiscí cigireachta dírithe ar an oideachas do shuíomhanna COLÓ, ar foilsíodh na céad cinn díobh in 2016, go háirithe ina bhfócas ar cháilíocht na bpróiseas chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí.

Is gné thábhachtach den chleachtas múinteoireachta agus foghlama do churaclam na bunscoile agus na hiar-bhunscoile í an úsáid iomchuí a bhaintear as sonraí measúnaithe ar mhaithe le cuspóirí éagsúla. Tá dul chun cinn déanta sa réimse seo ó 2011 le:

- Tá foirm thuairiscithe nua chun tacú le haistriú ó COLÓ go bunscoileanna á cruthú ag an CNCM.
- Cuireadh pointe breise leis an tástáil chaighdeánaithe ag leibhéal na bunscoile ionas gurb é an riachtanas anois don tástáil chaighdeánaithe ná rang a 2, 4, agus 6. Leis na sonraí a fhaightear is féidir dul chun cinn na scoláirí a rianú. Seolann 100% de na bunscoileanna a dtorthaí go dtí an Roinn gach bliain. Tá minicíocht na tástálachta agus cathain iad a chur ar siúl, i mBéarla agus i nGaeilge, á mheas toisc, mar shampla, aiseolas a tugadh le linn obair na Roinne ar *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* a fhorbairt
- Rinneadh riachtanas éigeantach ó 2014/2015 de Phas Oideachais CNCM, a cheadaíonn sonraí a aistriú ó bhunscoileanna go hiar-bhunscoileanna. Tá foirm aistrithe um riachtanais speisialta oideachais ar fáil freisin
- Beidh córas nua tuairiscithe i bhfeidhm a mbronntar Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (JCPA) dó ar fáil ó Fhómhar 2017.

Úsáid as **faisnéis measúnaithe chun tacú le cáilíocht níos fearr i dteagasc agus foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta** do scoláirí aonair. Tarraingíodh aird sa Straitéis chomh maith ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an measúnú chun tacú le daltaí le deacrachtaí foghlama. Tá ábhair mhachnaimh áirithe ann fós a chaithfidh a bheith mar threoir don Straitéis go dtí 2020. Is iad na hábhair mhachnaimh sin:

- I scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, tá athmhachnamh á dhéanamh ar an ionchas go mbeidh tástálacha caighdeánaithe sa Bhéarla i rang a 2 (i.e., tástálacha sa Bhéarla do rang a 4 agus a 6 amháin). D'fhéadfadh an cur chuige seo a bheith níos fearr mar thacaíocht don mhúnla luath-thumoideachais sna luathblianta bunscoile

- An fáth nach bhfuil ar scoileanna ina a mbíonn an teagasc trí mheán an Bhéarla tástálacha caighdeánaithe sa Gaeilge a chur ar siúl faoi láthair, go háirithe i rang a 4 agus a 6
- Ní chuirfeadh tástálacha caighdeánaithe i bhfeidhm i mbliain a 2 den tSraith Shóisearach sa ghearrthearma, chun gur fearr a éascófar cuir chuige measúnaithe nua eile a thabhairt isteach atá mar phríomhchuid den leasú ar an tSraith Shóisearach
- Ba cheart measúnú foirmitheach agus suimitheach araon a úsáid, sa seomra ranga, chun tacú le héispéiris foghlama ardcháilíochta, ní hamháin sa tSraith Shóisearach ach sa tSraith Shinsearach freisin

Ó 2012 i leith tá sé riachtanach do gach bunscoil agus gach iar-bhunscoil, féinmheastóireacht scoile (FMS) a dhéanamh agus pleananna feabhsúcháin scoile (SIP) a fhorbairt. Sa chéad sraith den FMS, iarradh ar scoileanna díriú ar litearthacht agus uimhearthacht. Spreagadh scoileanna chun faisnéis mheasúnachta a úsáid, i measc fianaise eile, agus spriocanna sonracha a leagan síos chun litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú laistigh de pleananna feabhsúcháin 3 bliana. Sa scoilbhliain 2014/15, iarradh ar scoileanna suirbhé ar líne a dhéanamh maidir lena rannpháirtíocht san FMS (ráta freagartha: 95% de bhunscoileanna agus 88% d'iar-bhunscoileanna). I measc freagróirí ar an suirbhé:

- Dhírigh 98% de bhunscoileanna agus 97% d'iar-bhunscoileanna ar litearthacht
- Dhírigh 71% de bhunscoileanna agus 66% d'iar-bhunscoileanna ar uimhearthacht
- Bhí tuairiscí FMS ullmhaithe ag 95% de bhunscoileanna agus 79% d'iar-bhunscoileanna
- Bhí tuairiscí SIP curtha le chéile ag 95% de bhunscoileanna agus 61% d'iar-bhunscoileanna

Ó thaobh dúshláin leanúnacha de, agus lena meas agus an Straitéis á cur i bhfeidhm idir 2017-2020, ba cheart go gcuirfí na tuairiscí FMS agus SIP ar fáil do phobal uile na scoile. Ní raibh ach 66% de bhunscoileanna agus 40% d'iar-bhunscoileanna, sa suirbhé, tar éis an riachtanais seo a chomhlíonadh ina iomláine suas go 2015.

Laistigh de *Straitéis* 2011, cuireadh béim an-mhór ar **feabhas a chur ar an teacht ar shonraí measúnachta maidir le gnóthachtáil litearthachta agus uimhearthachta, ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta**. Cé go n-aithnítear nach cuspóir ann féin é gnóthachtáil sna tástálacha seo, cuireann rannpháirtíocht na hÉireann leis an bhfeasacht ar conas mar atá ag éirí le scoláirí Éireannacha sa bhaile agus i gcomparáid le tíortha eile. Cabhraíonn rannpháirtíocht i suirbhéanna náisiúnta agus idirnáisiúnta chun treoir a thabhairt d'ionchuir, léamh a dhéanamh ar thorthaí, agus cuireann sé ar ár gcumas úsáid a bhaint as sonraí fianaise-bhunaithe d'fhonn a bhfuil gnóthaithe againn a chur i gcomparáid lenár bpiaraí idirnáisiúnta:

- Taispeánann NAMER 2014 gur tháinig an chéad fheabhsú suntasach ar léitheoireacht daltaí bunscoile le 30 bliain anuas, go raibh níos lú scoláirí ag feidhmiú ag leibhéal ísle inniúlachta sa léitheoireacht, agus go raibh líon níos mó díobh ag feidhmiú ag leibhéal inniúlachta níos airde.
- In PISA 2015, d'éirigh go maith le scoláirí Éireannacha sa léitheoireacht i gcomparáid le tíortha eile ach sa Mhatamaitic tá siad fós faoin bhun chaighdeán na scoláirí is airde
- D'éirigh go maith le scoláirí Éireannacha in TIMSS 2015 i gcomparáid le tíortha eile, ach níl Éire i measc na dtíortha is airde feidhmíochta.

Tabharfaidh torthaí PIRLS agus r-PIRLS in 2017 faisnéis luachmhar bhreise maidir leis an dul chun cinn atá déanta againn le litearthacht.

Is ábhar misnigh iad torthaí na measúnachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta seo agus tuairiscí eile, amhail *Tuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012* (2013), ach go dtarraingítear aird ar réimsí laga a bhfuil gá le hobair a dhéanamh orthu. Mar shampla, beidh sé tábhachtach:

- Feabhas a chur ar inniúlacht uimhearthachta scoláirí, go háirithe a gcumas réasúnaíochta, foghlaim a chur i bhfeidhm, agus a bheith páirteach i bpróisis réitigh fadhbanna
- Feabhas a chur ar fheidhmíocht litearthachta agus uimhearthachta scoláirí ardchaighdeán agus ionchais maidir lena ngnóthachtáil a ardú

Gnóthachtáil buachaillí sa léitheoireacht agus cailíní sa Mhatamaitic a neartú

Ar na réimsí eile ar cúis amhrais níos ginearálta iad, ach a bhfuil baint acu le litearthacht agus uimhearthacht, agus a bhfuil gá plé leo, tá:

- Leanúint de bheith rannpháirteach i bpleanáil múinteoirí, úsáid as straitéisí, úsáid TFC, mar shampla, Machnamh ar Chleachtas a d'fhorbair Foireann Forbartha na Matamaitice
- I gcás na Matamaitice, úsáid a bhaint as cuir chuige múinteoireachta amhail foghlaim atá fionnachtain-bhunaithe agus réiteach fadhbanna atá saibhir ó thaobh comhthéacs de
- Beartha breise a chur ar fáil chun an soláthar litearthachta agus uimhearthachta a neartú, go háirithe i scoileanna DEIS, do scoláirí EAL, agus scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais níos casta acu, lena n-áirítear iadsan le Míchumas Foghlama Ginearálta meánach, dian nó trom, agus scoláirí sárchumasacha freisin
- Feasacht i measc daoine fásta maidir le tábhacht na litearthachta agus na huimhearthachta ina saol oibre agus pearsanta a fhorbairt, agus deiseanna a sholáthar dóibh lena n-inniúlacht litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt agus chun an mhuinín agus na scileanna a thabhairt do thuismitheoirí agus seantuismitheoirí chun cabhrú lena bpáistí.

Cabhraíonn Féinmheastóireacht Scoile (FMS) agus cigireacht sheachtrach le feabhsúcháin ar ghnóthachtáil sa litearthacht agus san uimhearthacht ar roinnt bealaí:

- Tá FMS á leabú i gcleachtas scoile le tacaíocht ó chuaipteanna comhairleacha ón gCigireacht
- Cuirtear béim ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht i meastóireacht ar Bhéarla, ar Ghaeilge agus ar an Matamaitic i ngach cigireacht MSU (Meastóireacht Scoile Uile)
- Tá an litearthacht agus an uimhearthacht mar pháirt, i meastóireacht Theanga 1 agus na Matamaitice, de gach meastóireacht scoile uile - cigireachtaí ar Bhainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU-BCF) i scoileanna iar-bhunscoile
- Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, cuirtear béim i gcigireachtaí na n-ábhar uile ar fhorbairt traschuraclaim ar an litearthacht agus an uimhearthacht

Ó 2012 i leith, taispeánann cigireachtaí ar na leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile leibhéal arda sástachta le torthaí foghlama i mBéarla, ach tá sé le sonrú ó *Thuarascáil an Phríomhchigire do 2010-12* (2013) go raibh pleanáil agus seachadadh cur chuige iomchuí teagaisc agus foghlama don litearthacht agus don uimhearthacht níos sásúla i seomraí ranga sna bunscoileanna ná sna hiar-bhunscoileanna.

Thug an Chigireacht tuairisc ar a hanailís ar shonraí tástála caighdeánaithe do 2011/12 agus 2012/13 i mbunscoileanna (2016) agus luaigh siad réimsí a bhféadfaí forbairt a dhéanamh orthu. I measc na réimsí forbartha sin tá:

- Béim a chur ar mheasúnú foirmitheach agus suimitheach agus ar chomhroinnt sonraí, go háirithe i gcás tuismitheoirí ar foghlaimeoirí iad freisin
- Deiseanna forbartha gairmiúla a sholáthar do phríomhoidí agus do mhúinteoirí chun tacú leo na tástálacha a riar, le béim ar dhea-chleachtas agus oibiachtúlacht, gairmiúlacht agus rúndacht
- Cleachtais a leabú maidir le faisnéis mheasúnachta a aistriú, laistigh de shuíomhanna oideachais agus eatarthu araon, m.sh. de réir mar a bhogann foghlaimeoirí ó rang amháin go rang eile, idir COLÓ agus bunscoileanna agus idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna
- Leanúint de phróiseas FMS a leabú i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna
- Comhairle a thabhairt do scoileanna faoi conas is féidir le torthaí tástálacha caighdeánaithe cabhrú chun straitéisí teagaisc agus foghlama a aithint, arbh fhearr iad chun freastal ar riachtanais oideachais na bhfoghlaimeoirí, agus béim á cur ar cén fáth gur cheart tástáil, agus ar an bhfoghlaimeoir a choinneáil lárnach sa phróiseas uile
- Leanúint de bheith rannpháirteach i suirbhéanna náisiúnta agus idirnáisiúnta ionas go mbeifear in ann gnóthachtáil a thagarmharcáil ar a fad, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta
- Athmhachnamh a dhéanamh ar a mhinice a úsáidtear na tástálacha caighdeánaithe, go háirithe ar Bhéarla agus ar Ghaeilge, inár mbunscoileanna.

Ba cheart machnamh a dhéanamh freisin ar:

- Tástálacha ainmnithe a sholáthar (ceann don Bhéarla agus ceann don Mhatamaitic) lenar féidir tagairt critéir a éascú. Chuirfeadh tástálacha critéarthagartha ar a gcumas do scoileanna spriocanna a leagan síos maidir le gnóthachtáil torthaí sonracha foghlama nó tacar torthaí i measc na ndaltaí agus monatóireacht a dhéanamh ar a mhéad is a ghnóthaíonn grúpaí daltaí na torthaí seo thar thréimhsí ama. Níor dearadh na tástálacha caighdeánaithe normthagartha reatha, ina ndéantar gnóthachtáil na ndaltaí sna tástálacha sin a léamh i gcomhthéacs gnóthachtáil daltaí eile go náisiúnta, chun críocha spriocanna a leagan síos.
- Cé acu an gá na tástálacha ar an léitheoireacht sa Ghaeilge do dhaltaí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a athbhreithniú
- Tástáil oiriúnaitheach ríomhaire-bhunaithe i dtástálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta a thabairt isteach.

Tá obair, maidir le hacmhainní breise ábhartha do thástálacha normaithe ar litearthacht ag leibhéal na hiar-bhunscoile, ar bun freisin ag NEPS.

Gníomhartha breise - go dtí 2020

- Forbairt iomlán ar fhoirm thuairiscithe agus threorach chun tacú leis an aistriú ó COLÓ go dtí an bhunscoil, lena n-áirítear eolas ar mhéin agus riachtanais foghlama na leanaí.
- Tacaíochtaí a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile maidir le conas is fearr úsáid a bhaint as an eolas atá ar fáil i dtuairiscí aistrithe agus faisnéis mheasúnachta.
- Feabhas a chur ar chleachtas measúnachta trí leasuithe ar an gcuraclam agus ar FGL ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile.
- Chun a chinntiú go mbeidh socruithe tástála caighdeánaithe optamach: breithniú a dhéanamh ar cé acu ar cheart minicíocht na tástála i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a ghlacadh taobh le Curaclam nua Teanga na Bunscoile; tabhairt isteach na tástála caighdeánaithe sa tSraith Shóisearach a chur siar; chun go bhféadfaí measúnachtaí scoil-bhunaithe ar theagasc agus foghlaim a chomhtháthú níos fearr, agus ionstraimí tástála caighdeánaithe a nuashonrú ar bhonn rialta agus i gcomhréir le noirm Éireannacha.

CUID IV – PLEAN FEIDHMITHE – GNÍOMHARTHA MIONSONRACHA BREISE CHUN CUR LEOSAN ATÁ SA STRAITÉIS

Colún 1: Tuismitheoirí agus pobail a chumasú chun tacú le forbairt litearthachta agus uimhearthachta na leanaí

Colún 1	Cuspóir Bunaidh 2011 ¹³	Gníomhartha Breise Mionsonraithe	Dáta táscach
1.1	Tacú le feachtas náisiúnta eolais chun feachtas a ardú maidir leis an ról tábhachtach ar féidir le tuismitheoirí agus pobail a ghlacadh chun tacú le foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta	Páirt a ghlacadh mar chomhpháirtí gníomhach le SOLAS i bhfeachtas náisiúnta chun tacú le litearthacht d'aosaigh, go háirithe do thuismitheoirí le heasnamh scileanna, i gcomhréir le cur i bhfeidhm na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna.	2017 ar aghaidh
1.2	Comhairle agus eolas a thabhairt do thuismitheoirí chun cur ar a gcumas tacú le forbairt teanga, litearthachta agus uimhearthachta a leanaí	Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí cruthaitheacha agus núálacha chun tacú le ról tuismitheoirí mar oideachasóirí.	2017 ar aghaidh
		A chinntiú go mbíonn béim i dtacaíocht do thuismitheoirí ar scileanna uimhearthachta in éineacht le scileanna litearthachta, le béim ar leith ar fhadhbanna a chur agus ar fhadhbanna a réiteach.	2018 ar aghaidh
		A chinntiú go dtabharfar tacaíocht don litearthacht agus don uimhearthacht trí Ghaeilge agus go gcoimeádfar tuismitheoirí ar an eolas maidir le forbairtí curaclaim don Ghaeilge ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Tá cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 ábhartha dó seo.	2018 ar aghaidh
		Tacaíocht a thabhairt do scoileanna chun cur ar a gcumas dul i mbun teagmhála le tuismitheoirí/caomhnóirí le húsáid níos mó a bhaint as TFC chun tacú le foghlaim an scoláire, i gcomhréir le cur i bhfeidhm na Straitéise Digití do Scoileanna 2015-2020.	2017 ar aghaidh
		Treoirínte a sholáthar do theaghlaigh imirceach nach é an Béarla ná an Ghaeilge a gcéad teanga, feabhsú scileanna na máthairtheanga a chur chun cinn, i gcomhréir le cur i bhfeidhm na Straitéise Teangacha lasachta, nuair a fhoilseofar í.	2018 ar aghaidh
		Mar chuid de chur i bhfeidhm na moltaí ón nGrúpa Athbhreithnithe ar Oideachas STEM, méadú a dhéanamh ar an leibhéal eolais atá ar fáil do thuismitheoirí maidir leis na roghanna gairmeacha atá ann do scoláirí a roghnaíonn gairm STEM agus bunról na Matamaitice go háirithe, sa chomhthéacs sin.	2017 ar aghaidh

¹³ Marcáiltear le * cuspóirí nach raibh sa Straitéis 2011 nó atá curtha in oiriúint ón Straitéis sin

CUID IV – PLEAN FEIDHMITHE – GNÍOMHARTHA MIONSONRACHA BREISE CHUN CUR LEOSAN ATÁ SA STRAITÉIS

Colún 1: Tuismitheoirí agus pobail a chumasú chun tacú le forbairt litearthachta agus uimhearthachta na leanaí

Colún 1	Cuspóir Bunaidh 2011	Gníomhartha Breise Mionsonraithe	Dáta táscach
1.3	A chinntiú go ndéanfar rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhfoghlaim na leanaí a chomhtháthú i ngach Plean Feabhsúcháin Scoile	Breithniú ar bhealaí chun aon gníomhartha a chur chun tosaigh ar mhaithe le rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhfoghlaim leanaí a chur chun cinn, ar aithníodh iad trí fhéinmheastóireacht scoile agus tríd an bplean feabhsúcháin scoile. Samplaí de dheachleachtas a aithint agus a úsáid.	2017 ar aghaidh
		Béim a chur arís ar an ngá le haird ar leith a thabhairt ar ghuth an scoláire, i bhforbairt pleananna feabhsúcháin scoile/FMS san áireamh chun feabhas a chur ar fhorbairt litearthachta agus uimhearthachta. Tá sé i gceist reachtaíocht nua a thabhairt isteach maidir le Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí agus é mar aidhm léi an bealach a theagmhaíonn scoileanna le tuismitheoirí agus scoláirí a fheabhsú.	2017 ar aghaidh
1.4	Iarrachtaí a dhéanamh tacaíocht a spriocdhírú agus a chomhordú do thionscnaimh a chuireann ar a gcumas do thuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail tacaíocht a thabhairt d'fholláine agus d'fhoghlaim leanaí agus a neartaíonn naisc idir an baile, suíomhanna COLÓ agus scoileanna	Leanúint d'fheabhas a chur ar thuairisciú agus ar thuiscint idir scoileanna agus tuismitheoirí ag gach céim, ón eispéireas réamhscoile go dtí an t-eispéireas ardeistiméireachta, agus aird ar leith a thabhairt ar phointí a bhaineann leis an aistriú idir comhthéacsanna COLÓ, bunscoile agus iar-bhunscoile.	2017 ar aghaidh
		Comhpháirtíochtaí idir scoileanna agus an earnáil Breisoideachais agus Breisoiliúna (FET) chun aird a tharraingt ar dheiseanna don fhoghlaim a osach páirt a ghlacadh i gclár FET a chuirfidh feabhas ar a scoileanna agus a chuirfidh ar a gcumas dóibh a bheith níos muiníní agus iad ag cabhrú lena bpáistí.	2017 ar aghaidh
1.5	Múnlaí dea-chleachtais a fhorbairt agus a chur chun cinn a chumasaíonn tuismitheoirí, teaghlaigh, pobail, suíomhanna COLÓ agus scoileanna chun obair as lámha a chéile chun tacú le sealbhú litearthachta agus uimhearthachta	An dea-chleachtas ag leibhéal áitiúil a thaispeáint agus a cheiliúradh tríd na leabharlanna poiblí.	2017 ar aghaidh
		Daoine a spreagadh chun na leabharlanna poiblí a úsáid mar thaca do litearthacht an teaghlaigh. A chinntiú go spreagfar gach leanbh, tríd an scoil nó trína dtuismitheoirí, clárú le leabharlann poiblí, ceann atá nasctha lena suíomh COLÓ nó scoile dá mb'fhéidir.	2017-2020

Colún 1: Tuismitheoirí agus pobail a chumasú chun tacú le forbairt litearthachta agus uimhearthachta na leanaí

Colún 1	Cuspóir Bunaidh 2011	Gníomhartha Breise Mionsonraithe	Dáta táscach
		Spreagfar agus cuirfear chun cinn tionscadail a chothaíonn spéis agus feabhas sa Mhatamaitic, go háirithe i scoileanna DEIS, m.sh. Aonaigh Eolaíochta, BTYSTE, SciFest, CoderDojo, Intel MiniScientist, Smart Futures, Science Week, Discover Maths and Science	2017 ar aghaidh
		Féile Litearthachta agus Uimhearthachta a thionól.	2017 ar aghaidh
		Feasacht a ardú ar acmhainní do thuismitheoirí chun litearthacht agus uimhearthacht leanaí a chur chun cinn, le béim ar leith ar thuismitheoirí le riachtanais scileanna, ar imircigh agus ar an lucht taistil. An pacáiste acmhainne do litearthacht teaghlaigh atá á fhorbairt ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta do Aosaigh (NALA), le hurraíocht ó EirGrid, atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus caomhnóirí ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste.	2017
1.6	Struchtúir idirghníomhaireachtaí agus tras-rannacha a neartú chun tacú le litearthacht agus uimhearthacht	Feabhas a chur ar chomhoibriú idir an <i>Straitéis</i> seo agus an <i>Straitéis</i> um litearthacht agus uimhearthacht laistigh de <i>Straitéis Breisoideachais agus Breisoiliúna 2014 - 2019</i> i réimsí coiteanna na straitéisí, go háirithe maidir le feasacht a ardú agus le tacaíocht do litearthacht teaghlaigh.	2017 ar aghaidh
		Leathanbhanda ardcháilíochta a sholáthar do gach scoil. Is tosaíocht í nascacht do bhunscoileanna faoin <i>Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, 2015-2020</i> . Is gné an-tábhachtach é seo chun litearthacht agus uimhearthacht agus deiseanna oideachais don uile dhuine a chur chun cinn.	2017 ar aghaidh
		<i>Ráiteas um Beartas Oideachais STEM</i> a fhorbairt agus a fhoilsiú agus go n-áireofaí ann plean mionsonrach feidhmithe ina bhfuil freagrachtaí agus amlínte leagtha síos.	2017
		Ionchur na síceolaíochta oideachais i bhforbairt litearthachta agus uimhearthachta a neartú, trí theagmháil níos mó le NEPS maidir leis an gclár litearthachta agus uimhearthachta, i gcomhpháirt leis an CNCM agus gníomhaireachtaí eile.	2017 ar aghaidh

CUID IV – PLEAN FEIDHMITHE – GNÍOMHARTHA MIONSONRACHA BREISE CHUN CUR LEOSAN ATÁ SA STRAITÉIS

Colún 2: Feabhas a chur ar chleachtas gairmiúil múinteoirí agus cleachtóirí i gCúram agus Oideachas na Luathóige (COLÓ)

Colún 2	Cuspóir Bunaidh 2011	Gníomhartha Breise Mionsonraithe	Dáta tásach
2.1	Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do uasoiliúint cleachtóirí cúram agus oideachais luathóige (COLÓ)	Dul i mbun comhairliúcháin maidir le próifílí róil ghairmiúil athbhreithnithe agus iad a chríochnú mar chuid de chéim 2 d'athbhreithniú ar cháilíocht chlár oiliúna an bhreisoideachais agus na breisoiliúna.	2017
		An fócas a mhéadú ar theanga labhartha, luathlitearthacht agus luath-Mhatamaitic i gcéimeanna leibhéal 7 agus 8 do chleachtóirí COLÓ.	2017 ar aghaidh
		Tacú le cleachtóirí i suíomhanna COLÓ agus le múinteoirí in ionaid Túis Luaith an creatchuraclam náisiúnta <i>Aistear</i> a chur i bhfeidhm agus an t-eispéireas foghlama a fheabhsú ach FGL a rolladh amach in <i>Aistear</i> agus in <i>Síolta</i> trí thionscnamh <i>Síolta/Aistear</i> .	2017 ar aghaidh
		Tacú le cleachtóirí COLÓ chun féin-athbhreithniú struchtúrtha a dhéanamh mar chuid de chleachtas COLÓ, agus béim á cur ar fhorbairt litearthachta agus uimhearthachta bunaithe ar chreat <i>Aistear</i> . Tá sé tábhachtach a chinntiú go dtagann idir bhuachaillí agus chailíní i dteagmháil leis an uimhearthacht ina luath-óige.	2017 ar aghaidh
		Ábhair bhreise do theanga labhartha leanaí a fhorbairt chomh maith le samplaí d'fhorbairt teanga labhartha, luathlitearthacht agus luath-Mhatamaitic leanaí mar chuid de <i>Threoir Chleachtais Aistear Síolta</i> .	2017 ar aghaidh
2.2	Comhoibriú leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun caighdeán nua agus níos airde a leagan síos do riachtanais iontrála don oiliúint tosaigh múinteoirí (OTM)	I bhfianaise na comhairle a fuarthas ón gComhairle Mhúinteoireachta agus i dTuarascáil an ECFE, machnamh a dhéanamh ar acmhainneacht scrúduithe na hArdteistiméireachta sa Ghaeilge, Béarla agus Matamaitic, agus tascairí eile, mar chritéir le haghaidh iontráil isteach in OTM	2017
2.3	Leanúint de mholtaí ón bPainéal Athbhreithnithe Idirnáisiúnta um Sholáthar Oiliúna Tosaigh Múinteoirí a chur i bhfeidhm	Athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm mholtaí an Phainéil Athbhreithnithe Idirnáisiúnta um Sholáthar Oiliúna Tosaigh Múinteoirí.	2017

Colún 2: Feabhas a chur ar chleachtas gairmiúil múinteoirí agus cleachtóirí i gCúram agus Oideachas na Luathóige (COLÓ)

Colún 2	Cuspóir Bunaidh 2011	Gníomhartha Breise Mionsonraithe	Dáta tásach
2.4	Comhoibriú leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun athchumrú a dhéanamh ar ábhar agus fad tréimhse na gcúrsaí oiliúna tosaigh múinteoirí (OTM) do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile lena chinntiú go ndéanfar scileanna múinteoirí i leith theagasc na litearthachta agus na huimhearthachta a fhorbairt	A iarraidh, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an "Oiliúint Tosaigh Múinteoirí: critéir agus treoirlínte do sholáthraithe clár" atá á dhéanamh ag an gComhairle Mhúinteoireachta, go gcuirfear san áireamh in aon chritéir agus treoirlínte athbhreithnithe aidhmeanna agus cuspóirí na <i>Straitéise</i> seo, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an uimhearthacht, leis an nGaeilge agus leis an litearthacht dhigiteach.	2017 ar aghaidh
		Múnlaí comhpháirtíochta nua a fhorbairt agus a chur chun cinn lena chinntiú go mbíonn comhoibriú idir Institiúidí Ardoideachais (HEI), scoileanna, múinteoirí faoi oiliúint agus oidí socrúcháin ó institiúid ardoideachais chun déileáil le dúshlán a éiríonn as fad tréimhse sínithe OTM, m.sh. Meamraim Thuisceana a fhorbairt idir Institiúidí Ardoideachais agus scoileanna comhpháirtíochta.	2017 ar aghaidh
		Breisoiliúint a chur ar fáil chun tacú le múinteoirí comhoibreacha i scoileanna comhpháirtíochta do OTM, faoi réir acmhainní	2018 ar aghaidh
		Féachaint an bhféadfaí measúnú ar inniúlacht múinteoirí faoi oiliúint sa Ghaeilge a nascadh le TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge), i gcomhréir le cur i bhfeidhm an <i>Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022</i> .	2018
		TFC a leabú i gclár OTM.	ar lean
2.5	Cúrsa creidiúnaithe a chur ar fáil a ligfidh do mhúinteoirí faoi oiliúint OTM Bunscoile a dhéanamh trí mheán na Gaeilge	Rogha a chur ar fáil de chúrsa OTM trí mheán na Gaeilge as a dtiocfaidh cáilíocht mar mhúinteoir bunscoile agus líon na mac léinn a mhéadú atá cáilithe chun múineadh in iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, i gcomhréir leis an <i>bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022</i> .	2018
2.6	Soláthar forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí, le tacaíocht ón Roinn, a dhíríú ar mhúineadh na litearthachta agus na huimhearthachta agus measúnú a úsáid	Oiliúint a sholáthar d'oidí Aistear, a sheolfaidh siadsan ina dhiaidh sin oiliúint náisiúnta ar <i>Cur Chuige Cothrom i leith Forbairt Litearthachta sna Luathbhlianta in 2016-2017</i> .	2016-2017
		Múnlaí nua a chur chun cinn, lena n-áirítear pobail chleachtais agus foghlama comhpháirtí, chun tacú le leanúntas deiseanna foghlama gairmiúla múinteoirí.	2017 ar aghaidh

CUID IV – PLEAN FEIDHMITHE – GNÍOMHARTHA MIONSONRACHA BREISE CHUN CUR LEOSAN ATÁ SA STRAITÉIS

Colún 2: Feabhas a chur ar chleachtas gairmiúil múinteoirí agus cleachtóirí i gCúram agus Oideachas na Luathóige (COLÓ)

Colún 2	Cuspóir Bunaidh 2011	Gníomhartha Breise Mionsonraithe	Dáta táscach
		<p>A chinntiú go leanfar de sholáthar oiliúna ardháilíochta i litearthacht agus uimhearthacht, in oideolaíocht, eolas ábhair agus sa mheasúnú ar mhúinteoirí agus ar sholáthraithe in ionaid speisialta, bhunscoile, iar-bhunscoile agus Ógtheagmhála, le cuir chuige éagsúla, le béim ar:</p> <ul style="list-style-type: none"> Matamaitic, agus béim á cur ar scileanna réasúnaíochta, anailís ar fhadhbanna agus réiteach fadhbanna, agus torthaí taighde amhail na difríochtaí idir gnóthachtáil buachaillí agus gnóthachtáil cailíní a léiríodh in PISA 2015 á gcur san áireamh. Beidh uasoiliúint múinteoirí rang 3-6 sa bhunscoil ina thosaíocht. uimhearthacht agus smaointeoireacht matamaiticiúil i ngach réimse den churaclam an Ghaeilge, mar ábhar agus mar mheán trína múintear scoláirimúineadh i gcomhthéacsanna ina bhfuil méid suntasach míbhuntáiste oideachasúil, EAL agus SEN litearthacht dhigiteach, le béim ar a comhtháthú agus ar a húsáid ag scoláirí atá ag foghlaim tríd an gcuraclam ar fad. 	2017 ar aghaidh
		Tacaíochtaí uimhearthachta bunscóile a chur ar fáil i limistéir tosaíochta, lena n-áirítear cnuaschruinnithe do scoileanna atá á bhforbairt mar phobail foghlama gairmiúla agus seimíneáir <i>Múineadh Foirne don Uimhearthacht</i> atá dírithe freisin ar thacaíocht foghlama agus ar mhúinteoireacht ionchuimsitheach.	2017 ar aghaidh
		Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí chun teacht ar dheiseanna eile chun tacú le huimhearthacht tríd na réimsí ábhar ag leibhéal na hiar-bhunscoile, ag dul i ngleic le réimsí a leagadh béim orthu sa taighde amhail difríochtaí ó thaobh inscne i ngnóthachtáil sa Mhatamaitic mar a léiríodh in PISA 2015.	2017 ar aghaidh
		Acmhainní a dhearadh do mhúinteoirí agus scoileanna chun tacú le raon leathan modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama, lena n-áirítear foghlaim agus réiteach fadhbanna ar bhonn fiosrú.	2017 ar aghaidh
		Tacaíocht leanúnach a chur ar fáil i gcomhair chur i bhfeidhm praiticiúil an phróisis FMS (Féinmheastóireacht Scoile) chun feabhas a chur ar ghnóthachtáil sa litearthacht agus san uimhearthacht.	ar lean
		FGL a sheachadadh ar conas is féidir foghlaim idirdhealaitheach a sholáthar ar bhealaí ionchuimsitheacha agus cruthaitheacha a phléann go sonrach le riachtanais scoláirí sárchumasacha.	2018
		A chinntiú go mbíonn ábhair thacaíochta i nGaeilge agus i mBéarla ar fáil.	2017 ar aghaidh

Colún 2: Feabhas a chur ar chleachtas gairmiúil múinteoirí agus cleachtóirí i gCúram agus Oideachas na Luathóige (COLÓ)

Colún 2	Cuspóir Bunaidh 2011	Gníomhartha Breise Mionsonraithe	Dáta táscach
2.7	Cúrsa creidiúnaithe iarchéime a chur ar fáil chun tacú le múineadh na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna	Leathnú a dhéanamh ar dheiseanna do mhúinteoirí staidéar iarchéime a dhéanamh agus taighde a dhéanamh ar oideachas trí mheán na Gaeilge agus tumoideachas agus oideolaíocht teanga d'fhoghlaiméirí céad agus dara teanga na Gaeilge i gcomhréir le cur i bhfeidhm an <i>Pholasáid don Oideachas Gaeltachta 2017-2022</i> .	2018 ar aghaidh
2.8	Cúrsa creidiúnaithe iarchéime a chur ar fáil chun tacú le múineadh na Matamaitice i mbunscoileanna	Breithniú ar chláir iarchéime a thabhairt isteach do mhúinteoirí bunscóile a dhíreoidh ar an Matamaitic, bunaithe ar an múnla iarchéime iar-bhunscoile atá ann cheana féin.	2018 ar aghaidh
2.9	A chinntiú go mbíonn dóthain meicníochtaí dearbhaithe cáilíochta ann do chúrsaí FGL do mhúinteoirí faoi mar a fhoráiltear dó in Acht na Comhairle Múinteoireachta	Leanúint de dhearbhu cáilíochta a dhéanamh ar dheiseanna foghlama gairmiúla múinteoirí agus ar na hábhair acmhainní iomchuí, agus aird á tabhairt ar Cosán, an creat náisiúnta um foghlaim múinteoirí.	Ar lean
		A chinntiú go mbeidh rannpháirtíocht i gcontanam oideachais fad saoil do mhúinteoirí ina riachtanas do mhúinteoirí cláraithe.	Ar lean

Colún 3: Cumas lucht ceannaireachta na scoile a neartú

Colún 3	Cuspóir Bunaidh 2011	Gníomhartha Breise Mionsonraithe	Dáta táscach
3.1	Tacú le ceannairí i suíomhanna COLÓ i leith thosaíochta na bpeirspictíochtaí oideachasúla san oideachas sna luathbhlianta a mhéadú	Tacú le ceannairí i suíomhanna COLÓ an creachuraclam náisiúnta <i>Aistear</i> a chur i bhfeidhm agus an t-eispéireas foghlama a fheabhsú, trí FGL a chur ar siúl in <i>Aistear</i> agus <i>Síolta</i> tríd an tionscnamh <i>Síolta/Aistear</i> .	2017
		Tacú le ceannairí i suíomhanna COLÓ chun an féin-athbhreithniú struchtúrtha a dhéanamh ina chuid de chleachtas COLÓ, agus béim ar leith á cur ar fhorbairt litearthachta agus uimhearthachta bunaithe ar chreat <i>Aistear</i> .	2017 ar aghaidh
3.2	Feabhas a chur ar thuiscint phríomhoidí agus phríomhoidí tánaisteacha ar na cuir chuige is éifeachtaí chun feabhas a chur ar mhúineadh na litearthachta agus an úsáid a bhaintear as measúnú chun tacú leis	Le deiseanna foghlama gairmiúla do phríomhoidí agus do phríomhoidí tánaisteacha, déanfar forbairt agus feabhsú ar a scileanna maidir le ceannasaíocht a thabhairt do thionscnaimh a bhaineann le huimhearthacht, Gaeilge agus litearthacht dhigiteach agus úsáid as measúnú chun tacú leis ina scoileanna.	2018
		Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí ar féidir le scoileanna tacaíocht a thabhairt do cheannairí foghlama chun tosaíocht a thabhairt don litearthacht agus don uimhearthacht, go háirithe trí Fhéinmheastóireacht Scoile	2018 ar aghaidh

Colún 4: Feabhas a chur ar an gcuraclam agus ar an eispéireas foghlama			
Colún 4	Cuspóir Bunaidh 2011	Gníomhartha Breise Mionsonraithe	Dáta táscach
4.1	Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas curaclaim i suíomhanna COLÓ thar thréimhse ama	Tacaíocht a thabhairt do chleachtóirí agus do mhúinteoirí COLÓ in ionaid Tús Luaith trí chreachuraclam Aistear a chur i bhfeidhm go cuimsitheach agus cleachtas athmhachnaimh a thógáil thart ar a gcuid oibre, forbairt luathscileanna litearthachta agus uimhearthachta go háirithe. Cabhróidh cigireachtaí Luathbhlianta leis seo.	2017-2020
		Feabhas a chur ar an gcaidreamh idir réamhscoileanna agus bunscoileanna, na teimpléid tuairiscithe atá á bhforbairt don aistriú eatarthusan a chríochnú.	2018
4.2	Tionchar na Straitéise ar churaclam na bunscoile trí chéile a neartú a thuilleadh	A chinntiú go dtugtar tús áite don uimhearthacht, sa chiall is leithne di, i ngach forbairt ar an gcuraclam i mbunscoileanna.	2020
		Breithniú ar conas an uimhearthacht a neartú a thuilleadh i mbunscoileanna trí: <ul style="list-style-type: none"> athfhorbairt a dhéanamh ar churaclam Matamaitice na bunscoile le go n-áireofar códú agus TFC ann, ag tosú leis an gcuraclam do na ranganna sóisearacha an uimhearthacht a chomhtháthú tríd an gcuraclam ar fad, le tacaíocht ó ábhair acmhainne teagaisc ar líne 	2020
		Athbhreithniú ar an struchtúr agus ar an leithdháileadh ama sa churaclam bunscoile, lena chinntiú go bhfreastalaíonn an leithdháileadh sin ar riachtanais na bhfoghlaiméoirí. Áireofar leis seo: <ul style="list-style-type: none"> an leithdháileadh ama don Mhatamaitic a bhreithniú a chinntiú go mbainfear amach an leithdháileadh ama don Ghaeilge agus an bhéim ar litearthacht inti meon na leanaí i leith na foghlama a chur san áireamh 	2020
		Clár comhtháite a fhorbairt do mhúineadh na Gaeilge i rang 3-6 i scoileanna ina múintear trí mheán an Bhéarla.	2020
		Treoirínte sonracha agus acmhainní a fhorbairt chun gnóthachtáil buachaillí sa léitheoireacht agus cailíní sa Mhatamaitic a neartú	2017-2020

Colún 4: Feabhas a chur ar an gcuraclam agus ar an eispéireas foghlama			
Colún 4	Cuspóir Bunaidh 2011	Gníomhartha Breise Mionsonraithe	Dáta táscach
		Úsáid as idirghabhálacha fianaise-bhunaithe a chur chun cinn dóibhsean a bhfuil deacrachtaí acu leis an léitheoireacht, amhail mar shampla, <i>Effective Interventions for Struggling Readers</i> , Treoir maidir le Dea-chleachtas agus Pacáiste Acmhainne/ <i>Straitéisí Molta le haghaidh Feabhsúchán Deacrachtaí sa Léitheoireacht</i> .	2017 ar aghaidh
		Litearthacht dhigiteach a chomhtháthú i ngach gné den fhoghlaim de réir na <i>Straitéise Dhigití do Scoileanna, 2015-2020</i> .	2020
4.3	Tacaíocht churaclaim don litearthacht agus don uimhearthacht in iar-bhunscoileanna a neartú a thuilleadh	A chinntiú go ndéantar dea-chleachtas i leith scileanna uimhearthachta agus litearthachta (scileanna réasúnaíochta agus fadhbraitigh san áireamh) agus scileanna litearthachta digití atá sonracha don ábhar a leabú i ngach sonraíocht athbhreithnithe sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach agus go gcuirtear béim ar an gcur chuige seo i bhfoghlaim ghairmiúil múinteoirí chun tacú leo.	2017-2020
		Sonraíochtaí ábhair a chríochnú don Ghaeilge d'fhoghlaiméoirí i scoileanna ina múintear trí mheán an Bhéarla agus i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge sa tSraith Shóisearach.	2017-2020
		Tús a chur leis an athbhreithniú ar fheidhmiú churaclaim leasaithe Matamaitice na n-iar-bhunscoileanna agus é a úsáid mar threoir don athbhreithniú ar Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí do 2018.	2017-2018
		Measúnú foirmitheach a chur chun cinn trí athruithe ar an gcuraclam, lena n-áirítear measúnú a dhíríonn ar litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú agus a chabhraíonn chun straitéisí múinteoireachta agus foghlama iomchuí a aithint leis an méid sin a chur i gcrích.	2017-20
		Litearthacht dhigiteach a chomhtháthú i ngach gné den fhoghlaim de réir na <i>Straitéise Dhigití do Scoileanna, 2015-2020</i> .	2020
		Féachaint ar roghanna, i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Ráiteas um Beartas Oideachais STEM, le haghaidh bealach chun aitheantas a thabhairt do rannpháirtíocht in imeachtaí agus i ngníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla STEM (seach-churaclaim) isteach i gcuraclam agus measúnú STEM ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile.	2017 ar aghaidh

Colún 5: Cabhrú le scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu barr a gcumais a bhaint amach

Colún 5	Cuspóir Bunaidh 2011	Gníomhartha Breise Mionsonraithe	Dáta táscach
5.1	Leanúint de thacaíocht a thabhairt do sholáthar feabhsaithe litearthachta agus uimhearthachta do scoláirí ó chútraí ina bhfuil míbhuntáiste sóisialta, eacnamaíoch agus oideachais	Iníúchadh a dhéanamh ar conas dul i ngleic le míbhuntáiste socheacnamaíoch i suíomhanna COLÓ, lena n-áirítear bealaí chun teanga labhartha, litearthacht luath agus Matamaitic luath na leanaí a fheabhsú.	2017 ar aghaidh
		<i>Plean DEIS 2017</i> nua a chur i bhfeidhm chun an t-eispéireas foghlama, torthaí foghlama agus dul chun cinn iadsan atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil a fheabhsú.	2017 ar aghaidh
		Leanúint d'anailís a dhéanamh ar ghnóthachtáil i léitheoireacht an Bhéarla agus sa Mhatamaitic i scoileanna a bhfuil stádas DEIS/SSP acu mar chuid de Mheasúnachtaí Náisiúnta ar an Matamaitic agus Léitheoireacht an Bhéarla. Ba cheart líon na scoileanna a dhéantar a shamplú a mhéadú d'fhonn iontaofacht na sonraí a fheabhsú.	2018
5.2	Athchothromú a dhéanamh ar na tacaí a dhéantar chun déileáil le riachtanais foghlama litearthachta agus uimhearthachta scoláirí EAL	Ba cheart soláthar EAL ar an dara leibhéal a athbhreithniú agus bailiú sonraí a neartú, i gcomhréir le cur i bhfeidhm an <i>Phlean DEIS 2017</i>	2017
5.3	Imeallú a laghdú trí bhéim a chur arís ar scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, scoláirí sárchumasacha san áireamh	Tacú le leibhéil rannpháirtíochta leanaí le riachtanais speisialta oideachais i soláthar stát-mhaoinithe COLÓ, i gcomhréir le AIM leibhéal-7 (Múnla um Rochtain agus Cuimsitheacht) a d'fhoilsigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige in 2015.	2016-2018
		Feabhas a chur ar acmhainneacht na scoileanna faisnéis mheasúnachta a úsáid a thabharfaidh treoir maidir le hidirghabhálacha chun tacú le leanaí i scoileanna agus chun tacú le cur i bhfeidhm an mhúnla nua atá beartaithe i gcomhair leithdháileadh acmhainní breise teagaisc.	2017-2020
		Treoirínite a chur ar fáil do mhúinteoirí maidir le torthaí foghlama a bhaint amach do scoláirí i gcomhthéacsanna éagsúla oideachais. Is múnla áisiúil é an tAonad Tosaíochta Foghlama (PLU) ag Sraith Shóisearach Leibhéal 1 agus 2	2018-2019
		Tacaíocht leanúnach a thabhairt do scoileanna maidir le húsáid TFC do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu	2017 ar aghaidh
		Treoirínite náisiúnta a chur ar fáil chun tacú le riachtanais scoláirí sárchumasacha, le béim ar leith ar a scoileanna litearthachta agus uimhearthachta.	2018-2019

Colún 5: Cabhrú le scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu barr a gcumais a bhaint amach

Colún 5	Cuspóir Bunaidh 2011	Gníomhartha Breise Mionsonraithe	Dáta táscach
5.4	Feabhas a chur ar cháilíocht an tsoláthair litearthachta agus uimhearthachta in ionaid Ógtheagmhála agus oiliúna pobail (IOP)	FGL a chur ar fáil don fhoireann in ionaid Ógtheagmhála agus Oiliúna Pobail, mar a beartaíodh sa <i>Straitéis Breisoideachais agus Breisoiliúna 2014 - 2019 201</i>	2017 ar aghaidh
		Comhoibriú agus comhroinnt dea-chleachtas i measc soláthraithe FGL do iar-bhunscoileanna agus na soláthraithe d'Ógtheagmháil agus IOPanna, ag cuimhneamh i gcónaí ar riachtanais éagsúla na bhfoghlaimoirí.	2017 ar aghaidh
5.5	Tuiscint níos fearr a chur chun cinn ar ról na teiripe urlabhra agus teanga maidir le tacaíocht a thabhairt do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais	Iarracht a dhéanamh FGL a thabhairt isteach a bheidh dírithe ar na naisc idir urlabhra, teanga, agus riachtanais chumarsáide agus ar rannpháirtíocht oideachasúil scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.	2018 ar aghaidh

Colún 6: Feabhas a chur ar an measúnú agus ar an meastóireacht chun tacú le foghlaim níos fearr sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Colún 6	Cuspóir Bunaidh 2011	Gníomhartha Breise Mionsonraithe	Dáta táscach
6.1	Feabhas a chur ar chumas múinteoirí agus chleachtóirí COLÓ cuir chuige agus sonraí measúnachta a úsáid	Feabhas a chur ar cleachtas measúnachta trí leasuithe ar an gcuraclam agus ar FGL sna luathbhlianta agus ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile.	2017-2020
6.2	Feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as faisnéis mheasúnachta chun tacú le cáilíocht níos fearr i dteagasc agus foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta do scoláirí aonair	Foirm thuairiscithe agus threorach nua a fhorbairt chun tacú leis an aistriú ó COLÓ go dtí an bhunscoil lena n-áirítear eolas ar mhéin agus riachtanais foghlama na leanaí.	2018
		Tacaíochtaí a chur ar fáil do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna faoi conas úsáid a bhaint as an bhfaisnéis ón gcéim oideachais roimhe sin chun an tacaíocht is fearr a thabhairt d'fhoghlaim leanaí, faoi threoir aiseolais ó eispéireas an úsáideora.	Ar lean
		Sonraí measúnachta iomchuí, ar cabhair iad don fhoghlaim, a chur ar fáil, trí thuairisciú, do thuismitheoirí agus iad a bheith sothuigthe dóibh, go háirithe ag céimeanna tábhachtacha aistrithe.	2017-2020

Colún 6: Feabhas a chur ar an measúnú agus ar an meastóireacht chun tacú le foghlaim níos fearr sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Colún 6	Cuspóir Bunaidh 2011	Gníomhartha Breise Mionsonraithe	Dáta táscach
		Measúnú le tacaíocht teicneolaíochta a chur chun cinn, i gcomhréir leis an <i>Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020</i> .	2017-2020
		Féachaint ar thástálacha caighdeánacha sa Bhéarla a shrianadh do rang a 4 agus a 6 i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge d'fhonn tacaíocht níos fearr a thabhairt do dheiseanna luath-thumoideachais na Gaeilge.	2018
		Féachaint ar cé chomh minic a bhíonn ar bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla tástálacha caighdeánaithe sa Ghaeilge a chur ar siúl i rang a 4 agus a 6. Ní gá do bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla tástálacha caighdeánaithe sa Ghaeilge a chur ar siúl faoi láthair.	2020
		Tabhairt isteach na tástála caighdeánaithe sa tSraith Shóisearach a chur siar, chun go bhféadfar measúnuithe scoil-bhunaithe ar theagasc agus foghlaim a chomhtháthú níos fearr.	2017-2020
		Ionstraimí tástála caighdeánaithe a nuashonrú ar bhonn rialta agus i gcomhréir le noirm Éireannacha.	2019
		FGL leanúnach a chur ar fáil do phríomhoidí agus do mhúinteoirí in úsáid iomchuí agus riar torthaí tástálacha caighdeánaithe ag leibhéal na bunscoile.	2018-2020
		FGL leanúnach a chur ar fáil do phríomhoidí agus do mhúinteoirí iarbhunscoile in úsáid iomchuí na faisnéise ó thástálacha caighdeánaithe bunscoile.	2018 ar aghaidh
		Iníúchadh a dhéanamh ar úsáid a bhaint as TFC agus í a éascú do mheasúnú foirmitheach agus suimitheach.	2017-2020
6.3	Féinmheastóireacht scoile agus cigireacht sheachtrach a úsáid le feabhas a chur ar ghnóthachtáil sa litearthacht agus san uimhearthacht	A chinntiú go gcuirtear tuairiscí ábhartha féinmheastóireachta agus pleananna feabhsúcháin scoile agus tuairiscí ábhartha eile ar fáil do thuismitheoirí ar bhealach ina mbeidh rochtain acu orthu agus i bhformáid a bheidh sothuigthe dóibh.	2017-2018

BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
CNC	An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
CNCM	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
COGG	An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
COLÓ	Cúram agus Oideachas Luathóige
CSS	Coimisiún na Scrúduithe Stáit
DEIS	Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (Clár na Roinne Oideachais agus Scileanna chun tacú le foghlaimeoirí i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste)
EAL	Béarla mar Theanga Bhreise
ECFE	An Eagraíocht um Chomhar agus um Fhorbairt Eacnamaíochta
ECFE	An Eagraíocht um Chomhar agus um Fhorbairt Eacnamaíochta
EPI*STEM	Lárionad Náisiúnta d'Oideachas STEM (ar a nglaoití tráth an Lárionad Náisiúnta um Fheabhas i Múineadh agus Foghlaim sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht)
ESOL	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
FET	Breisoideachas agus Breisoiliúint
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
FMS	Féinmheastóireacht Scoile
FTO	Foras Taighde ar Oideachas
GLD	Míchumas Foghlama Ginearálta
HSCL	Teagmháil Baile, Scoile agus an Phobail
IDG	Grúpa Idir-Rannach
IEA	Cumann Idirnáisiúnta um Meastóireacht ar an nGnóthachtáil Oideachais
IOP	Ionad Oiliúna Pobail
IPPN	Líonra Príomhoidí Bunscoileanna na hÉireann
ISS	Seirbhís Tacaíochta Cuimsithe arna bunú laistigh den Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) i bhFeabhra 2015. Tá sé i gceist go mbeidh An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS), An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (NBSS), agus An tSeirbhís Múinteoirí Cuairte mar chuid den tseirbhís nuair a bheidh sí ag feidhmiú.
ISSU	Aontas na Mac Léinn Iar-Bhunscoile
JCPA	Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí
JCSP	Clár Scoileanna na Sraithe Sóisearaí
JCT	An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
LGMA	An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
MDT	Foireann Forbartha Mata
MNC	Múinteoir Nuacháilithe
NABMSE	Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta
NAERM	Measúnachtaí Náisiúnta ar an Matamaitic agus Léitheoireacht an Bhéarla

AGUISÍN 1 - GIORRÚCHÁIN

NALA	Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta do Aosaigh
NAPD	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteachta
NBSS	An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta
NCSE	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
NEPS	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
NIPT	An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí
NPC-P	An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse
NPC-P	An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Iarbhunscóil
OL	Ollscoil Luimnigh
OTM	Oiliúint Tosaigh Múinteoirí
PIAAC	Clár don Mheasúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach
PIRLS	Staidéar Litearthachta um an Dul Chun Cinn sa Léitheoireacht Idirnáisiúnta (staidéar idirnáisiúnta ar litearthacht léitheoireachta atá á dhéanamh faoi choimirce an IEA)
PISA	Clár um Measúnacht Idirnáisiúnta ar Scoláirí (staidéar idirnáisiúnta ar an léitheoireacht, an Mhatamaitic agus an litearthacht eolaíoch atá á dhéanamh faoi choimirce an ECFE)
PLU	Aonad Tacaíochta Tosaíochta
QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
RLGÓ	Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
ROS	Roinn Oideachais agus Scileanna
RTPPRÁ	Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
SEN	Riachtanais Oideachais Speisialta
SESS	An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta
SFGM	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
SIP	Plean Feabhsúcháin Scoile
STen	Tástálacha caighdeánaithe a úsáideann scór STen (caighdeán deich)
T1	An príomhtheanga theagaisc (mar shampla, is tagairt é Gaeilge mar T1 do mhúineadh na Gaeilge mar chéad teanga, nó a húsáid mar mheán teagaisc i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge)
T2	Teanga a mhúintear mar dara teanga (mar shampla, an Ghaeilge mar T2 i scoileanna ina múintear trí mheán an Bhéarla)
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
TIMSS	Treochtaí sa Staidéar Matamaitice agus Eolaíochta Idirnáisiúnta (staidéar idirnáisiúnta ar ghnóthachtáil na Matamaitice agus eolaíochta atá déanta faoi choimirce an IEA)

AGUISÍN 2 – EAGRAÍOCHTAÍ A CHUIR AIGHNEACHTAÍ ISTEACH MAR CHUID DEN ATHBHREITHNIÚ EATRAMHACH

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS)
Aontas – An Eagraíocht Náisiúnta um Fhoghlaim Aosach
Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI)
Cumann na nIonad Oideachais do Mhúinteoirí in Éirinn (ATECI)
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ)
Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS)
Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO)
Foras Taighde ar Oideachas (FTO)
Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)
Líonra Príomhoidí Bunscoileanna na hÉireann (IPPN)
Aontas na Mac Léinn Iar Bhunscoile (ISSU)
An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT)
Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (LCETB)
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) Forbairt Leabharlanna
Coláiste Breisoideachais Marino - Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM)
Coláiste Mhuire Gan Smál - Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM)
Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta do Aosaigh (NALA)
Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta (NABMSE)
Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteachta (NAPD)
An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (NBSS)
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)
An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse (NPC-P)
Ollscoil na hÉireann - Gaillimh (Oll É-G Gaeilge) Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM)
Ollscoil na hÉireann - Gaillimh (Oll É-G) Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM)
An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)
An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS)
Coláiste Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (Coláiste Phádraig Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath - Litearthacht) Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM)
Coláiste Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (Coláiste Phádraig Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath - Uimhearhacht) Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM)
Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS)
Aontas Múinteoirí Éireann (TUI)
An Chomhairle Mhúinteoireachta
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) - Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM)
Ógtheagmháil

**AGUISÍN 3 – BALLRAÍOCHT AN GHRÚPA CHOMHAIRLIGH UM FHORFHEIDHMIÚ
LITEARTHACHTA AGUS UIMHEARTHACHTA**

Seán Ó Foghlú, Ard-Rúnaí, an Roinn Oideachais agus Scileanna
Ard-Rúnaí, Príomhchigire, an Roinn Oideachais agus Scileanna
Gary Ó Donnchadha, Rúnaí Cúnta, an Roinn Oideachais agus Scileanna
Gerry Shiel, Ánra Taighde, Foras Taighde ar Oideachas
Peter Archer, Príomhfheidhmeannach, Foras Taighde ar Oideachas
Sean Delaney, Léachtóir Sinsearach, Institiúid Oideachais Marino
John Hammond, Príomhfheidhmeannach Gníomhach, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
John O'Donoghue, Ollamh Emeritus, Matamaitic agus iarStiúrthóir EPI-STEM (NCE-MSTL), Ollscoil Luimnigh
Deborah Frost, Foireann um Chaighdeáin agus Feabhsúcháin, Feidhmeannacht um Cháilíochtaí agus Caighdeáin, Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann
Brian Murphy, Léachtóir Sinsearach, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
Aidan Farrell, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Jim Rose, iarChigire agus iarStiúrthóir Cigireachta na Banríona don <i>Office for Standards in Education (OFSTED)</i>
Laura Slevin, Cúram agus Oideachas Luathóige, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Tomás Ó Ruairc, Stiúrthóir, An Chomhairle Mhúinteoireachta
Suzanne Dillon, Príomhchigire Cúnta, an Roinn Oideachais agus Scileanna
Aoife Conduit, Príomhoifigeach, an tAonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta, an Roinn Oideachais agus Scileanna
Eddie Ward, Príomhoifigeach, an Rannóg um Oideachas Múinteoirí, an Roinn Oideachais agus Scileanna
Mary Nugent, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, an Roinn Oideachais agus Scileanna.
Phil O'Flaherty, Príomhoifigeach, Breisoideachas, an Roinn Oideachais agus Scileanna.
Breda Naughton, Príomhoifigeach, an tAonad Beartas um Churaclam agus Measúnacht, an Roinn Oideachais agus Scileanna

TUISMITHEOIRÍ AGUS POBAIL

TEAGASC

CEANNAIREACHT

CURACLAM

DUL I NGLAIC LE MÍBHUNTAÍSTE

OIDEACHASÚIL

MEASÚNÚ AGUS MEASTÓIREACHT



AN ROINN DEPARTEMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS